# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1695 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Lúnasa 2023**

**maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 5(11) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 2016/919 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STI) a bhaineann le fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (CCS).

(2) De bhun Airteagal 3(5), pointí (b) agus (f) de Chinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ([3]) ón gCoimisiún, tá athbhreithniú le déanamh ar STInna chun forbairtí ar chóras iarnróid an Aontais agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara a chur san áireamh, agus chun tagairtí do chaighdeáin a thabhairt cothrom le dáta.

(3) An 24 Eanáir 2020, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), d'iarr an Coimisiún ar Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (an 'Ghníomhaireacht') moltaí a ullmhú lena gcuirtear rogha cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagail 3 agus 7 de Chinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 chun feidhme.

(4) An 30 Meitheamh 2022, d'eisigh an Ghníomhaireacht moladh maidir leis na fochórais CCS (ERA-REC-1175-1218-2022/REC). Tá an Rialachán seo bunaithe ar an moladh sin.

(5) Ba cheart an creat reatha rialála a nuachóiriú chun feidhmiúlachtaí nua a bhaineann le digitiú na ngréasán iarnróid a chumasú. Ba cheart éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht lasta iarnróid a fheabhsú trí chomhchuibhiú breise a dhéanamh ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus trí ERTMS a chur in úsáid ar bhealach níos leithne agus níos córasaí ar fud an Aontais, go háirithe ar ghréasán tras-Eorpach iompair.

(6) Leis na feidhmiúlachtaí nua a bhaineann le digitiú na ngréasán iarnróid agus a sainaithníodh i dTuarascáil na Gníomhaireachta ina bhfuil Ionchas níos fadtéarmaí i dtaca le ERTMS, bhí gá leis an STI maidir le fochórais CCS a thabhairt cothrom le dáta. Is iad na teicneolaíochtaí nua sin a d'iarr an earnáil iarnróid, chomh maith, An Córas Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid (FRMCS), oibríochtaí uathoibrithe traenach, ardchórais suite traenach, agus cúplóirí uathoibríocha digiteacha.

(7) Dá bhrí sin, cuirtear ar fáil san athbhreithniú seo sonraíochtaí iomlána le haghaidh oibríochtaí uathoibrithe traenach (Grád Oibríochtaí 2) agus le haghaidh comhéadan le FRMCS, ar sonraíochtaí iad a bhí ar fáil. Ní raibh fáil go fóill ar shonraíochtaí iomlána maidir le FRMCS, maidir le hardchórais suite traenach, agus maidir le cúplóirí uathoibríocha digiteacha mar gheall ar an ngá atá le tuilleadh forbartha.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1).

([3]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuspóirí sonracha le haghaidh sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (IO L 210, 15.8.2017, lch. 5).

([4]) Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).

(8) Chun bheith cothrom le dáta leis an dul chun cinn teicneolaíoch, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le réitigh nuálacha, ar réitigh iad nach gcomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó nach féidir na modhanna measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm ina leith. Ba cheart réitigh nuálacha den sórt sin, go háirithe réitigh a thagann ó Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa (ERJU), a chur chun cinn agus ba cheart, faoi choinníollacha áirithe, cur chun feidhme deonach na réiteach sin a cheadú. Chun na críche sin is iomchuí próiseas atá comhchuibhithe do na Ballstáit go léir a chur ar fáil chun réitigh nuálacha den sórt sin a bhailíochtú lena gcur chun feidhme go deonach.

(9) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 ([5]) bunaítear na coinníollacha comhchuibhithe maidir le speictream raidió a bheith ar fáil agus úsáid a bhaint as le haghaidh Raidió Móibíleach Iarnróid (RMR). Ceanglaítear ar na Ballstáit na minicíochtaí sin chun pleanáil a dhéanamh maidir le FRMCS a chur in úsáid.

(10) Is é an Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS) an príomhchóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht a úsáidtear mar chuid den ERTMS. Chun ETCS a oiriúnú do riachtanais nuashonraithe na hearnála iarnróid, tugtar isteach dhá leagan córais nua d'ETCS (leagan córais 2.2 agus leagan córais 3.0) sa nuashonrú is déanaí ar ETCS, i.e. Bonnlíne 4 agus tá na leaganacha sin san áireamh san athbhreithniú seo. Tá an leagan córais 2.2 comhoiriúnach go hiomlán do leaganacha níos luaithe den chóras. Níl an leagan córais 3.0 comhoiriúnach toisc go n-áirítear ann feidhmiúlachtaí, a theastaíonn ar bord nuair a chuirtear chun feidhme taobh riain iad.

(11) Chun ERTMS a chomhchuibhiú a thuilleadh, soláthraítear leis an athbhreithniú seo córas nua aistrithe agus ascnaimh chomhleanúnach, áirithítear leis nós imeachta láidir chun earráidí i sonraíochtaí a cheartú, laghdaítear leis an raon feidhme maidir le comhlíonadh páirteach, agus cuirtear deireadh leis de réir a chéile leis an ngá atá le seiceálacha comhoiriúnachta.

(12) Rinneadh an córas aistrithe agus ascnaimh nua a fhorbairt chun creat comhsheasmhach a sholáthar chun feidhmiúlachtaí nua a úsáid i ndáil le STI CCS ar an ngréasán iarnróid. Is é is aidhm don chóras seo cothromaíocht a áirithiú idir leasanna na bpáirtithe leasmhara iarnróid, go háirithe bainisteoirí bonneagair agus gnóthais iarnróid.

(13) Ós rud é gur córas casta atá bunaithe ar bhogearraí é ERTMS, ar córas é a éilíonn cothabháil ghníomhach ar shonraíochtaí, ba cheart don Ghníomhaireacht ina cáil mar údarás córais do ERTMS tacú le ceartú earráidí i sonraíochtaí ERTMS. Chun sábháilteacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú, ba cheart an nós imeachta a shonrú chun na ceartúcháin earráidí sin a chur chun feidhme sna comhábhair idir-inoibritheachta agus sna fochórais CCS.

(14) Le comhlíonadh iomlán an STI áirithítear go ndéanfar an Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair a bhaint amach ón taobh teicniúil de. Áirithítear leis feithiclí idir-inoibritheacha agus méadaítear leis luach athúsáide féideartha na bhfeithiclí sin. Measadh ar dtús go raibh gá le comhlíonadh páirteach chun srianta náisiúnta áirithe a chur san áireamh, ach ba cheart raon feidhme na srianta sin a laghdú go suntasach leis an Rialachán seo chun an sprioc thuas a bhaint amach.

(15) Fiú le próiseas deimhnithe rathúil, ní féidir cosc a chur i gcónaí ar theip arís agus arís eile ag aon cheann de na fochórais feidhmiú nó dul i mbun feidhmíochta mar a bhí beartaithe faoi choinníollacha áirithe nuair a idirghníomhaíonn fochóras CCS ar bord le fochóras CCS taobh riain. Dá bhrí sin, ba cheart seiceálacha a dhéanamh chun comhoiriúnacht theicniúil na bhfochóras CCS maidir le réimse úsáide feithicle a léiriú.

(16) Ba cheart a mheas gur beart sealadach iad na seiceálacha sin chun iontaoibh as an gcomhoiriúnacht theicniúil idir na fochórais CCS a mhéadú. Ba cheart do na prionsabail is infheidhme maidir leis na seiceálacha sin a bheith trédhearcach agus ba cheart go n-ullmhófaí leo do thuilleadh comhchuibhithe. Ba cheart tús áite a thabhairt don fhéidearthacht na seiceálacha sin a dhéanamh i saotharlann a sheasann don chumraíocht taobh riain a bheidh le cur ar fáil ag an mbainisteoir bonneagair. Chun na seiceálacha a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart do gach Ballstát comhchuibhiú laistigh dá bhonneagar a chur chun cinn.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1730 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 maidir le húsáid chomhchuibhithe bhandaí minicíochta péireáilte 874,4-880,0 MHz agus 919,4-925,0 MHz agus bhanda minicíochta neamhphéireáilte 1 900-1 910 MHz le haghaidh Raidió Móibíleach Iarnróid (IO L 346, 30.9.2021, lch. 1).

(17) Ba cheart aird a thabhairt ar na bearta is gá chun iontaoibh a mhéadú, chomh luath agus is féidir, as an gcomhoiriúnacht theicniúil idir na haonaid ar bord agus cur chun feidhme éagsúil taobh riain ERTMS agus chun laghdú ar na tástálacha nó na seiceálacha is gá chun comhoiriúnacht theicniúil idir na haonaid ar bord agus cur chun feidhme éagsúil taobh riain ERTMS a chruthú agus chun deireadh a chur leis an tástálacha agus na seiceálacha céanna. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht measúnú a dhéanamh ar na héagsúlachtaí teicniúla bunúsacha agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na céimeanna is gá chun deireadh a chur leis an ngá atá le tástálacha nó seiceálacha chun comhoiriúnacht theicniúil idir na haonaid ar bord agus cur chun feidhme éagsúil taobh riain a chruthú.

(18) Is é is aidhm d'anailís a dhéanamh ar chórais um aimsiú traenacha idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú an chórais iarnróid Eorpaigh a fheabhsú, i gcás ina bhfuil sé indéanta go heacnamaíoch. Cuid den anailís sin is ea córais um aimsiú traenacha nach gcomhlíonann STI a shainaithint ar bhealach trédhearcach.

(19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/919 a aisghairm.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo bunaítear na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STI) a bhaineann le fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (CCS) chóras iarnróid an Aontais.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an STI maidir le fochórais CCS ar bord agus maidir le fochórais CCS taobh riain an chórais iarnróid mar atá sainmhínithe i bpointí 2.3 agus 2.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797. Beidh feidhm ag pointe 7.2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le gach athrú ar fhochóras CCS ar bord atá ann cheana.

2. Ní bheidh feidhm ag an STI maidir le fochórais CCS taobh riain ná le fochórais CCS ar bord an chórais iarnróid arna gcur i mbun seirbhíse cheana féin ar ghréasán iarnróid aon Bhallstáit ina iomláine nó ar chuid den ghréasán sin faoin 28 Meán Fómhair 2023.

3. Mar sin féin, beidh feidhm ag an STI maidir le fochórais CCS taobh riain agus ar bord atá ann cheana agus lena mbaineann ceann de na saintréithe seo a leanas:

(a) tá an fochóras faoi réir athnuachana nó uasghrádaithe i gcomhréir le Caibidil 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) rinneadh réimse úsáide feithicle a leathnú i gcomhréir le hAirteagal 54(3) de Threoir (AE) 2016/797, agus sa chás sin beidh feidhm ag pointe 7.4.2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ach amháin mura léirítear suiteáil ETCS in RINF do na cúig bliana ina dhiaidh sin sa limistéar úsáide nua agus má tá an limistéar teoranta do dhá Bhallstát;

(c) tá an fochóras faoi réir na gceanglas maidir le cothabháil sonraíochta a leagtar amach i bpointe 7.2.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Tá raon feidhme teicniúil agus geografach an STI leagtha amach i bpointe 1.1 agus i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 3*

**Pointí oscailte**

1. Maidir leis na gnéithe a liostaítear mar 'pointí oscailte' i bhFoscríbhinn F d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 a fhíorú, féadfar iad a leagan síos le rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm i mBallstát.

2. Faoin 28 Márta 2024, cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/796, murar cuireadh an fhaisnéis sin in iúl cheana don Ghníomhaireacht nó don Choimisiún de bhun an leagain den Rialachán seo a bhí ann roimhe seo:

(a) na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1;

(b) an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an nós imeachta fíorúcháin atá le déanamh chun na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm;

(c) na comhlachtaí arna n-ainmniú chun an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an nós imeachta fíorúcháin a dhéanamh maidir leis na pointí oscailte.

*Airteagal 4*

**Cásanna sonracha**

1. Maidir le cásanna sonracha atá liostaithe i bpointe 7.7.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, is iad na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 a fhíorú na coinníollacha sin atá leagtha síos i bpointe 7.7.2 d'Iarscríbhinn I nó má tá údar leis, féadfar iad a leagan síos le rialacha náisiúnta atá i bhfeidhm i mBallstát.

2. Faoin 28 Márta 2024, cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na Gníomhaireachta i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/796, murar cuireadh an fhaisnéis sin in iúl cheana don Ghníomhaireacht nó don Choimisiún de bhun an leagain den Rialachán seo a bhí ann roimhe seo:

(a) na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1;

(b) an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an nós imeachta fíorúcháin atá le déanamh chun na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm;

(c) na comhlachtaí arna n-ainmniú chun an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an nós imeachta fíorúcháin a dhéanamh maidir leis na cásanna sonracha.

*Airteagal 5*

**Cur chun feidhme**

1. Áiritheoidh monaróirí agus iarratasóirí ar údarú chun bonneagar a chur i mbun seirbhíse nó chun feithiclí a chur ar an margadh go gcomhlíonfaidh na fochórais dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo agus atá beartaithe a úsáid ar na gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/797 an STI atá leagtha amach in Iarscríbhinn I den Rialachán seo.

2. Áiritheoidh monaróirí agus bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid, nó aon eintiteas eile atá freagrach as an bhfeithicil iarnróid nó as an mbonneagar iarnróid, go gcomhlíonfaidh na fochórais dá dtagraítear in Airteagal 2 na ceanglais cothabhála sonraíochta atá leagtha amach i bpointe 7.2.10 d'Iarscríbhinn I.

3. Áiritheoidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra go ndéanfar deimhnithe atá bunaithe ar Chaibidil 6 d'Iarscríbhinn I den Rialachán seo a eisiúint laistigh dá bhfreagrachtaí maidir le comhábhair idir-inoibritheachta nó maidir le fochórais i gcomhréir le hAirteagal 10 nó 15 de Threoir (AE) 2016/797, faoi seach.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht faoina a bplean náisiúnta cur chun feidhme arna tharraingt suas i gcomhréir le pointe 7.4.4 d'Iarscríbhinn I faoin 15 Meitheamh 2024.

*Airteagal 6*

**Infhaighteacht tháirgí ETCS, ATO agus FRMCS ar bord**

1. Faoin 1 Eanáir 2025, ullmhóidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(a) infhaighteacht tháirgí ETCS ar bord a chomhlíonann sonraíochtaí Bhonnlíne 4 ETCS;

(b) infhaighteacht tháirgí ATO ar bord a chomhlíonann sonraíochtaí Bhonnlíne 1 ATO;

(c) infhaighteacht fhréamhshamhlacha FRMCS ar bord bunaithe ar na dréacht-sonraíochtaí maidir le scaoileadh.

2. Cuirfidh an Coimisiún a thuarascáil faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 51 de Threoir (AE) 2016/797 agus déanfaidh sé bearta iomchuí.

*Airteagal 7*

**Córais Aicme-B**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfanfaidh feidhmiúlacht, feidhmíocht agus comhéadain na gcóras Aicme-B de réir mar a shonraítear iad in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, mura rud é go bhfuil gá le modhnuithe chun earráidí atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de a mhaolú sna córais sin.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht maidir leis na modhnuithe dá dtagraítear i mír 1 agus iarrfaidh siad tuairim theicniúil maidir le comhlíonadh ón nGníomhaireacht de bhun Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/796.

*Airteagal 8*

**Tionscadail atá cistithe ag an Aontas**

1. Tá tacaíocht airgeadais ó chistí an Aontais do chaiteachas a bhaineann le CCS teoranta do chostais incháilithe a bhaineann go díreach le ERTMS taobh riain agus ar bord a shuiteáil nó a uasghrádú, nó a bhaineann leis an ullmhú do chur chun feidhme ERTMS amach anseo, lena n-áirítear córais um aimsiú traenacha a chomhlíonann an Rialachán seo agus córais chomhghlasála.

Le tacaíocht airgeadais ó chistí an Aontais, féadfar tionscadail atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chumhdach freisin lena gcuirfear chun feidhme na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme ERTMS atá ar fáil tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Feithiclí atá faoi réir mhír 1 lena gceanglaítear córais ar bord Aicme B dul i gcúrsaíocht ar bhealaí nach bhfuil feistithe ach le córais Aicme B, féadfar cistí de chuid an Aontais a dheonú dóibh, má úsáidtear roghanna a shonraítear i bpointe 4.2.6.1 (1), (2), agus (3) d'Iarscríbhinn I.

*Airteagal 9*

**Ceartúcháin earráidí**

1. De bhun a róil mar údarás córais do ERTMS faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/796, déanfaidh an Ghníomhaireacht anailís ar gach iarraidh a dhéanfar ar athruithe ar an gcóras. Tabharfaidh sí tosaíocht d'iarrataí ar athruithe a dhéanfaidh sí a aicmiú mar earráidí a d'fhéadfadh cosc a chur ar ghnáthsheirbhís an chórais iarnróid.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht scaoileadh cothabhála ar na sonraíochtaí a sholáthar go tráthrialta arna iarraidh sin don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le cothabháil sonraíochtaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 10*

**An Córas Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid**

I gcás ina mbeidh tuairim eisithe ag an nGníomhaireacht in éineacht leis na dréacht-sonraíochtaí maidir le scaoileadh a bhaineann leis an gCóras Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid (FRMCS), úsáidfidh monaróirí agus luath-fheidhmeoirí na sonraíochtaí sin ina gcuid treoirthionscnamh agus cuirfidh siad an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi gach treoirthionscnamh, agus coinneoidh siad ar an eolas iad faoi dhul chun cinn na dtreoirthionscnamh sin.

*Airteagal 11*

**Réitigh nuálacha**

1. I gcás réitigh nuálacha a éilíonn an dul chun cinn teicneolaíoch agus atá formheasta ag Colún Córasach an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa (ERJU), cuirfidh ERJU réitigh nuálacha faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le faisnéis faoin gcaoi a n-imíonn na réitigh sin ó na forálacha ábhartha den STI seo nó mar a dhéanann siad na forálacha sin a fhorlíonadh.

2. Iarrfaidh an Coimisiún tuairim ar an nGníomhaireacht maidir leis an réiteach nuálach de bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/797.

3. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht, mar údarás córais, tuairim uaithi maidir leis an réiteach nuálach. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar thuairim na Gníomhaireachta agus féadfaidh sé iarraidh ar ERJU na sonraíochtaí feidhmiúla agus comhéadain iomchuí agus an modh measúnaithe a sholáthar, ar gá iad go léir a áireamh sa STI chun gur féidir leas a bhaint as an réiteach nuálach.

4. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an nGníomhaireacht na sonraíochtaí agus na modhanna measúnaithe a chomhtháthú i moladh ERA de bhun Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/797. Go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an STI, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairim a eisiúint in éineacht leis na dréacht-sonraíochtaí maidir le scaoileadh agus modh measúnaithe an réitigh nuálaigh.

*Airteagal 12*

**Comhoiriúnacht ERTMS agus athbhreithnithe amach anseo**

Faoin 28 Márta 2024, cuirfidh bainisteoirí bonneagair faoi bhráid na Gníomhaireachta an sainmhíniú ar na seiceálacha ar chomhoiriúnacht feithiclí don bhonneagar i dtaca leis an gcóras ETCS agus leis an gcóras raidió do na línte atá ann cheana atá feistithe le ERTMS nó GSM-R. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha náisiúnta gaolmhara a aisghairm faoin dáta céanna. Faoin 1 Meitheamh 2024, cuirfidh an Ghníomhaireacht anailís ar fáil don Choimisiún maidir leis an gcaoi a gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na seiceálacha ar an gcomhoiriúnacht theicniúil idir na haonaid ar bord agus cur chun feidhme éagsúil ERTMS taobh riain agus chun comhchuibhiú rialacha innealtóireachta agus oibríochtúla don Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair a bhaint amach.

*Airteagal 13*

**Comhoiriúnacht na gcóras aimsithe traenach**

1. Faoin 31 Nollaig 2024, na Ballstáit a n-oibríonn a mbainisteoirí bonneagair córais um aimsiú traenacha nach gcomhlíonann an rialachán seo, ní mór dóibh cás sonrach a iarraidh agus tabharfaidh siad fógra don Ghníomhaireacht faoi na córais sin tríd an méid seo a leanas a chur in iúl di:

(a) teorainneacha an tsrutha trasnaíochta do chiorcaid rianta lena n-áirítear na modhanna meastóireachta agus coisceas feithicle i gcomhréir le clásal 3.2.2 de ERA/ERTMS/033281 rev 5.0;

(b) teorainneacha réimse maidir le gléasanna áirimh rothaí in ais X, Y, Z lena n-áirítear na modhanna meastóireachta i gcomhréir le clásal 3.2.1 de ERA/ERTMS/033281 rev 5.0;

(c) sna cásanna sonracha maidir le córais um aimsiú traenacha nach gcomhlíonann an rialachán seo ina n-úsáidtear an teimpléad dá dtagraítear in Iarscríbhinn B.1 de ERA/ERTMS 033281 rev 5.0.

2. Faoin 31 Nollaig 2024, cuirfidh na Bainisteoirí Bonneagair ar an eolas faoi theorainneacha/minicíochtaí an tsrutha trasnaíochta is gá a thagann ón mbainistíocht minicíochta do chórais um aimsiú traenacha a chomhlíonann STI mar a shonraítear i ranna 3.2.2.1 go 3.2.2.6 ERA/ERTMS/033281 rev 5.0 do na gréasáin ábhartha. Foilseofar na teorainneacha agus na minicíochtaí sin ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

3. Déanfaidh na Bainisteoirí Bonneagair luachanna na bparaiméadar ábhartha den Chlár Bonneagair a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

4. Agus Cásanna Sonracha á bhfoilsiú faoi Airteagal 13(1), faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na rialacha náisiúnta go léir a bhaineann le comhoiriúnacht do chórais um aimsiú traenacha, ach amháin i gcásanna a chumhdaítear le hAirteagal 13(2)(f) de Threoir (AE) 2016/797 a aisghairm.

5. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfar athscrúdú ar na cásanna sonracha a bhaineann le córais um aimsiú traenacha agus ar na dátaí deiridh comhfhreagracha, d'fhonn idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú an chórais iarnróid Eorpaigh a fheabhsú, i ndáil leis an indéantacht eacnamaíoch.

*Airteagal 14*

**Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

Aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919.

Leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige, áfach, maidir le fochórais arna n-údarú i gcomhréir leis an Rialachán sin nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2.

Leanfaidh caibidlí/táblaí/doiciméid an Rialacháin aisghairthe faoi seach d'fheidhm a bheith acu maidir le fochórais agus comhábhair idir-inoibritheachta a mhéid agus a fhad a sholáthraítear córas aistrithe do na caibidlí/táblaí/doiciméid sin i gcomhréir le Foscríbhinn B a ghabhann le hIarscríbhinn I.

Leanfaidh Bainisteoirí Bonneagair de bheith faoi cheangal ag an oibleagáid fógra a thabhairt faoi shainmhíniú na seiceálacha ar chomhoiriúnacht feithiclí don bhonneagar maidir le córas ETCS agus an córas raidió le haghaidh na línte atá ann cheana ina bhfuil ERTMS nó GSM-R i bhfeidhm de bhun phointe 6.1.2.4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 faoin 16 Eanáir 2020. Maidir le tionscadail ar cuireadh tús leo tar éis an 16 Eanáir 2020 agus roimh theacht i bhfeidhm an rialacháin seo, tabharfaidh bainisteoirí bonneagair fógra faoin bhfaisnéis sin laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin seo.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

*Clár na n-ábhar*

*Leathanach*

1. RÉAMHRÁ ... 391

1.1. **Raon feidhme teicniúil** ... 391

1.2. **Raon feidhme geografach** ... 391

1.3. **Ábhar an STI seo** ... 391

2. SAINMHÍNIÚ AGUS RAON FEIDHME AN FHOCHÓRAIS ... 392

2.1. **Réamhrá** ... 392

2.2. **Raon feidhme** ... 392

2.3. **Leibhéil cur i bhfeidhm taobh riain (ETCS)** ... 393

3. NA CEANGLAIS FHÍOR-RIACHTANACHA MAIDIR LEIS NA FOCHÓRAIS UM RIALÚ AGUS CEANNAS AGUS UM CHOMHARTHAÍOCHT ... 393

3.1. **Ginearálta** ... 393

3.2. **Gnéithe Sonracha den Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht** ... 395

3.2.1. *Sábháilteacht* ... 395

3.2.2. *Iontaofacht agus Infhaighteacht* ... 395

3.2.3. *Comhoiriúnacht Theicniúil* ... 395

3.3. **Ceanglais fhíor-riachtanacha nach gcumhdaítear go díreach leis an STI seo** ... 396

3.3.1. *Sábháilteacht* ... 396

3.3.2. *Sláinte* ... 396

3.3.3. *Cosaint an Chomhshaoil* ... 396

3.3.4. *Comhoiriúnacht Theicniúil* ... 396

3.3.5. *Inrochtaineacht* ... 396

4. SAINTRÉITHRIÚ NA BHFOCHÓRAS ... 397

4.1. **Réamhrá** ... 397

4.1.1. *Paraiméadair bhunúsacha* ... 397

4.1.2. *Forbhreathnú ar na ceanglais* ... 397

4.1.3. *Codanna de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht* ... 398

4.2. **Sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla na bhFochóras** ... 398

4.2.1. *Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht* ... 398

4.2.2. *Feidhmiúlacht ETCS ar bord* ... 400

4.2.3. *Feidhmiúlacht ETCS taobh riain* ... 401

4.2.4. *Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR* ... 402

4.2.5. *Comhéadain aerbhearnaí RMR, ETCS agus ATO* ... 403

4.2.6. *Comhéadain ar Bord laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht* ... 404

4.2.7. *Comhéadain Taobh Riain laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht* ... 406

4.2.8. *Bainistiú Eochracha* ... 407

4.2.9. *Bainistiú ETCS-ID* ... 407
4.2.10. *Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain* ... 407
4.2.11. *Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain* ... 407
4.2.12. *ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)* ... 407
4.2.13. *RMR DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)* ... 407
4.2.14. *Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála* ... 408
4.2.15. *Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain* ... 408
4.2.16. *Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú* ... 408
4.2.17. *ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió* ... 408
4.2.18. *Feidhmiúlacht ATO ar Bord* ... 412
4.2.19. *Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain* ... 413
4.2.20. *Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála* ... 413
4.3. **Sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla na gcomhéadan a ghabhann le Fochórais eile** ... 414
4.3.1. *Comhéadan a ghabhann leis an bhFochóras Oibriúcháin agus Bainistithe Tráchta* ... 414
4.3.2. *Comhéadan leis an bhFochóras Rothstoic* ... 415
4.3.3. *Comhéadain le Bonneagar Fochórais* ... 418
4.3.4. *Comhéadain le Fochóras Fuinnimh* ... 418
4.4. **Rialacha oibriúcháin** ... 418
4.5. **Rialacha cothabhála** ... 418
4.6. **Inniúlachtaí gairmiúla** ... 418
4.7. **Coinníollacha sláinte agus sábháilteachta** ... 419
4.8. **Cláir** ... 419
4.9. **Seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh roimh úsáid feithiclí ceadaithe** ... 419
5. COMHÁBHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA ... 419
5.1. **Sainmhíniú** ... 419
5.2. **Liosta de chomhábhair idir-inoibritheachta** ... 419
5.2.1. *Bun-chomhábhair idir-inoibritheachta* ... 419
5.2.2. *Grúpáil de chomhábhair idir-inoibritheachta* ... 419
5.3. **Feidhmíocht agus sonraíochtaí na gcomhábhar** ... 420
6. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR CHOMHRÉIREACHT AGUS/NÓ OIRIÚNACHT MAIDIR LE HÚSÁID NA GCOMHÁBHAR AGUS FÍORÚ NA BHFOCHÓRAS ... 426
6.1. **Réamhrá** ... 426
6.1.1. *Prionsabail ghinearálta* ... 426
6.1.2. *Prionsabail maidir le tástáil a dhéanamh ar ETCS, ATO agus RMR* ... 427
6.2. **Comhábhair idir-inoibritheachta** ... 427
6.2.1. *Nósanna imeachta um measúnú le haghaidh na gComhábhar Idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht* ... 427
6.2.2. *Modúil le haghaidh na gComhábhar Idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht* ... 428
6.2.3. *Ceanglais maidir le measúnú* ... 428
6.2.4. *Saincheisteanna speisialta* ... 431

6.3. **Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht** ..... 432

6.3.1. *Nósanna imeachta um measúnú le haghaidh Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht* ..... 432

6.3.2. *Modúil le haghaidh Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht* ..... 433

6.3.3. *Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Ar Bord* ..... 433

6.3.4. *Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Taobh Riain* ..... 438

6.4. **Forálacha maidir le measúnú páirteach ar cheanglais STI** ..... 443

6.4.1. *Measúnú ar chodanna d'fhochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht* ..... 443

6.4.2. *Dearbhú idirmheánach maidir le Fíorú* ..... 444

6.5. **Bainistiú earráidí** ..... 444

6.5.1. *A bhfuil i ndeimhnithe CE* ..... 444

6.5.2. *A bhfuil i ndearbhuithe CE* ..... 445

7. RIALÚ AGUS CEANNAS AGUS COMHARTHAÍOCHT STI A CHUR CHUN FEIDHME ..... 445

7.1. **Réamhrá** ..... 445

7.2. **Rialacha atá infheidhme go ginearálta** ..... 445

7.2.1. *Uasghrádú nó athnuachan a dhéanamh ar na Fochórais um Rialú agus Ceannas nó ar chodanna de na Fochórais sin* ..... 445

7.2.2. *Athruithe ar fhochóras Ar Bord atá ann cheana féin* ..... 445

7.2.3. *Uasghrádú nó athnuachan ar an bhfochóras taobh riain atá ann cheana féin* ..... 451

7.2.4. *Deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó deimhniú dearadhscrúdú-CE* ..... 454

7.2.5. *Córais oidhreachta* ..... 455

7.2.6. *Infhaighteacht Mhodúil Tarchurtha Sonracha agus comhéadain Aicme B ar bord* ..... 455

7.2.7. *Trealamh breise Aicme B ar líne atá feistithe le hAicme A* ..... 456

7.2.8. *Feithicil le trealamh Aicme A agus Aicme B* ..... 456

7.2.9. *Coinníollacha maidir le feidhmeanna éigeantacha agus roghnacha* ..... 456

7.2.10. *Cothabháil sonraíochtaí (ceartúcháin earráidí)* ..... 458

7.3. **Rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme RMR** ..... 459

7.3.1. *Suiteálacha taobh riain* ..... 459

7.3.2. *Suiteálacha ar bord* ..... 460

7.4. **Rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme ETCS** ..... 461

7.4.1. *Suiteálacha taobh riain* ..... 461

7.4.2. *Suiteálacha ar bord* ..... 462

7.4.3. *Ceanglais náisiúnta* ..... 464

7.4.4. *Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme* ..... 464

7.5. **Rialacha maidir le seiceálacha comhoiriúnachta idir ETCS agus córas raidió a chur chun feidhme** ..... 466

7.6. **Rialacha sonracha maidir le córais um aimsiú traenacha a chur chun feidhme** ..... 466

7.7. **Cásanna sonracha** ..... 466

7.7.1. *Réamhrá* ..... 466

7.7.2. *Liosta na gcásanna sonracha* ..... 467

*Foscríbhinn A* ..... 478

*Tábla A 1* – **Tagairtí idir paraiméadair bhunúsacha agus sonraíochtaí éigeantacha** ..... 478

*Tábla A 2* – **Liosta na sonraíochtaí éigeantacha** ..... 481

Tábla A 3 – **Liosta na gcaighdeán** ..... 486

Tábla A 4 – **Liosta na gcaighdeán éigeantach le haghaidh saotharlanna creidiúnaithe** ..... 486

*Foscríbhinn B* ..... 487

B1. **Athruithe ar cheanglais agus ar chórais aistrithe le haghaidh Fochóras ar Bord** ..... 487

B2. **Athruithe ar cheanglais agus ar chórais aistrithe le haghaidh Fochóras CCS Taobh Riain** ..... 499

B3. **Athruithe ar cheanglais maidir le Comhábhair Idir-Inoibritheachta agus ar chórais aistrithe le haghaidh Fochóras CCS** ..... 501

*Foscríbhinn C* ..... 503

**Foscríbhinn C.1: Teimpléad de Ráiteas ESC** ..... 504

**Foscríbhinn C.2: Teimpléad de Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-Inoibritheachta** ..... 505

**Foscríbhinn C.3: Teimpléad de Ráiteas RSC** ..... 506

**Foscríbhinn C.4: Teimpléad le haghaidh Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta** ..... 507

**Foscríbhinn C.5: Teimpléad de Ráiteas Comhcheangailte ESC/RSC** ..... 508

**Foscríbhinn C.6: Teimpléad de Ráiteas Comhcheangailte ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-Inoibritheachta** ..... 509

*Foscríbhinn D* ..... 510

*Foscríbhinn E* ..... 511

*Foscríbhinn F* ..... 515

*Foscríbhinn G* ..... 516

*Foscríbhinn H* ..... 518

1. RÉAMHRÁ

## 1.1. **Raon feidhme teicniúil**

Baineann an STI seo leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain.

Tá an STI seo infheidhme maidir le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht taobh riain an ghréasáin iarnróid a shainmhínítear i bpointe 1.2 (Raon feidhme geografach) den STI seo agus tá sé infheidhme maidir le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord na bhfeithiclí a oibrítear (nó atá le hoibriú) air. Tá na feithiclí sin ar cheann de na cineálacha seo a leanas (mar a shainmhínítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797):

(1) innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí, lena n-áirítear aonaid tarraingthe theirmeacha nó leictreacha, traenacha paisinéirí féinghluaiste teirmeacha nó leictreacha, agus carráiste paisinéirí, má tá siad feistithe le cábán an tiománaí;

(2) feithiclí speisialta, amhail meaisíní ar rian, má dhéantar iad a fheistiú le cábán an tiománaí agus má tá sé beartaithe iad a úsáid i modh rite ar a rothaí féin.

Áirítear le liosta na bhfeithiclí na cinn atá saindeartha chun oibriú ar na cineálacha línte ardluais éagsúla a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 1.2 (Raon feidhme geografach).

## 1.2. **Raon feidhme geografach**

Is é raon feidhme geografach an STI seo gréasán an chórais iarnróid uile, mar a dtugtar tuairisc air i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 agus eisiatar leis sin na cásanna maidir le bonneagar dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus (4) de Threoir (AE) 2016/797.

Beidh feidhm ag an STI maidir leis na gréasáin a bhfuil leithid rianta 1 435 mm, 1 520 mm, 1 524 mm, 1 600 mm agus 1 668 mm acu. Ní bheidh feidhm aige, áfach, maidir le línte gearra trasnaithe teorann a bhfuil leithid rianta 1 520 mm acu atá nasctha leis an líonra de thríú tíortha.

## 1.3. **Ábhar an STI seo**

I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Threoir (AE) 2016/797, leis an STI seo:

(1) léirítear a raon feidhme beartaithe – Caibidil 2 (Sainmhíniú agus raon feidhme an fhochórais);

(2) leagtar síos na ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht agus a gcomhéadain i leith fochórais eile – Caibidil 3 (Na Ceanglais Fhíor-riachtanacha maidir leis na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht);

(3) leagtar síos na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla atá le comhlíonadh ag na Fochórais agus a gcomhéadain i leith fochórais eile – Caibidil 4 (Saintréithriú na bhFochóras);

(4) cinntear na comhábhair agus na comhéadain idir-inoibritheachta nach mór a chumhdach le sonraíochtaí Eorpacha, lena n-áirítear caighdeáin Eorpacha, agus atá riachtanach chun idir-inoibritheacht a bhaint amach laistigh de chóras iarnróid an Aontais – Caibidil 5 (Comhábhair idir-inoibritheachta);

(5) luaitear, i ngach cás atá á mheas, na nósanna imeachta atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht nó ar oiriúnacht na gcomhábhar idir-inoibritheachta a úsáid agus ar fhíorú 'CE' na bhfochóras – Caibidil 6 (Measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht agus/nó oiriúnacht maidir le húsáid na gcomhábhar agus fíorú na bhfochóras);

(6) léirítear an straitéis chun an STI seo a chur chun feidhme. – Caibidil 7 (Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht STI a chur chun feidhme);

(7) léirítear na hinniúlachtaí gairmiúla agus na coinníollacha sláinte agus sábháilteachta ag an obair a éilítear don fhoireann atá ag feidhmiú agus ag coinneáil na bhfochóras seo agus a chuireann an STI chun feidhme – Caibidil 4 (Saintréithriú na bhFochóras);

(8) léirítear na forálacha is infheidhme maidir leis na fochórais atá ann faoi láthair, go háirithe i gcás ina ndéantar uasghrádú agus athnuachan agus, sna cásanna sin, obair an mhodhnaithe lena n-éilítear iarratas ar údarú nua don fheithicil nó don fhochóras taobh riain – Caibidil 7 (Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht STI a chur chun feidhme);

(9) léirítear paraiméadair na bhfochóras, a dhéanfaidh an gnóthas iarnróid a sheiceáil, agus na nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm chun seiceáil a dhéanamh ar na paraiméadair sin i ndiaidh údarú chun an fheithicil a chur ar an margadh a sholáthar agus sula n-úsáidtear an fheithicil den chéad uair chun comhoiriúnacht idir na feithiclí agus na bealaí ar a mbeidh siad ag feidhmiú a áirithiú – Caibidil 4 (Saintréithriú na bhFochóras

I gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Threoir (AE) 2016/797, léirítear forálacha le haghaidh cásanna sonracha i gCaibidil 7 (Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht STI a chur chun feidhme).

Leagtar amach sa STI seo freisin, i gCaibidil 4 (Saintréithriú na bhFochóras), na rialacha um oibriú agus cothabháil a bhfuil feidhm acu go sonrach maidir leis an raon feidhme atá tugtha i míreanna 1.1 agus 1.2 thuas.

## 2. SAINMHÍNIÚ AGUS RAON FEIDHME AN FHOCHÓRAIS

### 2.1. **Réamhrá**

Sainmhínítear na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 mar:

(1) Rialú agus ceannas agus comharthaíocht taobh riain mar: 'an trealamh taobh riain uile is gá chun sábháilteacht a áirithiú agus chun bheith i gceannas ar ghluaiseachtaí traenacha atá údaraithe chun bheith ag taisteal ar an líonra agus chun na gluaiseachtaí sin a rialú.';

(2) Rialú agus ceannas agus comharthaíocht ar bord mar 'an trealamh ar bord uile is gá chun sábháilteacht a áirithiú, agus chun bheith i gceannas ar ghluaiseachtaí traenacha atá údaraithe chun bheith ag taisteal ar an líonra agus chun na gluaiseachtaí sin a rialú'.

Is iad seo a leanas saintréithe na bhfochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht:

(1) na feidhmeanna atá fíor-riachtanach le haghaidh rialú sábháilte an tráchta iarnróid, agus atá fíor-riachtanach lena oibriú, lena n-áirítear na feidhmeanna a éilítear le haghaidh modhanna díghrádaithe ([1]);

(2) na comhéadain;

(3) an leibhéal feidhmíochta is gá chun na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh.

### 2.2. **Raon feidhme**

Ní shonraítear le STI Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ach na ceanglais sin is gá chun idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais a áirithiú agus chun comhlíontacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a áirithiú ([2]).

Áirítear na codanna seo a leanas i bhFochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht:

(1) cosaint traenacha;

(2) radachumarsáid ghutha;

(3) radachumarsáid sonraí;

(4) aimsiú traenacha;

(5) uathoibriú traenacha ([3]).

Tá cosaint traenacha (ETCS), radachumarsáid (RMR) agus uathoibriú traenacha (ATO) sa Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS).

Is é is córas um chosaint traenacha Aicme A ná ETCS (An Córas Eorpach um Rialú Traenacha) ([4]) cé gurb é córas raidió Aicme A an RMR (córas um Raidió Móibíleach Iarnróid). Sa STI seo, tá dhá córas raidió Aicme A sa RMR: GSM-R agus FRMCS (an Córas Todhchaíochta um Chumarsáid Mhóibíleach Iarnróid) ar féidir an dá cheann a chur chun feidhme an tráth céanna nó go neamhspleách ar a chéile ([5]).

([1]) Is éard is modhanna díghrádaithe modhanna oibríochta atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar lochtanna. Cuireadh san áireamh iad nuair a ceapadh na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht.

([2]) Faoi láthair, ní shonraítear le STI CCS aon cheanglas idir-inoibritheachta maidir leis na córais chomhghlasála, na crosairí comhréidh agus eilimintí áirithe eile den CCS.

([3]) Sa doiciméad seo, tagraítear leis an téarma ATO do shonraíochtaí ERTMS/ATO, arb ionann iad agus uathoibriú traenacha Aicme A.

([4]) I roinnt doiciméad dá dtagraítear sa STI seo, úsáidtear an téarma 'ERTMS' (an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid) chun córas a léiriú ina bhfuil ETCS, RMR agus ATO agus ina léirítear 'ETCS' mar 'ERMS/ETCS'.

([5]) I gcás ina dtagraítear don dá chóras Aicme A, úsáidtear an téarma córas RMR. I gcás ina ndéantar tagairt do cheann ar leith de na córais Aicme A sin, úsáidtear na téarmaí GSM-R agus FRMCS.

Maidir le haimsiú traenacha, ní shonraítear leis an STI seo ach na ceanglais le haghaidh an chomhéadain le fochórais eile.

Bunaítear an liosta de chórais Aicme B in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Sonraítear na ceanglais a ghabhann leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord i ndáil le córais raidió soghluaiste Aicme A, cosaint traenacha agus uathoibriú traenacha.

Sonraítear na ceanglais a ghabhann leis an bhFochóras Taobh Riain um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht i ndáil le:

(1) líonra raidió Aicme A;

(2) cosaint traenacha Aicme A;

(3) uathoibriú traenacha Aicme A;

(4) ceanglais an chomhéadain maidir le córais um aimsiú traenacha, chun a gcomhoiriúnacht do rothstoc a áirithiú.

Gach Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht, fiú i gcás nach bhfuil sé sonraithe sa STI seo, déanfar measúnú air i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 ón gCoimisiún ([6]).

### 2.3. **Leibhéil cur i bhfeidhm taobh riain (ETCS)**

Sainmhínítear leis na comhéadain a shonraítear leis an STI seo na modhanna ina ndéanfar sonraí a tharchur chuig traenacha, agus (i gcás inarb iomchuí) ó thraenacha. Tugann na sonraíochtaí ETCS dá dtagraítear sa STI seo na leibhéil cur i bhfeidhm ónar féidir le cur chun feidhme taobh riain na modhanna tarchuir lena gcomhlíontar a cheanglais a roghnú.

Sainmhínítear leis an STI seo na ceanglais le haghaidh gach leibhéal cur i bhfeidhm. Chun an sainmhíniú teicniúil ar leibhéil cur i bhfeidhm ETCS a fháil, féach Foscríbhinn A, Tábla A.1, 4.1 c.

## 3. NA CEANGLAIS FHÍOR-RIACHTANACHA MAIDIR LEIS NA FOCHÓRAIS UM RIALÚ AGUS CEANNAS AGUS UM CHOMHARTHAÍOCHT

### 3.1. **Ginearálta**

Éilítear le Treoir (AE) 2016/797 go gcomhlíonann na fochórais agus na comhábhair idir-inoibritheachta lena n-áirítear comhéadain na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i dtéarmaí ginearálta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

Is iad seo a leanas na ceanglais fhíor-riachtanacha:

(1) Sábháilteacht;

(2) Iontaofacht agus Infhaighteacht;

(3) Sláinte;

(4) Cosaint an Chomhshaoil;

(5) Comhoiriúnacht theicniúil;

(6) Inrochtaineacht.

Tugtar tuairisc ar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le córais Aicme A i dTábla 3.1.

Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B.

Léirítear sa tábla seo a leanas na ceanglais fhíor-riachtanacha, mar a leagtar amach iad agus mar atá siad uimhrithe in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797, a cuireadh san áireamh leis na paraiméadair bhunúsacha a shainmhínítear i gCaibidil 4 den STI seo.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2013 maidir leis an modh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht agus measúnú riosca a dhéanamh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 352/2009 (IO L 121, 3.5.2013, lch. 8).

*Tábla 3.1.*

**An gaol idir Ceanglais Fhíor-riachtanacha agus na Paraiméadair Bhunúsacha**

| Pointe an Pharaiméadair Bhunúsaigh | Teideal an Pharaiméadair Bhunúsaigh | Sábháilteacht | Iontaofacht agus Infhaighteacht | Sláinte | Cosaint an chomhshaoil | Comhoiriúnacht theicniúil |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.2.1 | Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht | 1.1.1<br>1.1.3<br>2.3.1 | 1.2 | | | |
| 4.2.2 | Feidhmiúlacht ETCS ar bord | 1.1.1 | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.3 | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain | 1.1.1 | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.4 | Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR | | | | 1.4.3 | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.5 | Comhéadain aerbhearnaí RMR, ETCS agus ATO | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.6 | Comhéadain ar Bord laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.7 | Comhéadain Taobh Riain laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.8 | Bainistiú Eochracha | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.9 | Bainistiú ETCS-ID | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.10 | Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.11 | Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | | | | 1.4.3 | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.12 | ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.13 | RMR DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.14 | Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála | 1.1.1 | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.15 | Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.16 | Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú | 1.1.3<br>1.1.4 | | 1.3.2 | 1.4.2 | |
| 4.2.17 | ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.18 | Feidhmiúlacht ATO ar Bord | | | | | 1.5<br>2.3.2 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.2.19 | Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain | | | | | 1.5<br>2.3.2 |
| 4.2.20 | Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála | 1.1.5<br>1.1.1 | | | | |

3.2. **Gnéithe Sonracha den Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht**

3.2.1. *Sábháilteacht*

Déanfaidh gach tionscadal de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht na bearta is gá chun a áirithiú nach bhfuil an leibhéal riosca go dtarlóidh earráid faoi raon feidhme na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht, níos airde ná cuspóir na seirbhíse.

Chun a áirithiú nach gcuirfidh na bearta arna ndéanamh chun sábháilteacht a bhaint amach idir-inoibritheacht i mbaol, urramófar na ceanglais maidir leis an bparaiméadar bunúsach a shainmhínítear i bpointe 4.2.1 (Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht).

Cionroinntear an cuspóir sábháilteachta le haghaidh chóras ETCS Aicme A idir na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain. Sonraítear na ceanglais mhionsonraithe sa pharaiméadar bunúsach a shainmhínítear i bpointe 4.2.1 (Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht). Comhlíonfar an ceanglas sábháilteachta sin in éineacht leis na ceanglais infhaighteachta mar a shainmhínítear i bpointe 3.2.2 (Iontaofacht agus Infhaighteacht).

3.2.2. *Iontaofacht agus Infhaighteacht*

Cionroinntear na cuspóirí iontaofachta agus infhaighteachta le haghaidh chóras Aicme A idir na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain. Sonraítear na ceanglais mhionsonraithe sa pharaiméadar bunúsach a shainmhínítear i bpointe 4.2.1 (Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht).

Déanfar faireachán ar leibhéal an riosca de bharr aois agus chaitheamh na gcomhábhar laistigh den fhochóras. Urramófar na ceanglais le haghaidh cothabhála a luaitear i bpointe 4.5.

3.2.3. *Comhoiriúnacht Theicniúil*

Áirítear i gcomhoiriúnacht theicniúil na feidhmeanna, comhéadain agus feidhmíochtaí a éilítear chun idir-inoibritheacht a bhaint amach.

Tá na ceanglais maidir le comhoiriúnacht theicniúil foroinnte sna trí chatagóir seo a leanas:

(1) Leagtar amach leis an gcéad chatagóir na ceanglais innealtóireachta ghinearálta le haghaidh idir-inoibritheachta is é sin dálaí comhshaoil, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach inmheánach (EMC) laistigh de theorainneacha iarnróid, agus suiteáil. Sainmhínítear na ceanglais chomhoiriúnacha sa chaibidil seo.

(2) Tugtar tuairisc sa dara catagóir ar an gcaoi a gcaithfear na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a chur i bhfeidhm go teicniúil agus na feidhmeanna is gá dóibh a dhéanamh chun idir-inoibritheacht a áirithiú. Sainmhínítear an chatagóir sin i gCaibidil 4.

(3) Leis an tríú catagóir, tugtar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil comhéadan déanta idir na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht agus an Fochóras Oibriúcháin agus Bainistithe Trácht a ionas go mbainfear idir-inoibritheacht oibríochtúil amach. Tugtar tuairisc ar an gcatagóir sin i gCaibidil 4.

3.2.3.1. Comhoiriúnacht Innealtóireachta

3.2.3.1.1. *Dálaí comhshaoil fisiceacha*

Beidh trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht in ann oibriú faoi dhálaí aeráide agus fisiceacha, ar saintréithe iad den limistéar ina bhfuil an chuid ábhartha de chóras iarnróid an Aontais suite.

Urramófar ceanglais an pharaiméadair bhunúsaigh 4.2.16 (Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú).

3.2.3.1.2. *Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Inmheánach Iarnróid*

Tugtar tuairisc ar an bparaiméadar bunúsach a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach idir Rothstoc agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain i bpointe 4.2.11 (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain).

## 3.3. **Ceanglais fhíor-riachtanacha nach gcumhdaítear go díreach leis an STI seo**

3.3.1. *Sábháilteacht*

Níl an ceanglas fíor-riachtanach 1.1.2 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 faoi raon feidhme an STI seo.

Cumhdaítear an ceanglas fíor-riachtanach 1.1.4 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 maidir le fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain leis na forálacha Eorpacha agus náisiúnta infheidhme atá i bhfeidhm.

3.3.2. *Sláinte*

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le reachtaíocht náisiúnta atá comhoiriúnach do reachtaíocht an Aontais, beifear cúramach chun a áirithiú nach bhfuil na hábhair a úsáidtear ná dearadh na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ina nguais do shláinte daoine ag a bhfuil rochtain orthu. Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.3.1 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797. Cumhdaítear an ceanglas fíor-riachtanach 1.3.2 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 maidir le fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain leis na forálacha Eorpacha agus náisiúnta infheidhme atá i bhfeidhm.

3.3.3. *Cosaint an Chomhshaoil*

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le reachtaíocht náisiúnta atá comhoiriúnach do reachtaíocht an Aontais:

(1) má tá trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht faoi réir teas iomarcach nó dóiteáin, ní sháróidh sé teorainneacha le haghaidh astaíochtaí múiche nó astaíochtaí gás atá díobhálach don chomhshaol. Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.4.2 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797;

(2) ní bheidh substaintí a d'fhéadfadh an comhshaol a éilliú go neamhghnách le linn a ngnáthúsáide i dtrealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht. Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.4.1 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797;

(3) beidh an trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht faoi réir reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm a rialaíonn na teorainneacha maidir le hastaíochtaí agus soghabháltacht do chur isteach leictreamaighnéadach feadh theorainneacha maoin iarnróid. Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.4.3 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797;

(4) comhlíonfaidh an trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht na rialacháin atá i bhfeidhm cheana maidir le truailliú torainn. Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.4.4 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797;

(5) ní bheidh aon leibhéal neamh-inghlactha de chreathadh sa trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a d'fhéadfadh sláine an bhonneagair a chur i mbaol (i gcás ina bhfuil an bonneagar sa staid cheart cothabhála). Baineann sé seo leis an gceanglas fíor-riachtanach 1.4.5 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797.

3.3.4. *Comhoiriúnacht Theicniúil*

3.3.4.1. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach Inmheánach Iarnróid

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta atá comhoiriúnach do reachtaíocht an Aontais, ní chuirfidh an trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht isteach ar threalamh um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht eile ná ar fhochórais eile, ná ní chuirfidh trealamh rialaithe agus ceannais agus comharthaíochta eile ná fochórais eile isteach ar an trealamh sin.

3.3.5. *Inrochtaineacht*

Níl an ceanglas fíor-riachtanach 1.6 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797 faoi raon feidhme an STI seo.

4. SAINTRÉITHRIÚ NA BHFOCHÓRAS

## 4.1. **Réamhrá**

### 4.1.1. *Paraiméadair bhunúsacha*

I gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha, tá na paraiméadair bhunúsacha seo a leanas mar shaintréithe ag na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht:

(1) Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht (pointe 4.2.1);

(2) Feidhmiúlacht ETCS ar bord (pointe 4.2.2);

(3) Feidhmiúlacht ETCS taobh riain (pointe 4.2.3);

(4) Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR (pointe 4.2.4);

(5) Comhéadain aerbhearnaí RMR, ETCS agus ATO (pointe 4.2.5);

(6) Comhéadain ar Bord laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht (pointe 4.2.6);

(7) Comhéadain Taobh Riain laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht (pointe 4.2.7);

(8) Bainistiú Eochracha (pointe 4.2.8);

(9) Bainistiú ETCS-ID (pointe 4.2.9);

(10) Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain (pointe 4.2.10);

(11) Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain (pointe 4.2.11);

(12) ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) (pointe 4.2.12);

(13) RMR DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) (pointe 4.2.13);

(14) Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála (pointe 4.2.14);

(15) Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain (pointe 4.2.15);

(16) Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú (pointe 4.2.16);

(17) ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (pointe 4.2.17);

(18) Feidhmiúlacht ATO ar Bord (pointe 4.2.18);

(19) Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain (pointe 4.2.19);

(20) Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála (pointe 4.2.20).

### 4.1.2. *Forbhreathnú ar na ceanglais*

Cuirfear na ceanglais uile i bpointe 4.2 (Sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla na bhFochóras) a bhaineann leis na paraiméadair bhunúsacha sin i bhfeidhm ar chóras Aicme A.

Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B agus maidir le STManna (a chumasaíonn córas Aicme A ar bord chun oibriú ar bhonneagar Aicme B).

Tá an STI seo bunaithe ar na prionsabail maidir lena chur ar a gcumas do na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a bheith comhoiriúnach d'Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord lena gcomhlíontar STI. Chun an sprioc sin a bhaint amach:

(1) tá feidhmeanna, comhéadain agus feidhmíocht an Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord caighdeánaithe, lena n-áirithítear go bhfreagróidh gach traein ar bhealach intuartha do shonraí a fhaightear ón taobh riain;

(2) maidir leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain, tá cumarsáid ó ráille go traein agus ó thraein go ráille go hiomlán caighdeánaithe sa STI seo. Ceadaítear leis na sonraíochtaí dá dtagraítear sna pointí thíos, feidhmiúlacht um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain a chur i bhfeidhm ar bhealach solúbtha, ionas go bhféadfar é a comhcheangal chomh héifeachtach agus is féidir leis an gcóras iarnróid. Bainfear leas as an tsolúbthacht sin gan teorainn a chur le gluaiseacht na bhfeithiclí ag a bhfuil fochórais ar bord lena gcomhlíontar STI.

Aicmítear feidhmeanna um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht i gcatagóirí ina léirítear an bhfuil na feidhmeanna sin roghnach nó éigeantach. Sainmhínítear na catagóirí i bpointe 7.2.9 den STI seo agus sna sonraíochtaí dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A agus luaitear sna téacsanna sin freisin conas a aicmítear na feidhmeanna.

Soláthraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A.1, 4.1 c an Ghluais téarmaí agus sainmhínithe ETCS agus ATO a úsáidtear sna sonraíochtaí dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A.

4.1.3. *Codanna de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht*

De réir phointe 2.2 (Raon feidhme) is féidir Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a fhoroinnt ina gcodanna.

Léirítear sa tábla seo a leanas cad iad na paraiméadair bhunúsacha atá ábhartha le haghaidh gach fochórais agus gach coda.

*Tábla 4.1.*

**Codanna de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht**

| Fochóras | Cuid | Paraiméadair bhunúsacha |
|---|---|---|
| Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht ar Bord | Cosaint traenacha | 4.2.1, 4.2.2, 4.2.5, 4.2.6, 4.2.8, 4.2.9, 4.2.12, 4.2.14, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Radachumarsáid ghutha | 4.2.1.2, 4.2.4.1, 4.2.4.2, 4.2.5.1, 4.2.13, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Radachumarsáid sonraí | 4.2.1.2, 4.2.4.1, 4.2.4.3, 4.2.5.1, 4.2.6.2, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Uathoibriú Traenacha | 4.2.1.2, 4.2.5.1, 4.2.6, 4.2.12, 4.2.16, 4.2.18, 4.2.20 |
| Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht Taobh Riain | Cosaint traenacha | 4.2.1, 4.2.3, 4.2.5, 4.2.7, 4.2.8, 4.2.9, 4.2.15, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Radachumarsáid ghutha | 4.2.1.2, 4.2.4, 4.2.5.1, 4.2.7, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Radachumarsáid sonraí | 4.2.1.2, 4.2.4, 4.2.5.1, 4.2.7, 4.2.16, 4.2.17, 4.2.20 |
| | Aimsiú traenacha | 4.2.10, 4.2.11 |
| | Uathoibriú Traenacha | 4.2.1.2, 4.2.5.1, 4.2.7, 4.2.16, 4.2.19, 4.2.20 |

4.2. **Sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla na bhFochóras**

4.2.1. *Saintréithe iontaofachta, infhaighteachta agus sábháilteachta maidir le Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht atá ábhartha don idir-inoibritheacht*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach seo ar na ceanglais maidir leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain le tagairt do phointe 3.2.1 (Sábháilteacht) agus pointe 3.2.2 (Iontaofacht agus Infhaighteacht).

Urramófar na forálacha seo a leanas chun idir-inoibritheacht a bhaint amach, i gcás ina gcuirfear na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain chun feidhme:

(1) Ní dhéanfaidh dearadh, cur chun feidhme ná úsáid an fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord nó Taobh Riain aon cheanglas a onnmhairiú:

(a) ar feadh an chomhéadain idir na fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord nó Taobh Riain in éineacht leis na ceanglais a shonraítear sa STI seo;

(b) chuig aon fhochóras eile in éineacht leis na ceanglais a shonraítear sna STInna comhfhreagracha.

(2) Urramófar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 4.2.1.1 agus 4.2.1.2 thíos.

4.2.1.1. Sábháilteacht

Urramóidh na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain na ceanglais maidir le trealamh agus suiteálacha ETCS atá luaite sa STI seo.

Maidir leis an nguais 'teorainneacha luais agus/nó teorainneacha faid a mholtar do ETCS a shárú', beidh ráta inghlactha guaise (THR) de $10^{-9}$ $h^{-1}$ le haghaidh teipeanna randamacha den ETCS ar bord agus $10^{-9}$ $h^{-1}$ le haghaidh teipeanna randamacha den ETCS taobh riain. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.1 a.

Chun idir-inoibritheacht a bhaint amach, urramóidh an ETCS ar bord go hiomlán na ceanglais uile a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.1. Mar sin féin, glactar le ceanglais sábháilteachta nach bhfuil chomh dian sin le haghaidh ETCS taobh riain ar choinníoll, in éineacht le Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord lena gcomhlíontar STI, go gcomhlíonfar an leibhéal sábháilteachta le haghaidh na seirbhíse.

Le haghaidh Chóras ETCS Aicme A:

(1) na hathruithe a dhéanann gnóthais iarnróid agus bainisteoirí bonneagair chun gníomhaíochtaí coisctheacha nó ceartaitheacha cothabhála a chur chun feidhme, déanfar iad a bhainistiú i gcomhréir le próisis agus nósanna imeachta a gcórais bainistíochta sábháilteachta de réir Airteagal 9 de Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir maidir le Sábháilteacht) ([7]);

(2) cineálacha eile athruithe a dhéanann gnóthas iarnróid agus bainisteoirí bonneagair (e.g. athruithe ar dhearadh nó ar chur chun feidhme ETCS), chomh maith leis na hathruithe a dhéanann gníomhairí eile (e.g. monaróirí nó soláthróirí eile), déanfar iad a bhainistiú de réir an phróisis um bainistíocht riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013, dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(a) de Threoir (AE) 2016/798.

Ina theannta sin, déanfaidh comhlacht um measúnú CSM measúnú neamhspleách ar chur i bhfeidhm mar is ceart an phróisis um bainistíocht riosca mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 402/2013, chomh maith le hoiriúnacht thorthaí an chur i bhfeidhm sin, de réir Airteagal 6 den Rialachán sin. Ní bheidh srianta ann maidir le cineál A, B nó C de neamhspleáchas an chomhlachta um measúnú CSM a cheadaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013. Déanfar an comhlacht um measúnú CSM a cheaptar a chreidiúnú nó a aithint de réir na gceanglas in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 i réimse an fhochórais 'um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht', mar a liostaítear i mír 5 'aicmiú' d'iontráil bhunachar sonraí ERADIS le haghaidh Comhlachtaí Measúnúcháin.

Cumhdaítear le creidiúnú, nó aithint, i réimse an fhochórais 'um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht', inniúlacht an comhlachta um measúnú CSM chun measúnú a dhéanamh go neamhspleách ar 'chomhtháthú sábháilte' ar leibhéal fochórais ETCS, nó Comhábhair Idir-inoibritheachta ETCS. Áirítear leis sin an inniúlacht maidir le:

(1) measúnú a dhéanamh ar chomhtháthú sábháilte na gcomhpháirteanna agus na gcomhéadan inmheánacha uile lena gcruthaítear ollstruchtúr an fhochórais ETCS nó Comhábhair Idir-inoibritheachta ETCS;

(2) measúnú ar chomhtháthú sábháilte gach comhéadan seachtrach den fhochóras ETCS, nó den Chomhábhar Idir-inoibritheachta ETCS, laistigh dá chomhthéacs díreach fisiciúil, feidhmiúil, comhshaoil, oibríochtúil agus cothabhála.

Is modh iomchuí é cur chun feidhme na gcaighdeán dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 3 chun an próiseas um bainistíocht riosca a chomhlíonadh go hiomlán mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 maidir le dearadh, cur chun feidhme, táirgeadh, suiteáil agus bailíochtú (lena n-áirítear Glacadh le sábháilteacht) na gcomhábhar idir-inoibritheachta agus na bhfochóras. I gcás ina gcuirtear caighdeáin i bhfeidhm atá éagsúil leis na cinn dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 3 cruthófar coibhéis ar a laghad.

I gcás ina mbaineann fochóras ETCS nó Comhábhar Idir-inoibritheachta ETCS úsáid as sonraíochtaí dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 3 mar mhodh iomchuí chun an próiseas um bainistíocht riosca mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013 a chomhlíonadh go hiomlán, chun dúbláil nach gá den obair measúnúcháin neamhspleách a sheachaint, na gníomhaíochtaí neamhspleácha um measúnú sábháilteachta a éilítear leis na sonraíochtaí dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 3 déanfaidh comhlacht um measúnú CSM creidiúnaithe nó aitheanta iad a chomhlíonadh mar a shonraítear sa phointe thuas in ionad measúnóir neamhspleách CENELEC ar shábháilteacht.

#### 4.2.1.2. Infhaighteacht/Iontaofacht

Tagraítear leis an bpointe seo do tharlú cineálacha teipeanna nach gcruthaíonn guaiseacha sábháilteachta ach a chruthaíonn cásanna díghrádaithe, a bhféadfadh a mbainistiú sábháilteacht fhoriomlán an chórais a laghdú.

I gcomhthéacs an pharaiméadair sin, ciallaíonn 'teip' go bhfuil deireadh tagtha le cumas ní feidhm riachtanach a dhéanamh leis an bhfeidhmíocht a éilítear agus ciallaíonn 'cineálacha teipeanna' an éifeacht lena mbreathnaítear ar an teip.

([7]) Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid (IO L 138, 26.5.2016, lch. 102).

Chun a áirithiú go dtugtar an fhaisnéis uile do na bainisteoirí bonneagair agus do na gnóthais iarnróid ábhartha a theastaíonn uathu chun na nósanna imeachta iomchuí a shainiú maidir le cásanna díghrádaithe a bhainistiú, beidh sa chomhad teicniúil a bheidh ag gabháil leis an dearbhú CE maidir le fíorú an fhochórais CCS ar bord nó an fhochórais CCS taobh riain na luachanna maidir le hinfhaighteacht/iontaofacht arna ríomh a bhaineann le tionchar a bheith ag cineálacha teipeanna ar chumas an fhochórais CCS maoirseacht a dhéanamh ar ghluaiseacht shábháilte ceann amháin nó níos mo de na feithiclí nó radachumarsáid ghutha a bhunú idir rialú tráchta agus na tiománaithe traenach.

Áiritheofar comhlíontacht leis na luachanna seo a leanas arna ríomh:

(1) Meán-am oibríochta in uaireanta an chloig idir teipeanna d'fhochóras CCS ar bord lena n-éilítear aonrú na bhfeidhmeanna cosanta traenacha: (pointe oscailte);

(2) Meán-am oibríochta in uaireanta an chloig idir teipeanna d'fhochóras CCS ar bord a chuireann cosc ar radachumarsáid ghutha idir rialú tráchta agus an tiománaí traenach: (pointe oscailte).

Chun ligean do na bainisteoirí bonneagair agus na gnóthais iarnróid faireachán a dhéanamh, le linn shaolré na bhfochóras, ar an leibhéal riosca agus ar an urraim do na luachanna infhaighteachta/iontaofachta a úsáideadh le haghaidh sainmhíniú na nósanna imeachta chun cásanna díghrádaithe a bhainistiú, urramófar na ceanglais le haghaidh cothabhála a luaitear i bpointe 4.2.20 (Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála).

4.2.2. *Feidhmiúlacht ETCS ar bord*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach maidir le feidhmiúlacht ATCS ar bord ar na feidhmeanna uile is gá chun traein a oibriú ar bhealach sábháilte. Is í an phríomhfheidhm ná cosaint uathoibríoch traenacha agus comharthú cábáin a sholáthar:

(1) saintréithe na traenach a leagan síos (e.g., uasluas na traenach, feidhmíocht coscánaithe);

(2) an modh maoirseachta a roghnú ar bhonn na faisnéise ón taobh riain;

(3) feidhmeanna odaiméadar a dhéanamh;

(4) an traein a aimsiú i gcóras comhordanáidí atá bunaithe ar shuíomhanna Eurobalise;

(5) próifíl an luais dhinimiciúil a ríomh dá mhisean ar bhonn shaintréithe na traenach agus na faisnéise ón taobh riain;

(6) próifíl an luais dhinimiciúil a mhaoirsiú le linn an mhisin;

(7) an fheidhm idirghabhála a sholáthar.

Cuirfear na feidhmeanna sin chun feidhme i gcomhréir le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 b agus beidh a bhfeidhmíocht i gcomhréir le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 a.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 c.

Tacaítear leis an bpríomhfheidhmíulacht trí fheidhmeanna eile, dá bhfuil feidhm freisin ag Foscríbhinn A, Tábla A 1, chomh maith le 4.2.2 a agus 4.2.2 b freisin, i dteannta na sonraíochtaí breise a chuirtear in iúl thíos:

(1) Cumarsáid a dhéanamh leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain.

(a) Tarchur sonraí Eurobalise. Féach pointe 4.2.5.2 (Cumarsáid Eurobalise leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS).

(b) Tarchur sonraí Euroloop. Féach pointe 4.2.5.3 (Cumarsáid Euroloop leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS). Tá an fheidhmiúlacht sin roghnach ar bord ach amháin i gcás ina n-éilítear í i gcásanna sonracha i bpointe 7.7, ní thagróidh siad ach amháin do na sonraíochtaí i bhFoscríbhinn A.

(c) Tarchur sonraí raidió le haghaidh líonadh raidió. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 d, pointe 4.2.5.1 (Comhéadan aerbhearna RMR), pointe 4.2.6.2 (Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus Feidhmchláir ETCS/ATO) agus pointe 4.2.8 (Bainistiú Eochracha). Tá an fheidhmiúlacht sin roghnach ar bord ach amháin i gcás ina n-éilítear í i gcásanna sonracha i bpointe 7.7. Cur chun feidhme na feidhmiúlachta sin, lena n-áirítear i gcásanna sonracha, comhlíonfaidh sé sonraíochtaí Fhoscríbhinn A.

(d) Tarchur sonraí raidió. Féach pointe 4.2.5.1 (Comhéadan aerbhearna RMR), pointe 4.2.6.2 (Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus Feidhmchláir ETCS/ATO) agus pointe 4.2.8 (Bainistiú Eochracha). Tá tarchur sonraí raidió roghnach ach amháin i gcás ina n-oibrítear ar líne den leibhéal 2 ETCS (dá ngairtí mar leibhéal 2 nó leibhéal 3 ETCS roimhe seo).

(2) Cumarsáid a dhéanamh leis an tiománaí. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 e, pointe 4.2.12 (ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)).

(3) Cumarsáid a dhéanamh leis an STM. Féach pointe 4.2.6.1 (Cosaint traenacha ETCS agus Aicme B). Áirítear leis an bhfeidhm sin:

(a) aschur STM a bhainistiú;

(b) sonraí a sholáthar le húsáid ag an STM;

(c) aistrithe STM a bhainistiú.

(4) Faisnéis a bhainistiú maidir le:

(a) iomláine na traenach – is rud roghnach é faisnéis sláine na traenach agus faisnéis maidir le fad leanúnach a sholáthar don fhochóras ar bord, ach amháin i gcás ina n-éilítear í ag an taobh riain;

(b) gluaiseacht fhuar bhraite – Beidh an trealamh ETCS ar bord feistithe le Gluaiseacht Fhuar Bhraite.

(5) Tacaíocht do threalamh lena ndéantar faireachán ar an tsláinte agus don mhodh díghrádaithe. Áirítear leis an bhfeidhm sin:

(a) an fheidhmiúlacht ETCS ar bord a thionscnamh;

(b) tacaíocht don mhodh díghrádaithe a sholáthar;

(c) an fheidhmiúlacht ETCS ar bord a aonrú.

(6) Tacú le taifeadadh sonraí chun críocha rialála. Féach pointe 4.2.14 (Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála).

(7) Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó rothstoc:

chuig/ó aonad comhéadain na traenach. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 f.

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Ní bheidh an ECTS ar bord i gcomhréir le FFFIS na traenach ach ar dhearaí feithicle nuafhorbartha amháin a cheanglaíonn céad údarú mar a shainmhínítear in Airteagal 14(1), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún ([8]).

(8) Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó ATO ar bord. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 h.

4.2.3. *Feidhmiúlacht ETCS taobh riain*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach seo ar fheidhmiúlacht ETCS taobh riain. Tá gach feidhmiúlacht ETCS ann chun bealach sábháilte a thabhairt do thraein shonrach.

Is iad seo a leanas na príomhfheidhmiúlachtaí:

(1) traein shonrach a aimsiú i gcóras comhordanáidí atá bunaithe ar shuíomhanna Eurobalise (leibhéal 2 ETCS);

(2) an fhaisnéis a aistriú ó threalamh comharthaíochta taobh riain go dtí formáid chaighdeánach don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord;

(3) údaráis ghluaiseachta a sheoladh lena n-áirítear tuairisc ar an rian agus orduithe a shanntar do thraein shonrach.

Cuirfear na feidhmeanna sin i bhfeidhm i gcomhréir le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.3 bagus beidh a bhfeidhmíocht i gcomhréir le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.3 a.

Tacaítear leis an bpríomhfheidhmiúlacht trí na feidhmeanna eile, dá bhfuil feidhm freisin ag Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.3 a agus 4.2.3 b, in éineacht leis na sonraíochtaí breise a chuirtear in iúl thíos:

(1) cumarsáid a dhéanamh leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord. Áirítear leis sin:

(a) Tarchur sonraí Eurobalise. Féach pointe 4.2.5.2 (Cumarsáid Eurobalise leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS) agus pointe 4.2.7.4 (Eurobalise/LEU

([8]) IO L 90, 6.4.2018, lch. 66.

(b) Tarchur sonraí Euroloop. Féach pointe 4.2.5.3 (Cumarsáid Euroloop leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS) agus pointe 4.2.7.5 (Euroloop/LEU). Níl Euroloop ábhartha ach amháin i leibhéal 1, ina bhfuil sé roghnach;

(c) Tarchur sonraí raidió le haghaidh líonadh raidió. Féach pointe 4.2.5.1.2.1 (Comhéadan aerbhearna GSM-R don fheidhmchlár ETCS), pointe 4.2.7.3.1.1 (GSM-R/ETCS taobh riain) agus pointe 4.2.8 (Bainistiú Eochracha). Níl an líonadh raidió ábhartha ach amháin i leibhéal 1, ina bhfuil sé roghnach;

(d) Tarchur sonraí raidió. Féach pointe 4.2.5.1 (Comhéadan aerbhearna RMR), pointe 4.2.7.3 (RMR/ETCS taobh riain agus RMR/ATO taobh riain) agus pointe 4.2.8 (Bainistiú Eochracha). Níl an tarchur sonraí raidió ábhartha ach amháin maidir le Leibhéal 2 ETCS.

(2) faisnéis/orduithe a ghiniúint don ETCS ar bord, e.g. faisnéis a bhaineann le flapaí aeir a oscailt/dhúnadh, an pantagraf a ísliú/ardú, an phríomhlasc chumhachta a oscailt/dhúnadh, ag aistriú ó chóras tarraingthe A go córas tarraingthe B. Tá cur chun feidhme na feidhmiúlachta sin roghnach do thaobh riain; is féidir a cheangal air le STInna eile is infheidhme áfach nó le rialacha náisiúnta nó le cur i bhfeidhm na meastóireachta agus an mheasúnaithe riosca le comhtháthú sábháilte na bhfochóras a áirithiú;

(3) aistrithe idir limistéir atá á maoirsiú ag Bloic-Ionaid Raidió difriúla (RBCanna) a bhainistiú (níl sé ábhartha ach amháin maidir le leibhéal 2 ETCS). Féach pointe 4.2.7.1 (Comhéadan feidhmiúil idir RBCanna) agus pointe 4.2.7.2 (RBC/RBC).

4.2.4. *Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach sin ar fheidhmeanna na radachumarsáide. Cuirfear feidhmeanna den sórt sin chun feidhme sna Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain, de réir na sonraíochtaí a chuirtear in iúl thíos.

4.2.4.1. Feidhm na cumarsáide bunúsaí

4.2.4.1.1. *Feidhm chumarsáid bhunúsach GSM-R*

Sonraítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 a.

Ina theannta sin, urramófar na sonraíochtaí seo a leanas:

(1) Gnéithe ASCI; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 b;

(2) cárta SIM; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 c;

(3) seolachán atá spleách ar shuíomh; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 e.

4.2.4.1.2. *Feidhm chumarsáid bhunúsach FRMCS*

Sonraítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 l

Ina theannta sin, urramófar na sonraíochtaí seo a leanas:

(1) Próifíl FRMCS; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 n;

4.2.4.2. Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin

4.2.4.2.1. *Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin GSM-R*

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 f.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 g.

Ina theannta sin, urramófar na sonraíochtaí seo a leanas:

(1) glaonna ardtosaíochta a dheimhniú; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 h;

(2) seolachán feidhmiúil; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 j;

(3) uimhreacha feidhmiúla a chur i láthair; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 k;

(4) Comharthaíocht ó Úsáideoir go hÚsáideoir; Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 d.

4.2.4.2.2. *Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin FRMCS*

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 m.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 o.

4.2.4.3. Feidhmchláir cumarsáide sonraí maidir le ETCS agus ATO

4.2.4.3.1. *Cumarsáid sonraí maidir le ETCS*

Beidh an chuid 'radachumarsáid sonraí' den Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord in ann tacú le, ar a laghad, dhá sheisiún cumarsáide go comhuaineach leis an ETCS.

4.2.4.3.1.1. Cumarsáid sonraí GSM-R maidir le ETCS

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 f.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 g.

Níl an fheidhmiúlacht sin éigeantach ach amháin i gcás a bhaineann le feidhmchláir i ndáil le leibhéal 2 ETCS agus líonadh raidió.

4.2.4.3.1.2. Cumarsáid sonraí FRMCS maidir le ETCS

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 m.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 o.

Tá an fheidhmiúlacht sin éigeantach i gcás a bhaineann le feidhmchláir i ndáil le leibhéal 2 ETCS.

4.2.4.3.2. *Cumarsáid sonraí maidir le ATO*

4.2.4.3.2.1. Cumarsáid sonraí GSM-R maidir le ATO

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 f.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 g.

4.2.4.3.2.2. Cumarsáid sonraí FRMCS maidir le ATO

Sainmhínítear na ceanglais ghinearálta i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 m.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 o.

4.2.5. *Comhéadain aerbhearnaí RMR, ETCS agus ATO*

Sonraítear leis an bparaiméadar bunúsach seo na ceanglais maidir leis an aerbhearna idir fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain agus ar Bord agus caithfear iad a chur san áireamh in éineacht leis na comhéadain idir trealamh ETCS, ATO agus RMR, mar a shonraítear i bpointe 4.2.6 (Comhéadain ar Bord laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht) agus pointe 4.2.7 (Comhéadain Taobh Riain laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht).

Áirítear leis an bparaiméadair bunúsach sin:

(1) go n-urramófar na luachanna fisiciúla, leictreacha agus leictreamaighnéadacha chun feidhmiú sábháilte a cheadú;

(2) go mbainfear úsáid as an bprótacal cumarsáide;

(3) go mbeidh an bealach cumarsáide ar fáil.

Liostaítear na sonraíochtaí is infheidhme thíos.

4.2.5.1. Comhéadan aerbhearna RMR

4.2.5.1.1. *Comhéadan aerbhearna ginearálta RMR*

4.2.5.1.1.1. Comhéadan aerbhearna GSM-R

Comhlíonfaidh an comhéadan aerbhearna na ceanglais a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 a agus 4.2.4 f.

*Nóta 1:* Feidhmeoidh comhéadain radachumarsáide GSM-R sa bhanda minicíochta a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 a agus 4.2.4 f.

*Nóta 2:* Beidh cosaint ag Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord in aghaidh trasnaíochta, ag comhlíonadh na gceanglas a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.4 f.

4.2.5.1.1.2. Comhéadan aerbhearna FRMCS

Comhlíonfaidh an comhéadan aerbhearna na ceanglais a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 f.

4.2.5.1.2. *Comhéadan aerbhearna RMR don fheidhmchlár ETCS*

4.2.5.1.2.1. Comhéadan aerbhearna GSM-R don fheidhmchlár ETCS

Comhlíonfaidh na prótacail cumarsáide sonraí Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 b.

Ina theannta sin, 4.2.5 c urramófar na ceanglais a luaitear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, i gcás ina gcuirtear líonadh raidió chun feidhme.

4.2.5.1.2.2. Comhéadan aerbhearna FRMCS don fheidhmchlár ETCS

Comhlíonfaidh na prótacail cumarsáide sonraí Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 j.

4.2.5.1.3. *Comhéadan aerbhearna RMR don fheidhmchlár ATO*

4.2.5.1.3.1. Comhéadan aerbhearna GSM-R don fheidhmchlár ATO

Bainfear úsáid as cumarsáid lascadh paicéad agus comhlíonfaidh na prótacail cumarsáide sonraí na ceanglais ábhartha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 h.

Ceadaítear úsáid líonraí cumarsáide eile gan sreang, e.g. arna n-oibriú ag Oibreoir Líonra Soghluaiste poiblí nó príobháideach, le haghaidh an fheidhmchláir ATO, ach meastar é a bheith lasmuigh de raon feidhme an STI seo.

Le húsáid na líonraí sin, ní chuirfear isteach ar chumarsáid ghutha agus sonraí GSM-R.

4.2.5.1.3.2. Comhéadan aerbhearna FRMCS don fheidhmchlár ATO

Comhlíonfaidh na prótacail cumarsáide sonraí Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 i.

4.2.5.2. Cumarsáid Eurobalise leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS

Comhlíonfaidh comhéadain chumarsáide Eurobalise Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 d.

4.2.5.3. Cumarsáid Euroloop leis an traein d'fheidhmchláir ERTMS

Comhlíonfaidh comhéadain chumarsáide Euroloop Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.5 e.

4.2.6. *Comhéadain ar Bord laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht*

Áirítear na codanna seo a leanas leis an bparaiméadar bunúsach sin:

4.2.6.1. Cosaint traenacha ETCS agus Aicme B

I gcás ina suiteáiltear feidhmeanna cosanta traenacha ETCS agus Aicme B ar bord, déanfar an comhtháthú agus na haistrithe eatarthu a bhainistiú le ceann de na rudaí seo a leanas:

(1) comhéadan caighdeánaithe (STM); nó

(2) comhéadan neamh-chaighdeánaithe; nó

(3) Aicme A agus Aicme B comhtháite laistigh den trealamh céanna (e.g. 'déchaighdeáin'); nó

(4) gan aon chomhéadan díreach idir an dá threalamh.

I gcás ina ndéantar comhtháthú, agus na haistrithe, idir na córais ETCS agus Aicme B a bhainistiú leis an gcomhéadan caighdeánaithe (STM), beidh sé i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 a.

Sonraítear le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 b an comhéadan K (chun ceadú do STManna áirithe faisnéis a léamh ó chomhartha críche Aicme B trí aeróg ETCS ar bord) agus Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 c an comhéadan G (aerbhearna idir aeróg ETCS ar bord agus Comhartha críche Aicme B).

Tá cur chun feidhme Chomhéadan K roghnach, ach má dhéantar é caithfear é a dhéanamh i gcomhréir le Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 b.

Ina theannta sin, má chuirtear Comhéadan 'K' chun feidhme, caithfidh go mbeidh feidhmiúlacht an bhealaigh tarchurtha ar bord in ann déileáil leis na hairíonna i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 c.

Mura ndéantar an comhtháthú agus na haistrithe idir ETCS agus cosaint traenacha ar bord Aicme B a bhainistiú agus úsáid á baint as an gcomhéadan caighdeánaithe a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 a, ní fhorchuirfidh an modh aon ceanglas breise leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Comharthaíocht Taobh Riain.

### 4.2.6.2. Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus Feidhmchláir ETCS/ATO

#### 4.2.6.2.1. *Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus ETCS*

##### 4.2.6.2.1.1. Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí GSM-R agus ETCS

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir feidhmiúlacht GSM-R ar bord agus ETCS ar bord i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 d.

Urramófar na ceanglais a luaitear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 e i gcás ina gcuirtear líonadh raidió chun feidhme.

##### 4.2.6.2.1.2. Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí FRMCS agus ETCS

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir feidhmiúlacht an FRMCS ar bord agus an ETCS ar bord i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 g.

#### 4.2.6.2.2. *Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus ATO*

##### 4.2.6.2.2.1. Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí GSM-R agus ATO

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir feidhmiúlacht GSM-R ar bord agus ATO ar bord i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 j.

##### 4.2.6.2.2.2. Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí FRMCS agus ATO

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir feidhmiúlacht an FRMCS ar bord agus an ATO ar bord i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 k.

#### 4.2.6.2.3. *Comhéadan idir feidhmchlár gutha ar bord FRMCS agus FRMCS ar bord*

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir feidhmchlár gutha ar bord FRMCS agus FRMCS ar bord a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 l.

### 4.2.6.3. Odaiméadracht

Ní ann d'aon cheanglas sonrach le haghaidh an chomhéadain odaiméadrachta.

### 4.2.6.4. Comhéadan idir ATO agus ETCS

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir an fheidhmiúlacht ATO ar bord agus ETCS ar bord i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 h.

4.2.6.5. Comhéadain Inmheánacha Breise CCS ar Bord

4.2.6.5.1. *Sraitheanna cumarsáide de líonraí CCS Consist*

Comhlíonfaidh an comhéadan idir na feistí deiridh (e.g. ETCS ar bord, ATO ar bord agus FRMCS ar bord) agus Líonra Ethernet Consist Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 i mura sonraítear a mhalairt. Níl an comhéadan sin infheidhme ach amháin maidir le dearaí feithicle nuafhorbartha dá gceanglaítear an chéad údarú mar a shainmhínítear in Airteagal 14(1), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

4.2.7. *Comhéadain Taobh Riain laistigh de Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht*

Áirítear na cúig chuid seo a leanas leis an bparaiméadar bunúsach sin.

4.2.7.1. Comhéadan feidhmiúil idir RBCanna

Sainmhínítear leis an gcomhéadan sin na sonraí atá le malartú idir RBCanna comharsanacha chun go bhféadfaidh traein gluaiseacht go sábháilte ó limistéar RBC amháin go dtí an chéad cheann eile:

(1) Faisnéis ó 'Sheachadadh' RBC go dtí 'Glacadh' RBC.

(2) Faisnéis ó 'Ghlacadh' RBC go dtí 'Seachadadh' RBC.

(3) Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 a.

4.2.7.2. RBC/RBC

Is é sin an comhéadan teicniúil idir an dá RBC. Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 b.

4.2.7.3. RMR/ETCS taobh riain agus RMR/ATO taobh riain

4.2.7.3.1. *RMR/ETCS taobh riain*

4.2.7.3.1.1. GSM-R/ETCS taobh riain

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir an GSM-R agus feidhmiúlacht ETCS taobh riain i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 c.

4.2.7.3.1.2. FRMCS/ETCS taobh riain

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir an FRMCS agus feidhmiúlacht ETCS taobh riain i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 f.

4.2.7.3.2. *RMR/ATO taobh riain*

4.2.7.3.2.1. GSM-R/ATO taobh riain

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir an GSM-R agus feidhmiúlacht ATO taobh riain i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 g.

4.2.7.3.2.2. FRMCS/ATO taobh riain

Sonraítear na ceanglais maidir leis an gcomhéadan idir an FRMCS agus feidhmiúlacht ATO taobh riain i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 h

4.2.7.4. Eurobalise/LEU

Is é sin an comhéadan idir Eurobalise agus an LEU. Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 d.

Ní rannchuidíonn an comhéadan sin leis an bparaiméadar bunúsach seo ach amháin i gcás ina soláthraítear Eurobalise agus an LEU mar chomhábhair idir-inoibritheachta ar leithligh (féach pointe 5.2.2, Grúpáil de chomhábhair idir-inoibritheachta).

4.2.7.5. Euroloop/LEU

Is é sin an comhéadan idir Euroloop agus an LEU. Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.7 e.

Ní rannchuidíonn an comhéadan sin leis an bParaiméadar Bunúsach seo ach amháin i gcás ina soláthraítear Euroloop agus LEU mar chomhábhair idir-inoibritheachta ar leithligh (féach pointe 5.2.2, Grúpáil de chomhábhair idir-inoibritheachta).

4.2.8. *Bainistiú Eochracha*

Sonraítear leis an bparaiméadar bunúsach sin na ceanglais maidir le bainistiú eochracha cripteagrafaíochta a úsáidtear chun sonraí a tharchuirtear tríd an raidió a chosaint.

Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.8 a. Níl ach amháin na ceanglais a bhaineann leis na comhéadain de threalamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht faoi raon feidhme an STI sin.

4.2.9. *Bainistiú ETCS-ID*

Baineann an paraiméadar bunúsach sin le céannachtaí-ETCS (ETCS-IDanna) maidir le trealamh i bhFochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain.

Sonraítear na ceanglais i bhFoscríbhinn A, Tábla A, 4.2.9 a.

4.2.10. *Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain*

Sonraítear leis an bparaiméadar bunúsach sin ceanglais an chomhéadain idir na córais um aimsiú traenacha agus rothstoc taobh riain, a bhaineann le dearadh agus oibriú feithicle.

Sonraítear ceanglais an chomhéadain atá le hurramú ag na córais um aimsiú traenacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.10 a.

4.2.11. *Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain*

Sonraítear leis an bparaiméadar bunúsach sin ceanglais an chomhéadain le haghaidh comhoiriúnacht leictreamaighnéadach idir rothstoic agus trealamh aimsithe traenacha um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain.

Sonraítear ceanglais an chomhéadain atá le hurramú ag an gcóras um aimsiú traenacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.11 a.

4.2.12. *ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach sin ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn ETCS agus ATO don tiománaí agus a chuireann an tiománaí isteach san 'ar bord'. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.12 a.

Áirítear ann:

(1) eirgeanamaíocht (lena n-áirítear sofheictheacht);

(2) Feidhmeanna ETCS agus ATO a bheidh le taispeáint;

(3) Feidhmeanna ETCS agus ATO a bheidh le taispeáint a spreagtar le hionchur ón tiománaí.

4.2.13. *RMR DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach sin ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn RMR don tiománaí agus a chuireann an tiománaí isteach in RMR ar bord.

Áirítear ann:

(1) eirgeanamaíocht (lena n-áirítear sofheictheacht);

(2) Feidhmeanna RMR a bheidh le taispeáint;

(3) faisnéis maidir le glaonna, atá ag dul amach;

(4) faisnéis maidir le glaonna, atá ag teacht isteach.

4.2.13.1. GSM-R DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)

Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.13 a maidir le GSM-R.

4.2.13.2. FRMCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)

Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.13 b maidir le FRMCS.

4.2.14. *Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach sin ar an malartú sonraí idir ETCS ar bord agus gaireas taifeadta an rothstoic;

Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.14 a.

4.2.15. *Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain*

Tugtar tuairisc ar na nithe seo a leanas leis an bparaiméadair bunúsach sin:

(1) na saintréithe a bhaineann le comharthaí ais-fhrithchaiteacha chun infheictheacht iomchuí a áirithiú;

(2) na saintréithe a bhaineann le cláir marcóra idir-inoibritheacha;

(3) ionadú na gclár marcóra idir-inoibritheacha chun an aidhm oibriúcháin atá beartaithe dóibh a chomhlíonadh.

Le haghaidh (1) agus (2), féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.15 a.

Le haghaidh (3), féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.15 b.

Ina theannta sin, beidh suiteáil na réad um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain comhoiriúnach do réimse amhairc an tiománaí agus leis na ceanglais maidir le bonneagar.

4.2.16. *Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú*

Urramófar na dálaí comhshaoil a shonraítear sna doiciméid a liostaítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 2 den STI sin.

Urramóidh na fochórais agus na comhábhair idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord na ceanglais maidir le hábhair dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún ([9]) (STI LOC&PAS) (e. g. maidir le cosaint ar dhóiteáin).

4.2.17. *ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió*

Mar gheall ar na cineálacha éagsúla cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann agus stádas an aistrithe chun a bheith i gcomhréir go hiomlán le Fochórais CCS, déanfar seiceálacha chun an chomhoiriúnacht theicniúil idir na fochórais CCS ar bord agus taobh riain a léiriú. Measfar an gá atá leis na seiceálacha sin mar bheart chun iontaoibh as an gcomhoiriúnacht theicniúil idir na fochórais CCS a mhéadú. Tá coinne leis go laghdófar na seiceálacha sin go dtí go mbaintear amach an prionsabal a luaitear i 6.1.2.1.

4.2.17.1. Comhoiriúnacht an Chórais ETCS

Is é is Comhoiriúnacht an Chórais ETCS (ESC) ná taifeadadh den chomhoiriúnacht theicniúil idir ETCS ar bord agus na codanna taobh riain de ETCS de na fochórais CCS laistigh de limistéar úsáide.

Aithnítear le gach Cineál ESC an tacar seiceálacha ESC (e.g. seiceáil doiciméid, tástáil saotharlainne nó tástáil raoin, ...) is infheidhme le haghaidh roinne nó grúpa ranna laistigh de limistéar úsáide. Is féidir úsáid a bhaint as an gcineál ESC céanna le haghaidh bonneagar trasteorann agus bonneagair náisiúnta éagsúla.

Taifeadtar i dTuarascáil Seiceála ESC torthaí na seiceálacha ESC le haghaidh aonad ar bord ar leibhéal an Chomhábhair Idir-inoibritheachta nó ar leibhéal an fhochórais, lena n-áirítear torthaí agus coinníollacha a eascraíonn.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc – innill traenach agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228).

Ciallaíonn 'cumraíocht ionadaíoch' cumraíocht ar ar a bonn a fhéadfar torthaí tástála a bhaint amach, atá bailí le haghaidh cumraíochtaí éagsúla den chomhábhar idir-inoibritheachta ETCS céanna ar bord atá deimhnithe nó d'fhochóras ar bord atá deimhnithe. Beidh na torthaí sin comhionann freisin le haghaidh cumraíochtaí éagsúla d'fhochóras ETCS taobh riain atá deimhnithe.

Le haghaidh seiceálacha ECS ar leibhéal Comhábhair Idir-inoibritheachta ETCS ar bord, ní mór cloí leis an méid seo a leanas:

(1) Taifeadtar le Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta torthaí ESC den Chomhábhar Idir-inoibritheachta ETCS ar Bord den Chineál (nó cineálacha) ESC atá bailí gan beann ar an gcumraíocht shonrach den Chomhábhar Idir-inoibritheachta ETCS ar bord. Déanfaidh an soláthróir ar bord an doiciméad sin a tháirgeadh. Bainfear úsáid as an teimpléad atá ar fáil i Foscríbhinn C.2 nó C.6.

(2) Áireofar leis an Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta achoimre de thorthaí agus coinníollacha na Tuarascála (nó Tuarascálacha) Seiceála ESC maidir le torthaí na seiceálacha ESC a ritheadh (a shainmhínítear i gceann amháin, nó níos mó, de na cineálacha ESC), atá bailí go neamhspleách ó pharaiméadair chumraíochta shonracha den Chomhábhar Idir-inoibritheachta ar bord agus dá bhrí sin is féidir é a úsáid i ngach leibhéal sonrach is infheidhme de d'fhochórais CCS ar bord.

(3) Áireofar leis an Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta an liosta de sheiceálacha ESC a ritheadh don Chineál (nó cineálacha) ESC.

(4) Áireofar leis an Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta an tagairt don Tuarascáil Mheasúnachta ó chomhlacht faoina dtugtar fógra de réir 6.2.4.3 (Seiceálacha ETCS agus comhoiriúnachta an chórais raidió le haghaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta).

Leagtar síos sa Ráiteas ESC an ESC den fhochóras sonrach CCS ar bord i ndáil le ceann amháin, nó níos mó, de Chineál (nó cineálacha) ESC. Bainfear úsáid as an teimpléad atá ar fáil i Foscríbhinn C.1 nó C.5.

Ar leibhéal an fhochórais, áireofar leis an Ráiteas ESC freisin an achoimre ar Thuarascáil Seiceála ESC agus léireofar leis comhlíonadh na seiceálacha ESC a éilítear (le haghaidh gach Cineál ESC a áirítear sa Ráiteas) a foilsíodh i ndoiciméad teicniúil ESC/RSC na Gníomhaireachta, in éineacht leis na ráitis ESC maidir le comhábhar idir-inoibritheachta a cuireadh ar fáil cheana féin.

Áireofar freisin leis an Ráiteas ESC liosta iomlán de na ráitis ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta a cuireadh san áireamh sa mheasúnú (más ann dó), na coinníollacha (más ann dóibh) i ndáil leis na Cineálacha ESC éagsúla agus leis an Tuarascáil Mheasúnachta ó chomhlacht faoina dtugtar fógra de réir 6.3.3.1 (seiceálacha comhoiriúnachta do ETCS agus don chóras raidió).

#### 4.2.17.2. Ceanglais maidir le Comhoiriúnacht an Chórais ETCS

Tá an Bainisteoir Bonneagair freagrach as an gcineál (nó cineálacha) ESC a shainmhíniú. Beidh an cineál ESC céanna ag gach cuid de ghréasán an Aontais lena n-éilítear an tacar céanna seiceálacha chun an ESC a thaispeáint.

Tá liosta na gcineálacha ESC foilsithe agus á choinneáil ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh sa doiciméad teicniúil 'Doiciméad Teicniúil ESC/RSC, TD/011REC1028'. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.17 a. Déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar na seiceálacha mura ndearna comhlacht faoina dtugtar fógra measúnú orthu mar a éilítear i dTábla 6.3 i ró 10. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an measúnú laistigh de 2 mhí ón measúnú sin a fháil, ach amháin má chomhaontaítear tréimhse níos faide idir an Ghníomhaireacht agus an Bainisteoir Bonneagair ach nach faide ná 4 mhí san iomlán í. Tabharfar an doiciméad teicniúil cothrom le dáta laistigh de 10 lá oibre tar éis measúnú dearfach.

Ní úsáidfear na cineálacha ESC ach amháin i gcás ina bhfoilseofar iad leis an stádas 'Bailí' i ndoiciméad teicniúil na Gníomhaireachta dá dtagraítear thuas.

Cuirfidh Bainisteoirí Bonneagair, le tacaíocht ó na soláthróirí ETCS dá líonra, faoi bhráid na Gníomhaireachta an sainmhíniú ar na seiceálacha is gá le haghaidh gach cineál ESC ar a líonra. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(1) Sainmhíniú ar gach seiceáil atá le déanamh.

(2) Na critéir chun pas a bhaint amach i ngach seiceáil.

(3) Mura n-éilítear seiceáil ach amháin le haghaidh traenacha atá comhoiriúnach d'fheidhmiúlacht shonrach M_VERSION agus d'eisiúint STI ar leith.

(4) Má tá seiceálacha le déanamh i saotharlanna nó ar an rian. I gcás seiceálacha ar an rian, sonrófar má tá gá le suíomh sonrach.

(5) Sonraí teagmhála chun feidhmíocht gach seiceála a iarraidh.

(6) Tuairisc ar chumraíocht ionadaíoch seiceála cibé uair a shainmhíníonn an Bainisteoir Bonneagair ábhartha é atá le déanamh i saotharlann.

(7) Togra maidir leis an idirthréimhse idir an leagan nua den sainmhíniú ar Chineálacha ESC agus an leagan roimhe sin, nó an nós imeachta náisiúnta. Léireofar leis sin freisin bailíocht na gCineálacha ESC roimhe sin. Comhaontófar an idirthréimhse deiridh leis an nGníomhaireacht. In éagmais comhaontaithe, mairfidh sí 6 mhí.

Aicmeoidh Bainisteoirí Bonneagair na línte ETCS de réir Cineálacha ESC agus cláróidh siad na cineálacha ESC in RINF. Mura bhfoilsítear aon sainmhíniú ESC sa Doiciméad Teicniúil ESC/RSC nó mura bhfaigheann an Ghníomhaireacht aon sainmhíniú ESC maidir leis na línte atá feistithe le ETCS, measfar nach bhfuil gá le seiceálacha ESC do na línte lena mbaineann.

Soláthróidh an Bainisteoir Bonneagair na modhanna is gá, an tsaotharlann nó rochtain ar an mbonneagar, chun na seiceálacha a dhéanamh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

Cuirfidh Bainisteoirí Bonneagair aon athrú ar na seiceálacha dá dtagraítear dá líonra faoi bhráid na Gníomhaireachta.

Tá na cineálacha ESC bailí ar feadh tréimhse éiginnte mura rud é go ndéanfaidh an Bainisteoir Bonneagair é a mhodhnú nó a tharraingt siar. I gcás athruithe, urramófar na forálacha maidir le 7.2.3.4 (Tionchar ar chomhoiriúnacht theicniúil idir codanna ar bord agus codanna taobh riain den fhochóras CCS). Más gá 'ar bord' a athsheiceáil, ní gá a dhéanamh ach na seiceálacha ESC nua/nuashonraithe, agus an prionsabal a chur i bhfeidhm go bhfuil seiceálacha a ritheadh cheana fós bailí, mura bhfuil an fheithicil bunathraithe.

I gcás ina bhfoilsíonn nó ina dtugann an Ghníomhaireacht seiceálacha ESC cothrom le dáta sa 'doiciméad teicniúil, TD/011REC1028', déanfar na Rialacha Náisiúnta comhfhreagracha le haghaidh tástáil chomhoiriúnachta ETCS a tharraingt siar agus ní dhéanfar ach na seiceálacha ESC chun comhoiriúnacht theicniúil a léiriú idir na fochórais. Léireoidh an Bainisteoir Bonneagair an choibhéis (ceann ar bith, páirteach nó iomlán) den ESC leis an nós imeachta a bhí ann roimhe sin, más ann dó. I gcás den sórt sin, féadfaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta nó fochórais a thaispeáin comhoiriúnacht theicniúil don nós imeachta náisiúnta roimhe sin, é sin a athúsáid mar fhianaise ar léiriú na comhlíontachta leis an gcuid choibhéiseach den ESC nua gan gá na seiceálacha a fhorghníomhú arís. Mura bhfuil sé go hiomlán i gcoibhéis, tabharfaidh an Bainisteoir Bonneagair idirthréimhse le fios mar a luaitear i bpointe (7) thuas.

Tabharfaidh an tEintiteas atá i gceannas ar léiriú ESC sainmhíniú ar chumraíocht ionadaíoch den fhochóras ETCS ar bord.

Is é ann tEintiteas a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar Léiriú ESC a chuirfidh an Ráiteas ESC i dtoll a chéile.

Beidh ag an Eintiteas a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar Léiriú ESC an tuarascáil maidir le seiceáil ESC le haghaidh an Chomhábhair Idir-inoibritheachta nó an Fhochórais arna measúnú ag Comhlacht faoina dTugtar Fógra de réir phointí 6.2.4.3 (Seiceálacha ETCS agus comhoiriúnachta an chórais raidió le haghaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta) nó 6.3.3.1 (seiceálacha comhoiriúnachta do ETCS agus don chóras raidió).

Má tá Coinníollacha i dTuarascáil Seiceála nó i Ráiteas ESC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta dá dtagraítear sa Ráiteas ESC, déanfar na Coinníollacha uile a thaifeadadh, lena léirítear an stádas, agus má chomhaontaítear í, an chaoi ndéanann an páirtí dá ndéantar difear iad a bhainistiú (e.g. gnóthas iarnróid a bheidh sásta an chomhoiriúnacht do bhealach a léiriú), agus déanfar an fhreagracht sin a thaifeadadh sa Ráiteas ESC.

### 4.2.17.3. Comhoiriúnacht an Chórais Raidió

Is é is Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) ná an taifeadadh de chomhoiriúnacht theicniúil idir an raidió gutha nó sonraí ar bord agus na codanna taobh riain de RMR na bhfochóras CCS laistigh de limistéar úsáide.

Aithnítear le gach Cineál RSC an tacar seiceálacha RSC (e.g. seiceáil doiciméid, tástáil saotharlainne nó tástáil raoin) is infheidhme le haghaidh roinne nó grúpa de ranna laistigh de limistéar úsáide. Is féidir úsáid a bhaint as an gcineál RSC céanna le haghaidh bonneagar trasteorann agus bonneagair náisiúnta éagsúla.

Taifeadtar i dTuarascáil Seiceála RSC na torthaí maidir leis na seiceálacha RSC de chuid raidió gutha nó sonraí ar bord ar leibhéal an Chomhábhair Idir-inoibritheachta nó ar leibhéal an fhochórais, lena n-áirítear torthaí agus coinníollacha a eascraíonn.

Ciallaíonn Cumraíocht Ionadaíoch cumraíocht ar ar a bonn a fhéadfar torthaí tástála a bhaint amach, atá bailí le haghaidh cumraíochtaí éagsúla den Chomhábhar Idir-inoibritheachta céanna deimhnithe nó d'fhochóras ar bord deimhnithe. Beidh na torthaí sin comhionann freisin le cumraíochtaí éagsúla d'fhochóras RMR taobh riain deimhnithe.

Le haghaidh seiceálacha RSC ar leibhéal Comhábhair Idir-inoibritheachta, ní mór cloí leis an méid seo a leanas:

(1) Taifeadtar le Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta torthaí RSC an Chomhábhair Idir-inoibritheachta (e. g. Raidió an Chábáin nó EDOR) den chineál (nó cineálacha) RSC atá bailí gan beann ar chumraíocht shonrach na gComhábhar Idir-inoibritheachta. Cuirfidh an soláthróir an doiciméad sin i dtoll a chéile. Bainfear úsáid as an teimpléad atá ar fáil i Foscríbhinn C.4 nó C.6.

(2) Áireofar leis an Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta achoimre de thorthaí agus coinníollacha na Tuarascála (nó Tuarascálacha) Seiceála RSC maidir le torthaí na seiceálacha RSC a ritheadh (a shainmhínítear i gceann amháin, nó níos mó, de na cineálacha RSC), atá bailí go neamhspleách ó na paraiméadair chumraíochta shonracha den Chomhábhar Idir-inoibritheachta ar bord agus dá bhrí sin is féidir é a úsáid i ngach leibhéal is infheidhme d'fhochórais CCS ar bord.

(3) Áireofar leis an Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta an liosta de sheiceálacha ESC a rinneadh don chineál (nó cineálacha) RSC.

(4) Áireofar leis an Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta an tagairt don Tuarascáil Mheasúnachta ó chomhlacht faoina dtugtar fógra de réir 6.2.4.3 (Seiceálacha ETCS agus comhoiriúnachta an chórais raidió le haghaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta).

Leagtar síos sa Ráiteas RSC an RSC den fhochóras CCS sonrach ar bord i ndáil le ceann amháin, nó níos mó, de Chineál (nó cineálacha) RSC. Bainfear úsáid as an teimpléad atá ar fáil i Foscríbhinn C.3 nó C.5.

Ar leibhéal an fhochórais, áireofar leis an Ráiteas RSC freisin an achoimre ar an Tuarascáil Seiceála agus léireofar leis comhlíonadh na seiceálacha RSC a éilítear (le haghaidh gach cineál RSC a áirítear sa Ráiteas) a foilsíodh i ndoiciméad teicniúil ESC/RSC na Gníomhaireachta in éineacht leis na ráitis RSC maidir le comhábhar idir-inoibritheachta a cuireadh ar fáil cheana féin.

Áireofar freisin leis an Ráiteas RSC an liosta iomlán de na ráitis RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta a cuireadh san áireamh sa mheasúnú (más ann dó), na coinníollacha (más ann dóibh) i ndáil leis na Cineálacha RSC éagsúla agus an Tuarascáil Mheasúnachta ó chomhlacht faoina dtugtar fógra de réir 6.3.3.1 (seiceálacha comhoiriúnachta do ETCS agus don chóras raidió).

### 4.2.17.4. Ceanglais maidir le Comhoiriúnacht an Chórais Raidió

Tá an Bainisteoir Bonneagair freagrach as an gcineál (nó cineálacha) RSC a shainmhíniú. Beidh an cineál RSC céanna ag gach cuid de ghréasán an Aontais lena n-éilítear an tacar céanna seiceálacha don léiriú RSC.

Tá liosta na gcineálacha RSC foilsithe agus á choinneáil ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh sa doiciméad teicniúil 'Doiciméad Teicniúil ESC/RSC, TD/011REC1028'. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.17 a. Déanfaidh an Ghníomhaireacht measúnú ar na seiceálacha mura ndearna comhlacht faoina dtugtar fógra measúnú orthu mar a éilítear i dTábla 6.3 i ró 10. Déanfaidh an Ghníomhaireacht an measúnú laistigh de 2 mhí ón measúnú sin a fháil, ach amháin má chomhaontaítear tréimhse níos faide idir an Ghníomhaireacht agus an Bainisteoir Bonneagair ach nach faide ná 4 mhí san iomlán í. Tabharfar an doiciméad teicniúil cothrom le dáta laistigh de 10 lá oibre tar éis measúnú dearfach.

Ní úsáidfear na cineálacha RSC ach amháin i gcás ina bhfoilseofar iad leis an stádas 'Bailí' i ndoiciméad teicniúil na Gníomhaireachta dá dtagraítear thuas.

Cuirfidh Bainisteoirí Bonneagair, le tacaíocht ó na soláthróirí RMR dá líonra, faoi bhráid na Gníomhaireachta an sainmhíniú ar na seiceálacha is gá le haghaidh gach cineál RSC ar a líonra. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(1) Sainmhíniú ar gach seiceáil atá le déanamh.

(2) Na critéir chun pas a bhaint amach i ngach seiceáil.

(3) Mura n-éilítear seiceáil ach amháin le haghaidh traenacha atá feistithe le bonnlíne RMR GSM-R/FRMCS agus le heisiúint STI ar leith.

(4) Má tá seiceálacha le déanamh i saotharlanna nó ar an rian. I gcás seiceálacha ar an rian, sonrófar má tá gá le suíomh sonrach.

(5) Sonraí teagmhála chun feidhmíocht gach seiceála a iarraidh.

(6) Tuairisc ar chumraíocht ionadaíoch seiceála cibé uair a shainmhíníonn an Bainisteoir Bonneagair ábhartha é atá le déanamh i saotharlann.

(7) Togra maidir leis an idirthréimhse idir an leagan nua den sainmhíniú ar Chineálacha RSC agus an leagan roimhe sin, nó an nós imeachta náisiúnta. Léireofar leis sin freisin bailíocht na gCineálacha RSC roimhe sin. Comhaontófar an idirthréimhse deiridh leis an nGníomhaireacht. In éagmais comhaontaithe, mairfidh sí 6 mhí.

Aicmeoidh Bainisteoirí Bonneagair a línte de réir na gCineálacha RSC le haghaidh gutha agus, más infheidhme, le haghaidh sonraí ETCS. Déanfar an t-aicmiú ar an gcineál RSC sin a chlárú in RINF. Mura bhfoilsítear aon sainmhíniú RSC sa Doiciméad Teicniúil ESC/RSC nó mura bhfaigheann an Ghníomhaireacht aon sainmhíniú RSC maidir leis na línte atá feistithe le RMR GSM-R, measfar nach bhfuil gá le seiceálacha RSC do na línte lena mbaineann.

Soláthróidh an Bainisteoir Bonneagair na modhanna is gá, an tsaotharlann nó rochtain ar an mbonneagar, chun na seiceálacha a dhéanamh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

Cuirfidh Bainisteoirí Bonneagair aon athrú ar na seiceálacha dá dtagraítear dá líonra faoi bhráid na Gníomhaireachta.

Tá na cineálacha RSC bailí ar feadh tréimhse éiginnte mura rud é go ndéanfaidh an Bainisteoir Bonneagair iad a mhodhnú nó a tharraingt siar. I gcás athruithe, urramófar na forálacha maidir le 7.2.3.4 (Tionchar ar chomhoiriúnacht theicniúil idir codanna ar bord agus codanna taobh riain den fhochóras CCS). Más gá 'ar bord' a athsheiceáil, ní gá a dhéanamh ach na seiceálacha RSC nua/nuashonraithe, agus an prionsabal a chur i bhfeidhm go bhfuil seiceálacha a ritheadh cheana fós bailí, mura bhfuil an fheithicil bunathraithe.

I gcás ina bhfoilsíonn nó ina dtugann an Ghníomhaireacht seiceálacha RSC cothrom le dáta sa doiciméad teicniúil, TD/011REC1028', déanfar na Rialacha Náisiúnta comhfhreagracha le haghaidh tástáil chomhoiriúnachta Raidió a tharraingt siar agus ní dhéanfar ach amháin na seiceálacha RSC chun comhoiriúnacht theicniúil a léiriú idir na fochórais. Léireoidh an Bainisteoir Bonneagair an choibhéis (ceann ar bith, páirteach nó iomlán) den RSC leis an nós imeachta a bhí ann roimhe sin, más ann dó. I gcás den sórt sin, féadfaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta nó fochórais a thaispeáin comhoiriúnacht theicniúil don nós imeachta náisiúnta roimhe sin, é sin a athúsáid mar fhianaise don RSC gan gá na seiceálacha a fhorghníomhú arís.

Tabharfaidh an t-eintiteas atá i gceannas ar léiriú RSC sainmhíniú ar chumraíocht ionadaíoch an fhochórais Raidió ar bord.

Is é ann tEintiteas a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar Léiriú ESC a chuirfidh an Ráiteas ESC i dtoll a chéile.

Beidh ag an Eintiteas a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar Léiriú RSC an tuarascáil seiceála le haghaidh an Chomhábhair Idir-inoibritheachta nó an Fhochórais arna measúnú ag Comhlacht faoina dTugtar Fógra de réir phointí 6.2.4.3 (Seiceálacha ETCS agus comhoiriúnachta an chórais raidió le haghaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta) nó 6.3.3.1 (seiceálacha comhoiriúnachta do ETCS agus don chóras raidió).

Má tá Coinníollacha i dTuarascáil Seiceála nó i Ráiteas RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta dá dtagraítear sa Ráiteas RSC, déanfar na Coinníollacha uile a thaifeadadh, lena léirítear an stádas, agus má chomhaontaítear í, an chaoi a ndéanann an páirtí dá ndéantar difear iad a bhainistiú (e.g. gnóthas iarnróid a bheidh sásta an chomhoiriúnacht do bhealach a léiriú), agus déanfar an fhreagracht sin a thaifeadadh sa Ráiteas RSC.

4.2.18. *Feidhmiúlacht ATO ar Bord*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadair bunúsach sin ar fheidhmiúlacht ATO ar bord is gá chun traein de Ghrád suas go dtí Uathoibriú 2 a fheidhmiú le ETCS a sholáthraíonn an fheidhmiúlacht uathoibríoch um chosaint traenacha chun é a chumasú. Cuirfear na feidhmeanna chun feidhme de réir Fhoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.18 a chomh maith leis na feidhmeanna a éilítear i bpointe 4.2.2 (Feidhmiúlacht ETCS ar bord).

Tacaítear leis an bhfeidhmiúlacht ATO trí na sonraíochtaí breise a léirítear thíos:

(1) Cumarsáid leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain le haghaidh tarchur sonraí raidió. Féach pointe 4.2.5.1 (Comhéadan aerbhearna RMR), pointe 4.2.6.2 (Comhéadan idir Cumarsáid Sonraí RMR agus Feidhmchláir ETCS/ATO).

(2) Cumarsáid a dhéanamh leis an tiománaí. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.2 e agus 4.2.12 a (DMI ETCS).

(3) Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó rothstoc. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.18 c.

(4) Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó ETCS ar bord. Féach Foscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.18 d.

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.18 b.

4.2.19. *Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadair bunúsach sin ar fheidhmiúlacht ATO taobh riain is gá chun traein de Ghrád suas go dtí Uathoibriú 2 a fheidhmiú le ETCS a sholáthraíonn an fheidhmiúlacht uathoibríoch um chosaint traenacha chun é a chumasú.

In éineacht leis na feidhmeanna a éilítear i bpointe 4.2.3 (Feidhmiúlacht ETCS taobh riain), cuirfear na feidhmeanna chun feidhme de réir Fhoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.19 a.

Tacaítear leis an bhfeidhmiúlacht ATO leis na sonraíochtaí breise le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord bunaithe ar tharchur sonraí raidió. Féach Foscríbhinn A, pointe 4.2.5.1 (Comhéadan aerbhearna RMR) agus pointe 4.2.7.3 (RMR/ETCS taobh riain agus RMR/ATO taobh riain).

Sonraítear na ceanglais le haghaidh tástálacha i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.19 b.

4.2.20. *Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála*

Tugtar tuairisc leis an bparaiméadar bunúsach sin ar na ceanglais is gá i ndáil leis an doiciméadacht theicniúil le haghaidh cothabhála atá le comhlíonadh ag na monaróirí trealaimh agus ag an iarratasóir le haghaidh fíorú fochórais.

4.2.20.1. Freagracht mhonaróir an trealaimh

Sonróidh monaróir an trealaimh atá corpraithe san fhochóras an méid seo a leanas:

(1) na ceanglais agus nósanna imeachta maidir le cothabháil (lena n-áirítear faireachán sláinte, aithint teagmhas, modhanna agus uirlisí tástála chomh maith leis an inniúlacht ghairmiúil a éilítear) is gá chun ceanglais fíor-riachtanacha, agus luachanna a luaitear sna ceanglais éigeantacha den STI seo le linn shaolré an trealaimh, a bhaint amach (iompar agus stóráil roimh shuiteáil, gnáthoibriú, teipeanna agus na héifeachtaí a bhíonn ag teipeanna, obair dheisiúcháin, seiceáil agus cothabháil, díchoimisiúnú, etc.). Chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le ceartúcháin earráidí, féach pointí 6.5 (Bainistiú earráidí) agus 7.2.10 (Cothabháil sonraíochtaí (ceartúcháin earráidí));

(2) na ceanglais agus nósanna imeachta (modhanna agus uirlisí tástála, an inniúlacht ghairmiúil a éilítear agus an mheastóireacht ar thionchar an Chomhábhair Idir-inoibritheachta ar an bhfochóras) is gá chun Comhábhair Idir-inoibritheachta nuashonraithe a chur chun feidhme i ngeall ar cheartúcháin earráidí sa tsonraíocht le linn shaolré an trealaimh (cothabháil sonraíochtaí). Áirítear leis sin an sainmhíniú ar na nósanna imeachta is gá le haghaidh nuashonruithe ar mhodúil agus próisis an chórais ceadaithe, le linn gach céim den saolré, i gcás ina bhfuil ceartúcháin earráidí de réir Airteagal 9 den Rialachán seo is infheidhme maidir leis na fochórais;

(3) na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don phobal agus don fhoireann chothabhála;

(4) na coinníollacha le haghaidh cothabháil ar an gcéad líne, i.e. an sainmhíniú ar Aonaid atá In-athsholáthraithe sa Líne (LRUnna), an sainmhíniú ar leaganacha comhoiriúnacha de chrua-earraí agus bogearraí, na nósanna imeachta a bhaineann le LRUnna ar theip orthu a athchur, na coinníollacha a bhaineann le LRUnna a stóráil agus a bhaineann le LRUnna ar theip orthu a dheisiú;

(5) na seiceálacha atá le déanamh má tá an trealamh faoi réir strus eisceachtúil (e.g. dálaí comhshaoil díobhálacha nó suaití neamhghnácha);

(6) na seiceálacha atá le déanamh nuair atá trealamh á chothabháil seachas trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht agus ag a bhfuil tionchar ar Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (e.g. trastomhas an rotha a athrú).

4.2.20.2. Freagracht an iarratasóra as an bhfochóras a fhíorú

Déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

(1) a áirithiú go sainmhínítear na ceanglais chothabhála mar a thuairiscítear i bpointe 4.2.20.1 (Freagracht mhonaróir an trealaimh) maidir le gach comhpháirt faoi raon feidhme an STI sin gan beann ar cé acu ar comhábhair idir-inoibritheachta iad nó nach ea;

(2) na ceanglais thuas i bpointe 4.2.20.1 a chomhlánú ag cur na rioscaí san áireamh a eascraíonn as idirghníomhaíochtaí idir comhpháirteanna éagsúla den fhochóras agus comhéadain a ghabhann le fochórais eile;

(3) nósanna imeachta a shainmhíniú maidir le forchéimniú na gcomhábhar idir-inoibritheachta a tugadh cothrom le dáta i ngeall ar cheartúcháin earráidí sa tsonraíocht (cothabháil sonraíochtaí) de réir na doiciméadachta ábhartha den chomhábhar idir-inoibritheachta, i gcás inarb infheidhme. Soláthróidh an t-iarratasóir córas bainistíochta cumraíochta chun an tionchar ar an bhfochóras a shainaithint. Áiritheoidh an t-iarratasóir go mbeidh fáil ar an doiciméadacht a bhaineann leis an leagan de na comhábhair idir-inoibritheachta a áirítear ina fhochórais.

4.2.20.3. Aitheantóir córais

Tabharfar tuairisc ar fheidhmiúlacht ERTMS (ETCS, RMR, ATO) de Chomhábhar Idir-inoibritheachta nó fochórais le 'haitheantóir córais', ar scéim uimhrithe é chun leagan an chórais a shainaithint agus a idirdhealú idir aitheantóir feidhmiúil agus fíoraithe. Is cuid den aitheantóir córais é an 't-aitheantóir feidhmiúil' agus ciallaíonn sé sin figiúr nó roinnt figiúirí a shainmhínítear leis an mbainistíocht cumraíochta aonair, rud a sheasann do thagairt d'fheidhmiúlacht CCS arna cur chun feidhme i bhfochóras CCS nó i gComhábhar Idir-inoibritheachta. Is cuid den aitheantóir córais é an 't-aitheantóir fíoraithe' agus ciallaíonn sé sin figiúr nó roinnt figiúirí a shainmhínítear le bainistíocht cumraíochta aonair soláthróra, rud a sheasann do chumraíocht shonrach (e.g. HW agus SW) d'fhochóras CCS nó Comhábhar Idir-inoibritheachta. Sainmhíneoidh gach soláthróir an 't-aitheantóir córais', an 't-aitheantóir feidhmiúil' agus an 't-aitheantóir fíoraithe'.

## 4.3. Sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla na gcomhéadan a ghabhann le Fochórais eile

### 4.3.1. *Comhéadan a ghabhann leis an bhFochóras Oibriúcháin agus Bainistithe Tráchta*

Comhéadan le STI Oibriúcháin agus Bainistithe Tráchta

| STI CCS Tagartha | | STI Tagartha Oibriúcháin agus Bainistithe Tráchta [1] | |
|---|---|---|---|
| Paraiméadar | Pointe | Paraiméadar | Pointe |
| Rialacha oibriúcháin<br>Liosta na gcomharthaí téacs agus na dteachtaireachtaí téacs comhchuibhithe a thaispeántar ar Chomhéadan Tiománaí Meaisín ETCS | 4.4<br>Foscríbhinn E | Leabhar rialacha an Tiománaí<br>Rialacha oibriúcháin<br>Faisnéis innealtóireachta taobh riain ERTMS atá ábhartha don oibriú | 4.2.1.2.1<br>4.4<br>Foscríbhinn D3 |
| Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | 4.2.15 | Ceanglais maidir le hamharc a fháil ar chomharthaí agus marcóirí cois líne | 4.2.2.8 |
| Feidhmíocht agus saintréithe coscánaithe traenach | 4.2.2 | Coscánú traenach | 4.2.2.6 |
| Trealamh greanála a úsáid<br>Bealú feire ar bord<br>Bloic choscáin ilchodacha a úsáid | 4.2.10 | Leabhar rialacha an Tiománaí | 4.2.1.2.1 |
| Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála | 4.2.14 | Taifeadadh sonraí | 4.2.3.5 |
| ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) | 4.2.12 | Formáid den uimhir reatha traenach | 4.2.3.2.1 |
| RMR DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín) | 4.2.13 | Formáid den uimhir reatha traenach | 4.2.3.2.1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bainistiú Eochracha | 4.2.8 | Ag áirithiú go bhfuil an traein in ord reatha | 4.2.2.7 |
| Seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh roimh úsáid feithiclí ceadaithe | 4.9 | Paraiméadair maidir le comhoiriúnacht na feithicle agus na traenach feadh an bhealaigh atá beartaithe i gcomhair oibriú | Foscríbhinn D1 |

([1]) I gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras oibriúcháin agus bainistithe tráchta an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/757/AE (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 5).

4.3.2. *Comhéadan leis an bhFochóras Rothstoic*

| Comhéadan leis na STInna Rothstoic | | | | |
|---|---|---|---|---|
| STI CCS Tagartha | | STInna Tagartha Rothstoic | | |
| Paraiméadar | Pointe | Paraiméadar | | Pointe |
| Comhoiriúnacht do chórais um aimsiú traenacha taobh riain: dearadh na feithicle | 4.2.10 | Saintréithe rothstoic atá comhoiriúnach do na córais um aimsiú traenacha bunaithe ar chiorcaid riain | STI LOC & PAS | 4.2.3.3.1.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní ([1]) | 4.2.3.2 |
| | | Saintréithe rothstoic atá comhoiriúnach do na córais um aimsiú traenacha bunaithe ar ghléasanna áirimh rothaí | STI LOC & PAS | 4.2.3.3.1.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | 4.2.3.3 |
| | | Saintréithe rothstoic atá comhoiriúnach do threalamh lúibe | STI LOC & PAS | 4.2.3.3.1.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | 4.2.3.3 |
| Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | 4.2.11 | Saintréithe rothstoic atá comhoiriúnach do na córais um aimsiú traenacha bunaithe ar chiorcaid riain | STI LOC & PAS | 4.2.3.3.1.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | 4.2.3.3 |
| | | Saintréithe rothstoic atá comhoiriúnach do na córais um aimsiú traenacha bunaithe ar ghléasanna áirimh rothaí | STI LOC & PAS | 4.2.3.3.1.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | 4.2.3.3 |
| Feidhmíocht agus saintréithe coscánaithe traenach | 4.2.2<br>4.2.18 | Feidhmíocht coscánaithe | STI LOC & PAS Coscánú éigeandála | 4.2.4.5.2 |
| | | | STI LOC & PAS An príomhchoscánú | 4.2.4.5.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | 4.2.4.1.2 |
| Suíomh na n-aeróg um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord | 4.2.2 | Imchlúdach cinéimiteach | STI LOC & PAS | 4.2.3.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Leithlisiú na feidhmiúlachta ETCS ar bord | 4.2.2 | Rialacha oibriúcháin | STI LOC & PAS | 4.2.12.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | 4.2.15 | Infheictheacht sheachtrach Ceannsoilse | STI LOC & PAS | 4.2.7.1.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Réimse radhairc seachtrach an tiománaí | STI LOC & PAS Líne amhairc | 4.2.9.1.3.1 |
| | | | STI LOC & PAS Gaothscáth | 4.2.9.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| Comhéadan le Taifeadadh Sonraí chun Críocha Rialála | 4.2.14 | Gaireas taifeadta | STI LOC & PAS | 4.2.9.6 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| ETCS ar bord: Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó rothstoc | 4.2.2 | Codanna scartha | STI LOC & PAS | 4.2.8.2.9.8 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Ordú coscánaithe dinimiciúil | STI LOC&PAS | 4.2.4.4.4 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Coscán riain maighnéadach | STI LOC&PAS | 4.2.4.8.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Coscán riain srutha guairneáin | STI LOC&PAS | 4.2.4.8.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Uaschumhacht agus sruth uasta ón gcaitéin | STI LOC&PAS | 4.2.8.2.4 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Oscailt dorais | STI LOC&PAS | 4.2.5.5.6 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Ceanglais maidir le feidhmíocht | STI LOC&PAS | 4.2.8.1.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Rialú deataigh | STI LOC&PAS | 4.2.10.4.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Feidhm cianrialaithe raidió ag foireann chun oibriúchán a shiúntadh | STI LOC&PAS | 4.2.9.3.6 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Deasc an tiománaí –Eirgeanamaíocht | STI LOC&PAS | 4.2.9.1.6 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Ceanglais maidir le modhanna ETCS a bhainistiú: mód fuireachais | STI LOC&PAS | 4.2.9.3.7.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Ceanglais maidir le modhanna ETCS a bhainistiú: siúntadh neamhghníomhach | STI LOC&PAS | 4.2.9.3.7.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Ceanglais maidir le modhanna ETCS a bhainistiú: neamhcheannasach | STI LOC&PAS | 4.2.9.3.7.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | An cineál córais coscánaithe | STI LOC&PAS | 4.2.4.3 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Stádas Tarraingthe | STI LOC&PAS | 4.2.9.3.8 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| | | Iompar dinimiciúil reatha | STI LOC&PAS | 4.2.3.4.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| ATO ar bord: Faisnéis/orduithe a chur ar aghaidh agus faisnéis staide a fháil ó rothstoc | 4.2.18 | Ceanglais an chomhéadain maidir le hUathoibriú Traenacha ar bord | STI LOC & PAS | 4.2.13 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| Ordú coscánaithe éigeandála | 4.2.2 | Ordú coscánaithe éigeandála | STI LOC & PAS | 4.2.4.4.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| Trealamh a úsáidtear i bhfochórais CCS a fhoirgniú | 4.2.16 | Ceanglais ábhair | STI LOC&PAS | 4.2.10.2.1 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |
| Ordú príomhchoscánaithe | 4.2.2 | Ordú príomhchoscánaithe | STI LOC & PAS | 4.2.4.4.2 |
| | | | STI le haghaidh Vaigíní | Dada |

([1]) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 321/2013 ón gCoimisiún an 13 Márta 2013 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc — vaigíní lastais' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2006/861/CE (IO L 104, 12.4.2013, lch. 1).

4.3.3. *Comhéadain le Bonneagar Fochórais*

| Comhéadan le STI Bonneagair | | | | |
|---|---|---|---|---|
| STI CCS Tagartha | | STI Bonneagair Tagartha | | |
| Paraiméadar | Pointe | Paraiméadar | | Pointe |
| Cumarsáid Eurobalise (spás le haghaidh suiteála) | 4.2.5.2 | Imchlúdach struchtúir | STI INF ([1]) | 4.2.3.1 |
| Cumarsáid Euroloop (spás le haghaidh suiteála) | 4.2.5.3 | Imchlúdach struchtúir | STI INF | 4.2.3.1 |
| Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain | 4.2.15 | Imchlúdach struchtúir | STI INF | 4.2.3.1 |

([1]) Is é is STI INF Rialachán (AE) Uimh. 1299/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'bonneagair' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 1).

4.3.4. *Comhéadain le Fochóras Fuinnimh*

| Comhéadan le STI Fuinnimh | | | | |
|---|---|---|---|---|
| STI CCS Tagartha | | STI Fuinnimh Tagartha | | |
| Paraiméadar | Pointe | Paraiméadar | | Pointe |
| Orduithe do threalamh rothstoic | 4.2.2<br>4.2.3 | Codanna pasdeighilte<br>Codanna córasdeighilte | STI ENE ([1]) | 4.2.15<br>4.2.16 |

([1]) Is é is STI ENE Rialachán (AE) Uimh. 1301/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann leis an bhfochóras 'fuinneamh' den chóras iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 356, 12.12.2014, lch. 179).

4.4. **Rialacha oibriúcháin**

Sonraítear na rialacha maidir le seirbhís iarnróid le ETCS, ATO agus RMR a oibriú san STI Oibriúcháin agus Bainistithe Tráchta.

Liostaítear na comharthaí téacs agus teachtaireachtaí comhchuibhithe atá le taispeáint ar Chomhéadan Meaisín an Tiománaí ETCS faoi Foscríbhinn E.

4.5. **Rialacha cothabhála**

Áiritheofar le rialacha cothabhála na bhfochóras a chumhdaítear leis an STI sin go gcoinneofar na luachanna a luaitear sna paraiméadair bunúsacha a léiríodh i gCaibidil 4 laistigh de na teorainneacha a éilítear ar feadh shaolré na bhfochóras. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an fochóras in ann na luachanna a luaitear sna paraiméadair bunúsacha a urramú, áfach, le linn cothabhála coiscthí nó ceartaithí; áiritheofar leis na rialacha cothabhála nach gcuirfear an tsábháilteacht i mbaol le linn na ngníomhaíochtaí sin.

Cuirfidh an t-eintiteas atá i gceannas ar na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht na rialacha cothabhála ar bun chun na cuspóirí thuas a bhaint amach. Ullmhófar na rialacha sin le cúnamh ó na ceanglais i 4.2.20 (Doiciméadacht theicniúil le haghaidh Cothabhála).

4.6. **Inniúlachtaí gairmiúla**

Soláthróidh monaróirí an trealaimh agus an fhochórais faisnéis leordhóthanach chun sainmhíniú a thabhairt ar na hinniúlachtaí gairmiúla is gá chun suiteáil a dhéanamh, le haghaidh cigireacht deiridh agus cothabháil na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht. Féach pointe 4.5(Rialacha cothabhála).

4.7. **Coinníollacha sláinte agus sábháilteachta**

Beifear cúramach chun sláinte agus sábháilteacht na foirne cothabhála agus oibriúcháin a áirithiú, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta atá comhoiriúnach do reachtaíocht an Aontais.

Léireoidh monaróirí na rioscaí maidir le sláinte agus sábháilteacht a eascraíonn as a dtrealamh agus a bhfochórais a úsáid agus a chothabháil. Féach pointe 4.4 (Rialacha oibriúcháin) agus pointe 4.5 (Rialacha cothabhála).

4.8. **Cláir**

Na sonraí atá le soláthar do na cláir dá ndéantar foráil in Airteagail 48 agus 49 de Threoir (AE) 2016/797, is iad sin na sonraí a luaitear i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún ([10]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún ([11]).

4.9. **Seiceálacha comhoiriúnachta bealaigh roimh úsáid feithiclí ceadaithe**

Tugtar tuairisc, ar na paraiméadair den fhochóras CCS ar bord atá le húsáid ag an ngnóthas iarnróid, chun críoch seiceáil comhoiriúnachta bealaigh, i bhFoscríbhinn D1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773.

5. COMHÁBHAIR IDIR-INOIBRITHEACHTA

5.1. **Sainmhíniú**

I gcomhréir le hAirteagal 2(7) de Threoir (AE) 2016/797, ciallaíonn 'comhábhair idir-inoibritheachta aon chomhpháirt bhunúsach, grúpa comhpháirteanna, fochóimeáil nó cóimeáil iomlán trealaimh atá ionchorpraithe nó a bhfuil sé beartaithe iad a ionchorprú i bhfochóras, ar a bhfuil idir-inoibritheacht an chórais iarnróid ag brath go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear réada inláimhsithe agus réada doláimhsithe araon'.

5.2. **Liosta de chomhábhair idir-inoibritheachta**

5.2.1. *Bun-chomhábhair idir-inoibritheachta*

Sainmhínítear na bun-chomhábhair idir-inoibritheachta sna Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht i:

(1) Tábla 5.1. maidir leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord;

(2) Tábla 5.2. maidir leis an bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain.

5.2.2. *Grúpáil de chomhábhair idir-inoibritheachta*

5.2.2.1. Is féidir na feidhmeanna de bhun-chomhábhair idir-inoibritheachta a chur le chéile chun grúpa a chruthú. Sainmhínítear an grúpa sin ansin leis na feidhmeanna sin agus lena chomhéadain sheachtracha atá fágtha. Má chruthaítear grúpa ar an mbealach sin, measfar gur comhábhar idir-inoibritheachta é.

Ní gá comhlíontacht na gcomhéadan laistigh den ghrúpa de Chomhábhair Idir-inoibritheachta le paraiméadair bhunúsacha de Chaibidil 4 a fhíorú. Is gá comhlíontacht na gcomhéadan atá lasmuigh den ghrúpa de Chomhábhair Idir-inoibritheachta a fhíorú chun comhréireacht leis na paraiméadair bhunúsacha a bhaineann le ceanglais na gcomhéadan seachtrach sin a léiriú.

5.2.2.2. I gcás ina gcuirtear comhábhair idir-inoibritheachta le chéile i ngrúpa, ní mór go mbeifear in ann na feidhmeanna arna ngrúpáil agus a seolachán a chumrú ar bhealach a fhágfaidh gur féidir na feidhmeanna arna ngrúpáil den ATO, ETCS agus na ICanna raidió a athchur le linn shaolré an fhochórais CCS ag ATO, ETCS nó ICanna raidió seachtracha. Dá bhrí sin, beidh na comhéadain seo a leanas i gComhábhar Idir-inoibritheachta grúpáilte inrochtana go seachtrach ar na sraitheanna cumarsáide de líonraí CCS Consist mar a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 i:

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (IO L 264, 8.10.2011, lch. 32).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/777 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir leis na sonraíochtaí coiteanna le haghaidh chlár an bhonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/880/AE (IO L 139 I, 27.5.2019, lch. 312).

(1) Comhéadan idir ATO ar bord agus ETCS ar bord mar a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 h;

(2) Comhéadan idir ATO ar bord agus sonraí raidió GSM-R ar bord mar a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 j;

(3) Comhéadan idir FRMCS ar bord agus na feidhmchláir CCS (ETCS i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 g agus ATO i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1, 4.2.6 k);

5.3. **Feidhmíocht agus sonraíochtaí na gcomhábhar**

Tugtar tuairisc ar gach bun-chomhábhar idir-inoibritheachta nó grúpa de chomhábhair idir-inoibritheachta sna táblaí i gCaibidil 5:

(1) i gcolún 3, na feidhmeanna agus na comhéadain. Tabhair faoi deara go bhfuil feidhmeanna agus/nó comhéadain atá roghnach ag cuid de na comhábhair idir-inoibritheachta;

(2) i gcolún 4, tá na sonraíochtaí éigeantacha maidir leis an measúnú comhréireachta ar gach feidhm nó comhéadan (i gcás inarb infheidhme) faoi threoir na roinne ábhartha de Chaibidil 4.

*Tábla 5.1.*

**Bun-chomhábhair idir-inoibritheachta san Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord**

| Líon | Comhábhar idir-inoibritheachta (IC) | Saintréithe | Ceanglais shonracha a bhfuil measúnú le déanamh orthu faoi threoir Chaibidil 4 |
|---|---|---|---|
| 1 | ETCS ar bord | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ETCS ar bord (seachas odaiméadracht)<br>Aitheantóir córais | 4.2.2<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain aerbhearna ETCS<br>RBC (Tarchur sonraí raidió roghnach)<br>Aonad líonadh raidió (feidhmiúlacht roghnach)<br>Aerbhearna Eurobalise<br>Aerbhearna Euroloop (feidhmiúlacht roghnach) | 4.2.5<br>4.2.5.1.2<br>4.2.5.1.2.1<br>4.2.5.2<br>4.2.5.3 |
| | | Comhéadain<br>STM (cur chun feidhme chomhéadan K roghnach)<br>Sonraí raidió GSM-R<br>FRMCS ar bord<br>Bainistíocht eochracha<br>Bainistiú ETCS-ID<br>Comhéadan Tiománaí Meaisín ETCS<br>Comhéadan traenach (féach an nóta thíos)<br>Gaireas taifeadta ar bord<br>Comhéadan ATO | 4.2.6.1<br>4.2.6.2.1.1<br>4.2.6.2.1.2<br>4.2.8<br>4.2.9<br>4.2.12<br>4.2.2<br>4.2.14<br>4.2.6.4<br>4.2.6.5.1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Sraitheanna cumarsáide de líonraí CCS Consist.<br>*Nóta le haghaidh comhéadan traenach:* Tá cur chun feidhme na bhfeidhmeanna uile a thuairiscítear i ndoiciméad Foscríbhinn A Innéacs 7 éigeantach ar leibhéal na gComhábhar Idir-inoibritheachta. | |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais ETCS (ESC) (roghnach) | 4.2.17.1<br>4.2.17.2 |
| 2 | Trealamh odaiméadrachta | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ETCS ar bord: Odaiméadracht amháin | 4.2.2 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 3 | STM Comhéadan caighdeánaithe | Comhéadain<br>ETCS ar bord | 4.2.6.1 |
| 4 | Guth raidió an chábáin GSM-R<br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*<br>Níl cárta SIM, aeróg, cáblaí agus scagairí ceangail mar chuid den chomhábhar idir-inoibritheachta sin | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí | 4.2.4.1.1 |
| | | Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin Aitheantóir córais | 4.2.4.2.1<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>Aerbhearna GSM-R<br>Comhéadan Tiománaí Meaisín GSM-R | 4.2.5.1.1.1<br>4.2.13.1 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |
| 5 | Sonraí raidió GSM-R<br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*<br>Níl cárta SIM, aeróg, cáblaí agus scagairí ceangail mar chuid den chomhábhar idir-inoibritheachta sin | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí | 4.2.4.1.1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Feidhmchláir cumarsáide sonraí ETCS<br>Aitheantóir córais | 4.2.4.3.1.1<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>ETCS ar bord<br>ATO ar bord<br>Aerbhearna GSM-R<br>Aerbhearna GSM-R le haghaidh ETCS<br>Aerbhearna GSM-R le haghaidh ATO | 4.2.6.2.1.1<br>4.2.6.2.2.1<br>4.2.5.1.1.1<br>4.2.5.1.2.1<br>4.2.5.1.3.1 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |
| 6 | Cárta SIM GSM-R<br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*<br>Tá oibreoir an líonra GSM-R freagrach as na cártaí SIM atá le cur isteach i dtrealamh críochfoirt GSM-R a sholáthar do na gnóthais iarnróid. | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí<br>Aitheantóir córais | 4.2.4.1.1<br>4.2.20.3 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |
| 7 | ATO ar bord | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ATO ar Bord (seachas cumarsáid)<br>Aitheantóir córais | 4.2.18<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain aerbhearna ATO | 4.2.5.1.3 |
| | | Comhéadain<br>Sonraí raidió GSM-R<br>FRMCS ar bord<br>Comhéadan traenach<br>Comhéadan ETCS<br>Sraitheanna cumarsáide de líonraí CCS Consist | 4.2.6.2.2.1<br>4.2.6.2.2.2<br>4.2.18<br>4.2.6.4<br>4.2.6.5.1 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 8 | Feidhmchlár gutha FRMCS ar bord | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí | 4.2.4.1.2 |
| | | Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin<br>Aitheantóir córais | 4.2.4.2.2<br>4.2.20.3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Comhéadain<br>FRMCS ar bord<br>Comhéadan Tiománaí Meaisín FRMCS | 4.2.6.2.3<br>4.2.13.2 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |
| 9 | FRMCS ar bord | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí<br>Aitheantóir córais | 4.2.4.1.2<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>Feidhmchlár gutha FRMCS ar bord<br>Aerbhearna FRMCS<br>Aerbhearna FRMCS don fheidhmchlár ETCS<br>Aerbhearna FRMCS don fheidhmchlár ATO<br>ETCS ar bord<br>ATO ar bord<br>Sraitheanna cumarsáide de líonraí CCS Consist | 4.2.6.2.3<br>4.2.5.1.1.2<br>4.2.5.1.2.2<br>4.2.5.1.3.2<br>4.2.6.2.1.2<br>4.2.6.2.2.2<br>4.2.6.5.1 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |
| 10 | Próifíl FRMCS<br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*<br>Tá oibreoir an líonra FRMCS freagrach as a áirithiú go bhfuil an phróifíl FRMCS ar fáil do na síntiúsóirí. | Feidhmeanna cumarsáide bunúsaí<br>Aitheantóir córais | 4.2.4.1.2<br>4.2.20.3 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| | | Comhoiriúnacht an Chórais Raidió (RSC) (roghnach) | 4.2.17.3<br>4.2.17.4 |

*Tábla 5.2.*

**Bun-chomhábhair idir-inoibritheachta san Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain**

| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Líon | Comhábhar Idir-inoibritheachta (IC) | Saintréithe | Ceanglais shonracha a bhfuil measúnú le déanamh orthu faoi threoir Chaibidil 4 |
| 1 | RBC | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain (seachas cumarsáid trí Eurobalises, líonadh raidió agus Euroloop)<br>Aitheantóir córais | 4.2.3<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain aerbhearna RMR, ETCS agus ATO: radachumarsáid leis an traein amháin<br>Comhéadan aerbhearna GSM-R le haghaidh ETCS<br>Comhéadan aerbhearna FRMCS le haghaidh ETCS | 4.2.5.1.2.1<br>4.2.5.1.2.2 |
| | | Comhéadain<br>RBC-comharsanach<br>Radachumarsáid sonraí GSM-R<br>FRMCS Taobh Riain<br>Bainistíocht eochracha<br>Bainistiú ETCS-ID | 4.2.7.1, 4.2.7.2<br>4.2.7.3.1.1<br>4.2.7.3.1.2<br>4.2.8<br>4.2.9 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 2 | Aonad líonadh raidió | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain (seachas cumarsáid trí Eurobalises, Euroloop agus feidhmiúlacht leibhéal 2)<br>Aitheantóir córais | 4.2.3<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain aerbhearna RMR, ETCS agus ATO: radachumarsáid leis an traein amháin<br>Comhéadan aerbhearna GSM-R le haghaidh ETCS | 4.2.5.1.2.1 |
| | | Comhéadain<br>Radachumarsáid sonraí GSM-R<br>Bainistíocht eochracha<br>Bainistiú ETCS-ID<br>Comhghlasáil agus LEU | 4.2.7.3<br>4.2.8<br>4.2.9<br>4.2.3 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 3 | Eurobalise | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Comhéadain aerbhearna ETCS agus RMR: cumarsáid Eurobalise leis an traein amháin<br>Aitheantóir córais | 4.2.5.2<br>4.2.20.3 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Comhéadain<br>LEU – Eurobalise | 4.2.7.4 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 4 | Euroloop | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Comhéadain aerbhearna ETCS agus RMR: cumarsáid Euroloop leis an traein amháin<br>Aitheantóir córais | 4.2.5.3<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>LEU – Euroloop | 4.2.7.5 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 5 | LEU Eurobalise | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain (seachas cumarsáid trí líonadh raidió, Euroloop agus feidhmiúlacht leibhéal 2)<br>Aitheantóir córais | 4.2.3<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>LEU – Eurobalise | 4.2.7.4 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 6 | LEU Euroloop | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS):<br>Sábháilteacht<br>Infhaighteacht/Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.1<br>4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain (seachas cumarsáid trí líonadh raidió, Eurobalise agus feidhmiúlacht leibhéal 2)<br>Aitheantóir córais | 4.2.3<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain<br>LEU – Euroloop | 4.2.7.5 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 7 | Gléas Áirimh Rothaí | Córais um aimsiú traenacha taobh riain (paraiméadair ábhartha do ghléasanna áirimh rothaí amháin) | 4.2.10 |
| | | Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (paraiméadair ábhartha do ghléasanna áirimh rothaí amháin) | 4.2.11 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 | Clár Marcóra | Réada um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain (pointe 1 agus pointe 2 amháin) | 4.2.15 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |
| 9 | ATO Taobh Riain | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht (IIIS):<br>Infhaighteacht / Iontaofacht<br>Inchothabháilteacht | 4.2.1.2<br>4.2.20.1 |
| | | Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain<br>Aitheantóir córais | 4.2.19<br>4.2.20.3 |
| | | Comhéadain aerbhearna RMR, ETCS agus ATO: radachumarsáid leis an traein amháin<br>Comhéadan aerbhearna GSM-R le haghaidh ATO<br>Comhéadan aerbhearna FRMCS le haghaidh ATO | 4.2.5.1.3.1<br>4.2.5.1.3.2 |
| | | Comhéadain:<br>Radachumarsáid sonraí GSM-R<br>FRMCS Taobh Riain | 4.2.7.3.2.1<br>4.2.7.3.2.2 |
| | | Trealamh a fhoirgniú | 4.2.16 |

6. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR CHOMHRÉIREACHT AGUS/NÓ OIRIÚNACHT MAIDIR LE HÚSÁID NA GCOMHÁBHAR AGUS FÍORÚ NA BHFOCHÓRAS

6.1. **Réamhrá**

6.1.1. *Prionsabail ghinearálta*

6.1.1.1. Comhlíontacht leis na paraiméadair bhunúsacha

Áiritheofar go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCaibidil 3 den STI sin trí chomhlíontacht leis na paraiméadair bhunúsacha a shonraítear i gCaibidil 4.

Léireofar an chomhlíontacht sin trí:

(1) measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na gcomhábhar idir-inoibritheachta a shonraítear i gCaibidil 5 (féach pointí 6.2.1, 6.2.2, 6.2.3, 6.2.4);

(2) na fochórais a fhíorú (féach pointe 6.3 agus pointe 6.4).

I gcás athruithe ar fhochórais atá ann cheana, déanfar na ceanglais i 7.2.2 le haghaidh fochórais ar bord agus 7.2.3 le haghaidh fochórais taobh riain a chur san áireamh sa mheasúnú.

6.1.1.2. Comhlíonadh páirteach na gceanglas STI

Ní gá d'fhochóras ar bord, má chomhlíonann sé na coinníollacha thíos, na feidhmiúlachtaí éigeantacha uile a shonraítear sa STI sin a chur chun feidhme:

(1) tá na feidhmiúlachtaí liostaithe in Foscríbhinn G;

(2) tá sé curtha in iúl ag an mBainisteoir Bonneagair (le tacaíocht ón mBallstát) in RINF nach gcoisctear oibriú optamach sábháilte ar a líonra le comhlíonadh páirteach an cheanglais liostaithe.

I gcás nach gcuireann comhábhar idir-inoibritheachta ná fochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht na feidhmiúlachtaí uile a shonraítear sa STI sin chun feidhme, léireofar é leis na coinníollacha ábhartha i gcomhair úsáide i gcomhréir leis na forálacha i bpointí 6.5.1 agus 6.5.2.

6.1.2. *Prionsabail maidir le tástáil a dhéanamh ar ETCS, ATO agus RMR*

6.1.2.1. Prionsabal

An prionsabal atá leis ná go bhfuil Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord arna chumhdach ag dearbhú 'CE' maidir le fíorú in ann rith ar gach Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain arna chumhdach ag Dearbhú CE maidir le fíorú, faoi na coinníollacha a shonraítear sa STI sin, gan fíoraithe breise.

Éascaítear baint amach an phrionsabail sin tríd an méid seo a leanas:

(1) rialacha maidir le dearadh agus suiteáil na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain;

(2) sonraíochtaí tástála lena chruthú go gcomhlíonann na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord agus Taobh Riain ceanglais an STI sin agus go bhfuil siad comhoiriúnach dá chéile.

6.1.2.2. Cásanna tástála oibríochtúla

Chun críche an STI sin, ciallaíonn 'cás tástála oibríochtúla' seicheamh d'imeachtaí taobh riain agus ar bord a bhaineann le, nó ag a bhfuil tionchar, ar fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (e.g. teachtaireachtaí a sheoladh/a fháil, teorainn luais a shárú, gníomhaíochtaí d'oibreoirí) agus an t-uainiú sonraithe eatarthu chun tástáil a dhéanamh ar oibriú an chórais iarnróid atá beartaithe i gcásanna ábhartha le haghaidh ETCS, ATO agus RMR (e.g. teacht isteach traenach i limistéar trealmhaithe, dúiseacht traenach, ag sárú comhartha ag stopadh).

Tá na cásanna tástála oibríochtúla bunaithe ar na rialacha innealtóireachta arna nglacadh don tionscadal.

Beidh seiceáil ar chomhlíontacht fíor-chur chun feidhme le cás tástála oibríochtúla indéanta trí fhaisnéis a bhailiú trí chomhéadain atá inrochtana go héasca (na comhéadain chaighdeánacha a shonraítear sa STI seo más féidir).

6.1.2.3. Ceanglais maidir le Cásanna tástála oibríochtúla

Beidh an tacar rialacha innealtóireachta do na codanna taobh riain de ETCS, ATO agus RMR agus cásanna tástála oibríochtúla lena mbaineann don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain leordhóthanach chun tuairisc a thabhairt ar gach oibríocht chórais atá beartaithe agus atá ábhartha don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain i ngnáthchásanna agus cásanna díghrádaithe a aithníodh, agus:

(1) beidh siad i gcomhréir leis an sonraíochtaí dá dtagraítear sa STI seo;

(2) glacfar leis go mbeidh feidhmeanna, comhéadain agus feidhmíocht na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord atá ag idirghníomhú leis an bhFochóras Taobh Riain comhoiriúnach do cheanglais an STI sin;

(3) is iad sin na cinn a úsáidfear san Fhíorú CE den Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain, chun a sheiceáil go bhfuil na feidhmeanna, na comhéadain agus an fheidhmíocht arna gcur chun feidhme in ann a áirithiú go n-urramaítear oibriú an chórais atá beartaithe in éineacht leis na modhanna agus na haistrithe ábhartha idir leibhéil agus modhanna de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord.

6.2. **Comhábhair idir-inoibritheachta**

6.2.1. *Nósanna imeachta um measúnú le haghaidh na gComhábhar Idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht*

Sula gcuirtear comhábhar idir-inoibritheachta agus/nó grúpaí de chomhábhair idir-inoibritheachta ar an margadh, tarraingeoidh an monaróir, nó a ghníomhaire ginearálta laistigh den Aontas Eorpach, suas dearbhú 'CE' maidir le comhréireacht i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus Airteagal 10(1) de Threoir (AE) 2016/797.

Déanfar an nós imeachta um measúnú agus ceann de na modúil a shonraítear i bpointe 6.2.2 (Modúil le haghaidh na gComhábhar Idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht) á úsáid.

Níl gá le dearbhú CE maidir le hoiriúnacht úsáide na gcomhábhar idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht. Is leor comhlíontacht leis na paraiméadair bhunúsacha ábhartha, mar a léiríodh leis an Dearbhú 'CE' maidir le comhréireacht, chun comhábhair idir-inoibritheachta a chur ar an margadh ([12]).

6.2.2. *Modúil le haghaidh na gComhábhar Idir-inoibritheachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht*

Chun measúnú a dhéanamh ar chomhábhair idir-inoibritheachta laistigh de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht, féadfaidh an monaróir nó a ghníomhaire ginearálta atá bunaithe laistigh den Aontas Eorpach, rogha a dhéanamh maidir leo seo a leanas:

(1) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl CB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um chóras bainistíochta cáilíochta táirgthe (Modúl CD) don chéim táirgthe; nó

(2) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl CB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um fhíorú táirge (Modúl CF); nó

(3) an córas bainistíochta cáilíochta ina iomláine le nós imeachta um scrúdú ar an dearadh (Modúl CH1).

Ina theannta sin, maidir le seiceáil a dhéanamh ar Chomhábhar Idir-inoibritheachta an chárta SIM agus an Chláir Marcóra, féadfaidh an monaróir nó a ghníomhaire Modúl CA a roghnú.

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na modúil i gCinneadh 2010/713/AE ón gCoimisiún ([13]).

Tá feidhm ag na soiléirithe seo a leanas maidir le húsáid roinnt modúil:

(1) le tagairt do Chaibidil 2 de 'Mhodúl CB', déanfar scrúdú cineáil 'CE' trí mheascán de chineál táirgthe agus de chineál deartha;

(2) le tagairt do Chaibidil 3 de 'Mhodúl CF' (fíorú táirge) ní cheadaítear fíorú staitistiúil, i.e. déanfar gach comhábhar idir-inoibritheachta a scrúdú go haonarach.

6.2.3. *Ceanglais maidir le measúnú*

Gan beann ar an modúl arna roghnú:

(1) urramófar na ceanglais a luaitear i bpointe 6.2.4.1 den STI seo don chomhábhar idir-inoibritheachta 'ETCS ar Bord';

(2) déanfar na gníomhaíochtaí a thaispeántar i Tábla 6.1.1 i gcás ina ndéantar measúnú ar chomhréireacht de chomhábhar idir-inoibritheachta nó grúpa de chomhábhair idir-inoibritheachta mar a shainmhínítear i gCaibidil 5 den STI sin. Déanfar gach fíorú faoi threoir an chláir is infheidhme i gCaibidil 5 agus faoi threoir na bparaiméadar bunúsach a léirítear ann.

(3) Cuirfidh monaróir an trealaimh Comhlacht faoina dTugtar Fógra ar an eolas maidir leis na hathruithe ar fad a dhéanann difear do chomhréireacht an Chomhábhar Idir-inoibritheachta i ngeall ar na ceanglais den STI is infheidhme a eisíodh. Léireoidh an monaróir freisin más rud é go dteastaíonn seiceálacha nua ó na sonraíochtaí sin maidir le ceartúcháin earráidí i gcomhréir le Tábla 6.1.1 agus trí chur i bhfeidhm na modúl don Chomhréireacht CE de réir 6.2.2. Cuirfidh an monaróir an fhaisnéis sin ar fáil le tagairtí comhfhreagracha don doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú CE reatha. Taifeadfaidh agus tabharfaidh an monaróir údar go gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme ar leibhéal an gcomhábhar idir-inoibritheachta, rud a ndéanfaidh Comhlacht faoina dtugtar fógra measúnú air.

Cuirfidh an monaróir na heintitis ar a bhfuil tionchar ag na hathruithe ar an eolas, e.g. maidir le hoibriú agus cothabháil, má dhéanann siad difear do tháirgí/comhpháirteanna reatha agus a cuireadh chun feidhme cheana féin.

([12]) Is cuid den fhíorú CE foriomlán d'Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Taobh Riain é a sheiceáil go n-úsáidtear Comhábhar Idir-inoibritheachta go hiomchuí, mar a mhínítear in 6.3.3 agus 6.3.4.

([13]) Cinneadh 2010/713/AE ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le modúil do na nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht, ar oiriúnacht úsáide agus ar fhíorú 'CE' atá le húsáid sna sonraíochtaí teicniúla don idir-oibritheacht a glacadh faoi Threoir 2008/57/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 319, 4.12.2010, lch. 1).

*Tábla 6.1.1.*

**Ceanglais maidir le measúnú comhréireachta ar chomhábhar idir-inoibritheachta nó ar ghrúpa comhábhar idir-inoibritheachta**

| Líon | Gné | Céard atá le measúnú | Fianaise tacaíochta |
|---|---|---|---|
| 1a | Feidhmeanna, comhéadain agus feidhmíochtaí | Seiceáil go bhfuil na feidhmeanna, comhéadain agus feidhmíochtaí éigeantacha uile mar a thuairiscítear sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5 curtha chun feidhme agus go gcomhlíonann siad ceanglais an STI sin. | Doiciméadacht an dearaidh agus cásanna tástála agus seichimh tástála a ritheadh, mar a thuairiscítear sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5. |
| 1b | | Seiceáil cé na feidhmeanna agus comhéadain roghnacha mar a thuairiscítear iad sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5 atá curtha chun feidhme agus go gcomhlíonann siad ceanglais an STI sin. | Doiciméadacht an dearaidh agus cásanna tástála agus seichimh tástála a ritheadh, mar a thuairiscítear sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5. |
| 1c | | Seiceáil cé na feidhmeanna agus comhéadain bhreise (nach bhfuil sonraithe sa STI sin) atá curtha chun feidhme agus nach leanann coinbhleachtaí astu le feidhmeanna arna gcur chun feidhme a shonraítear sa STI sin. | Measúnú tionchair. |
| 2a | Trealamh a fhoirgniú | Seiceáil comhlíontacht le coinníollacha éigeantacha, i gcás ina sonraítear iad sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5. | Doiciméadacht maidir leis an ábhar a úsáideadh agus, i gcás inar gá, tástálacha chun a áirithiú gur comhlíonadh ceanglais na bparaiméadar bunúsach dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5. |
| 2b | | Ina theannta sin, seiceáil go bhfuil an comhábhar idir-inoibritheachta ag feidhmiú i gceart sna dálaí comhshaoil dá bhfuil sé deartha. | Tástálacha de réir shonraíochtaí an iarratasóra. |
| 3 | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS) | Seiceáil comhlíontacht leis na ceanglais sábháilteachta, i gcás ina sonraítear iad sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5, i.e.<br>1. urraim do Rátaí Guaise Infhulaingthe (THRanna) cainníochtúla de bharr teipeanna randamacha.<br>2. is féidir leis an bpróiseas forbartha teipeanna córasacha a aimsiú agus a dhíothú. | 1. Ríomhanna maidir leis na THRanna de bharr teipeanna randamacha, ag a bhfuil tacaíocht ó shonraí iontaofachta.<br>2.1. Comhlíonann bainistíocht cáilíochta agus sábháilteachta an mhonaróra, ar feadh na gcéimeanna dearaidh, monaraíochta agus tástála uile, caighdeán aitheanta (féach Nóta). |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | 2.2. Rinneadh an saolré forbartha bogearraí, an saolré forbartha crua-earraí agus comhtháthú crua-earraí agus bogearraí faoi seach i gcomhréir le caighdeán aitheanta (féach Nóta).<br><br>2.3. Rinneadh an fíorú sábháilteachta agus an próiseas bailíochtaithe i gcomhréir le caighdeán aitheanta (féach Nóta) agus urramaítear leis na ceanglais sábháilteachta a thuairiscítear sna paraiméadair bhunúsacha dá dtagraítear sa tábla ábhartha de Chaibidil 5.<br><br>2.4. Déantar na ceanglais sábháilteachta feidhmiúla agus teicniúla (oibriú ceart faoi dhálaí saor ó fhabht, éifeachtaí fabhtanna agus thionchair sheachtracha) a fhíorú i gcomhréir le caighdeán aitheanta (féach Nóta).<br><br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Comhlíonfaidh an caighdeán na ceanglais seo a leanas ar a laghad:<br><br>(1) comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir leis an gcód cleachtais, mar a luaitear in Iarscríbhinn I, pointe 2.3.2, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 402/2013;<br><br>(2) beidh sé aitheanta go forleathan i réimse an iarnróid. Murab amhlaidh an cás, caithfear údar cuí a thabhairt don chaighdeán, agus caithfidh sé a bheith inghlactha don Chomhlacht faoina dTugtar Fógra;<br><br>(3) beidh sé ábhartha do rialú na nguaiseacha atá faoi chaibidil sa chóras atá á mheasúnú;<br><br>(4) beidh sé ar fáil go poiblí do na hoibreoirí ar fad ar mhaith leo úsáid a bhaint as. |
| 4 | | Seiceáil go gcomhlíontar an sprioc maidir le hiontaofacht chainníochtúil (atá bainteach le teipeanna randamacha) arna léiriú ag an iarratasóir. | Ríomhanna. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5 | | Scriosadh teipeanna córasacha. | Tástálacha ar threalamh (Comhábhar Idir-inoibritheachta iomlán nó ar leithligh d'fhochóimeálacha) i ndálaí oibríochtúla, le deisiú i gcás ina n-aimsítear lochtanna.<br>Doiciméadacht a ghabhann leis an deimhniú a léiríonn cén cineál fíorúchán a rinneadh, na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm agus na critéir a glacadh chun na tástálacha sin a rinneadh a mheas (de réir chinntí an iarratasóra). |
| 6 | Doiciméadacht theicniúil le haghaidh cothabhála | Seiceáil comhlíontacht le ceanglais maidir le cothabháil – pointe 4.2.20.1. | Seiceáil doiciméad. |

6.2.4. *Saincheisteanna speisialta*

6.2.4.1. Tástálacha éigeantacha don ETCS ar bord

Tabharfar aird ar leith do mheasúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an chomhábhair idir-inoibritheachta ETCS ar bord, ós rud é go bhfuil sé casta agus go bhfuil ról lárnach aige maidir le hidir-inoibritheacht a bhaint amach.

Gan beann ar cé acu a roghnaítear nó nach roghnaítear modúl CB nó modúl CH1, seiceálfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra:

(1) gur cuireadh eiseamal ionadaíoch den chomhábhar idir-inoibritheachta faoi shraith iomlán seicheamh tástála lena n-áirítear gach cás tástála is gá chun seiceáil a dhéanamh ar na feidhmeanna dá dtagraítear i bpointe 4.2.2 (Feidhmiúlacht ETCS ar bord). Tá an t-iarratasóir freagrach as na cásanna tástála a shainmhíniú agus iad a eagrú i seichimh, mura n-áirítear é sin sna sonraíochtaí dá dtagraítear sa STI sin;

(2) rinneadh na tástálacha sin i saotharlann arna creidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]) agus na caighdeáin dá dtagraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 4 chun tástálacha a dhéanamh ag úsáid an struchtúir tástála agus na nósanna imeachta a shonraítear i bhFoscríbhinn A, Tábla A 1:

(a) Le haghaidh ETCS ar bord ina dtacaítear le suas go dtí leagan córais 2.1: 4.2.2 c.

(b) Le haghaidh ETCS ar bord a thacaíonn le suas go dtí leagan córais 2.2 agus 3.0: níl sé áirithe, féach pointe (1) roimhe.

Soláthróidh an tsaotharlann tuarascáil iomlán ina léirítear go soiléir torthaí na gcásanna tástálacha agus na seichimh a úsáideadh. Tá an Comhlacht faoina dTugtar Fógra freagrach as measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na gcásanna tástála agus na seicheamh chun comhlíontacht leis na ceanglais ábhartha uile a sheiceáil agus chun torthaí na dtástálacha a mheas i bhfianaise dheimhniúchán an Chomhábhair Idir-inoibritheachta.

6.2.4.2. Comhéadain Aicme B

Beidh gach Ballstát freagrach as a fhíorú go bhfuil córais Aicme B agus a gcomhéadain leis an gComhábhar Idir-inoibritheachta ETCS ar bord i gcomhréir lena cheanglais náisiúnta.

Éilítear measúnú comhréireachta arna dhéanamh ag Comhlacht faoina dTugtar Fógra chun an comhéadan STM caighdeánaithe a ghabhann leis an ETCS ar bord a fhíorú.

([14]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

6.2.4.3. Seiceálacha ETCS agus comhoiriúnachta an chórais raidió le haghaidh Comhábhar Idir-inoibritheachta

Ós rud é nach n-éilítear seiceálacha ESC/RSC i Tábla 6.1.1, ní éilítear iad chun deimhniú um chomhábhar idir-inoibritheachta a eisiúint.

Má fhorghníomhaítear seiceálacha ESC/RSC ar leibhéal Comhábhair Idir-inoibritheachta, beidh cúram an Chomhlachta faoina dTugtar Fógra i ndáil leis an ráiteas/na ráitis ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta agus an tuarascáil ghaolmhar chun cruinneas agus iomláine thuarascáil seiceála ESC/RSC don Chomhábhar Idir-inoibritheachta a fhíorú, de réir na gceanglas sa phointe sin.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797, féadfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra a bheidh i mbun an mheasúnaithe sin a bheith éagsúil leis an gComhlacht faoina dTugtar Fógra a bheidh i mbun an nós imeachta maidir le comhréireacht nó oiriúnacht CE don chomhábhar idir-inoibritheachta.

*Tábla 6.1.2.*

**Measúnú ó Chomhlacht faoina dTugtar Fógra ar Sheiceáil Comhoiriúnachta ETCS nó an Chórais Raidió le haghaidh Comhábhair Idir-inoibritheachta**

| Líon | Gné | Céard atá le measúnú | Fianaise tacaíochta |
|---|---|---|---|
| 1 | Infhaighteacht na dtorthaí | Tabhair do mheas go ndéantar tagairt sa tuarascáil seiceála do na seiceálacha de réir an tsainmhínithe ar na cineálacha ESC/RSC sa doiciméad teicniúil a d'fhoilsigh ERA ([1]).<br>Tabhair do mheas go léirítear go soiléir sa tuarascáil seiceála de chuid an Chomhábhair Idir-inoibritheachta cé na seiceálacha a fioraíodh don Chineál ESC/RSC. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 2 | Infhaighteacht na dtorthaí | Tabhair do mheas go léirítear leis na torthaí ESC/RSC le haghaidh gach Seiceáil ESC/RSC cé acu an raibh nó nach raibh an tSeiceáil ESC/RSC rite mar a sonraíodh. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 3 | Neamh-chomhoiriúnachtaí agus earráidí a tuairiscíodh | Tabhair do mheas go luaitear maidir le gach Seiceáil ESC/RSC nár ritheadh mar a sonraíodh, go luaitear na neamh-chomhoiriúnachtaí agus na hearráidí a tuairiscíodh le linn na Seiceálacha ESC/RSC. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 4 | Measúnú tionchair | Tabhair do mheas maidir le gach Seiceáil ESC/RSC nár ritheadh mar a sonraíodh, go ndearnadh measúnú tionchair ar na héifeachtaí ar ESC/RSC agus gur taifeadadh iad ag úsáid an teimpléid atá ar fáil sa Foscríbhinn D. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |

([1]) Áirítear leis sin na doiciméid dá dtagraítear i nDoiciméad Teicniúil de chuid na gníomhaireachta ESC/RSC.

## 6.3. Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht

6.3.1. *Nósanna imeachta um measúnú le haghaidh Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht*

Baineann an chaibidil seo leis an dearbhú 'CE' maidir le fíorú an Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus an dearbhú 'CE' maidir le fíorú an Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain.

Déanfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra, arna iarraidh sin ag an iarratasóir, fíorú 'CE' ar Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord nó Taobh Riain i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797.

Déanfaidh an t-iarratasóir an dearbhú 'CE' ar fhíorú a tharraingt suas don fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord nó Taobh Riain i gcomhréir le hAirteagal 15 (1) agus (9) de Threoir (AE) 2016/797.

Beidh inneachar an dearbhaithe 'CE' ar fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 15 (9) de Threoir (AE) 2016/797.

Déanfar an nós imeachta um measúnú agus na modúil atá sonraithe i bpointe 6.3.2 (Modúil le haghaidh Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht) á n-úsáid.

Measfar gur leor na dearbhuithe 'CE' maidir le fíorú le haghaidh Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain, mar aon leis na deimhnithe comhréireachta, chun a áirithiú go bhfuil na fochórais comhoiriúnach faoi na coinníollacha atá sonraithe sa STI seo.

6.3.2. *Modúil le haghaidh Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht*

Tá na modúil go léir atá sonraithe thíos sonraithe i gCinneadh 2010/713/AE.

6.3.2.1. Fochóras ar bord

Chun an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Ar bord a fhíorú, féadfaidh an t-iarratasóir ceachtar díobh seo a leanas a roghnú:

(1) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl SB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um chóras bainistíochta cáilíochta táirgthe (Modúl SD) don chéim táirgthe; nó

(2) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl SB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um fhíorú an táirge (Modúl SF); nó

(3) an córas bainistíochta cáilíochta ina iomláine in éineacht le nós imeachta um scrúdú ar an dearadh (Modúl SH1).

6.3.2.2. Fochóras Taobh Riain

Chun an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain a fhíorú, féadfaidh an t-iarratasóir ceachtar díobh seo a leanas a roghnú:

(1) an nós imeachta um fhíorú aonad (Modúl SG); nó

(2) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl SB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um chóras bainistíochta cáilíochta táirgthe (Modúl SD) don chéim táirgthe; nó

(3) an nós imeachta maidir le scrúdú cineáil (Modúl SB) don chéim dearaidh agus forbartha in éineacht leis an nós imeachta um fhíorú an táirge (Modúl SF); nó

(4) an córas bainistíochta cáilíochta ina iomláine in éineacht le nós imeachta um scrúdú ar an dearadh (Modúl SH1).

6.3.2.3. Coinníollacha maidir le modúil a úsáid le haghaidh Fochórais Ar Bord agus Taobh Riain

Maidir le pointe 4.2 de Mhodúl SB (scrúdú cineáil), iarrtar athbhreithniú ar an dearadh.

Maidir le pointe 4.2 de Mhodúl SH1 (córas bainistíochta cáilíochta iomlán le scrúdú dearaidh), tá gá le tástáil cineáil breise.

6.3.3. *Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Ar Bord*

I Tábla 6.2.1 léirítear na seiceálacha nach mór a dhéanamh agus Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord á fhíorú agus na paraiméadair bhunúsacha nach mór a urramú.

Neamhspleách ar an modúl a roghnaíodh:

(1) léireofar leis an bhfíorú go gcomhlíonann an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Ar Bord na paraiméadair bhunúsacha nuair a bheidh sé comhtháite san fheithicil;

(2) ní gá fíoruithe breise a dhéanamh ar fheidhmiúlacht agus ar fheidhmíochtaí na gcomhábhar idir-inoibritheachta atá cumhdaithe cheana féin ag an Dearbhú comhréireachta CE,

(3) maidir le nuashonrú mar gheall ar chothabháil sonraíochtaí ar Chomhábhar Idir-inoibritheachta atá comhtháite cheana féin, ní bheidh gá le fíorú breise ina leith ó fhochóras Comhlachta faoina dTugtar Fógra má dhearbhaíonn an Comhlacht faoina dTugtar Fógra maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta go bhfuil tionchar an nuashonraithe atá le measúnú teoranta don Chomhábhar Idir-inoibritheachta agus mura bhfuil tionchar ar bith ar leibhéal an fhochórais aitheanta ag an gcomhlacht um measúnú CSM a dhéanann measúnú ar chomhtháthú an nuashonraithe san fhochóras.

*Tábla 6.2.1.*

**Ceanglais maidir le measúnú comhréireachta le haghaidh Fochóras Ar Bord nó le haghaidh grúpaí Codanna**

| **Líon** | Gné | Céard atá le measúnú | Fianaise tacaíochta |
|---|---|---|---|
| 1a | Comhábhair idir-inoibritheachta a úsáid | Seiceáil cé acu atá nó nach bhfuil na comhábhair idir-inoibritheachta uile atá le comhtháthú san fhochóras cumhdaithe ag dearbhú comhréireachta CE agus ag deimhniú comhfhreagrach.<br>Ní mór an Fochóras a sheiceáil le cárta SIM a chomhlíonann ceanglais an STI seo. Ní modhnú ar an bhFochóras é cárta eile a chomhlíonann an STI a chur in ionad an chárta SIM. | Doiciméid a bheith ann agus a bhfuil iontu. |
| 1b | | Déan coinníollacha agus teorainneacha úsáide maidir le húsáid Comhábhar Idir-inoibritheachta a sheiceáil in aghaidh shaintréithe an fhochórais agus na timpeallachta. | Anailís trí sheiceáil doiciméad. |
| 1c | | Maidir le comhábhair idir-inoibritheachta deimhnithe in aghaidh leagan den STIanna maidir le rialú agus ceannas agus comharthaíocht, ar leagan é atá difriúil leis an leagan arna chur i bhfeidhm maidir le Fíorú 'CE' an fhochórais agus/nó in aghaidh tacar sonraíochtaí atá difriúil leis an tacar sonraíochtaí arna chur i bhfeidhm maidir le Fíorú 'CE' an fhochórais, cinntigh go n-áirithítear fós leis an deimhniú go gcomhlíontar ceanglais an STI atá i bhfeidhm faoi láthair. | Measúnú tionchair trí sheiceáil doiciméad. |
| 2a | Comhábhair idir-inoibritheachta a chomhtháthú san fhochóras | Seiceáil go bhfuil comhéadain inmheánacha an fhochórais suiteáilte i gceart agus go bhfuil siad ag feidhmiú i gceart – Paraiméadar bunúsach 4.2.6. | Seiceálacha de réir sonraíochtaí. |
| 2b | | Seiceáil nach bhfuil tionchar ag feidhmeanna breise (nach bhfuil sonraithe sa STI seo) ar na feidhmeanna éigeantacha. | Measúnú tionchair. |
| 2c | | Seiceáil go bhfuil luachanna IDanna an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha (ETCS) laistigh den raon ceadaithe agus, má cheanglaítear é leis an STI seo, go bhfuil luachanna uathúla acu – Paraiméadar Bunúsach 4.2.9. | Seiceáil na sonraíochtaí dearaidh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2d | | Seiceáil go bhfuil aitheantóir córais ann don chuid ETCS den fhochóras.<br>I gcás ina modhnaítear an chuid fheidhmeach nó an chuid cur i gcrích den aitheantóir córais, go gcomhfhreagraíonn an modhnú don sainmhíniú – Paraiméadar Bunúsach 4.2.20.3. | Seiceáil doiciméad. |
| 3 | Codanna a chomhtháthú san fhochóras | Seiceáil na comhéadain agus an comhtháthú idir na codanna éagsúla den fhochóras – Tábla 4.1 agus an Paraiméadar Bunúsach 4.2.6. | Measúnú tionchair trí sheiceáil doiciméad. |
| 4a | Comhtháthú le rothstoc | Seiceáil go bhfuil an trealamh suiteáilte i gceart – Paraiméadair Bhunúsacha 4.2.2, 4.2.4, 4.2.14, 4.2.18 agus seiceáil na coinníollacha maidir le trealamh a shuiteáil, mar atá sonraithe ag an monaróir. | Torthaí na seiceálacha (de réir na sonraíochtaí dá dtagraítear sna Paraiméadair Bhunúsacha agus i rialacha an mhonaróra maidir le suiteáil). |
| 4b | | Seiceáil go bhfuil an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord comhoiriúnach do thimpeallacht an rothstoic – Paraiméadar bunúsach 4.2.16. | Seiceáil doiciméad (deimhnithe ar chomhábhair idir-inoibritheachta agus modhanna comhtháthaithe féideartha arna seiceáil in aghaidh shaintréithe an rothstoic). |
| 4c | | Seiceáil go bhfuil paraiméadair (m.sh., paraiméadair choscánaithe) cumraithe i gceart agus go bhfuil siad laistigh den raon ceadaithe. | Seiceáil doiciméad (luachanna na bparaiméadar arna seiceáil in aghaidh shaintréithe an rothstoic). |
| 5a | Comhtháthú le hAicme B, ag brath ar chomhéadan de chuid ETCS ar bord agus ar chomhéadan Aicme B | Seiceáil go bhfuil comhéadan caighdeánaithe an Mhodúil Shonraigh Tarchurtha (STM) nasctha le ETCS ar bord trí chomhéadain a chomhlíonann an STI. | Níl tástáil le déanamh ar rud ar bith: is ann do chomhéadan caighdeánach a tástáladh cheana féin ar leibhéal na gcomhábhar idir-inoibritheachta. Tá tástáil déanta ar a fheidhmiú cheana féin agus comhtháthú na gcomhábhar idir-inoibritheachta á sheiceáil. |
| 5b | | Seiceáil nach gcruthaítear le feidhmeanna Aicme B arna gcur chun feidhme san ETCS ar bord – Paraiméadar bunúsach 4.2.6.1 – ceanglais bhreise don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain de bharr aistrithe. | Níl tástáil le déanamh ar rud ar bith: tá tástáil déanta ar gach rud cheana féin ar leibhéal na gcomhábhar idir-inoibritheachta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5c | | Seiceáil nach gcruthaítear le trealamh ar leithligh d'Aicme B nach bhfuil nasctha le ETCS ar bord – Paraiméadar bunúsach 4.2.6.1 – ceanglais bhreise don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain de bharr aistrithe. | Níl tástáil le déanamh ar rud ar bith: gan comhéadan ar bith ([1]). |
| 5d | | Seiceáil nach gcruthaítear le trealamh ar leithligh d'Aicme B atá nasctha le ETCS ar bord agus úsáid á baint (go páirteach) as comhéadain nach gcomhlíonann an STI – paraiméadar bunúsach 4.2.6.1 – ceanglais bhreise don Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain de bharr aistrithe. Seiceáil freisin nach gcuirtear isteach ar fheidhmeanna ETCS. | Measúnú tionchair trí sheiceáil doiciméad agus trí thuarascálacha ar thástálacha ar chomhtháthú. |
| 6a | Comhtháthú le Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain | Seiceáil gur féidir teileagraim Eorbalise a léamh (tá raon feidhme na tástála seo teoranta chun a sheiceáil go bhfuil an aeróg suiteáilte go cuí. Ní dhéanfar na tástálacha a rinneadh cheana ar leibhéal na gComhábhar Idir-inoibritheachta a dhéanamh arís) – Paraiméadar bunúsach 4.2.5. | Déan tástáil agus úsáid á baint as Eurobalise deimhnithe: tá an acmhainneacht an teileagram a léamh i gceart ina fianaise tacaíochta. |
| 6b | | Seiceáil gur féidir teileagraim Euroloop (más infheidhme) a léamh – Paraiméadar bunúsach 4.2.5. | Déan tástáil agus úsáid á baint as Euroloop deimhnithe: tá an acmhainneacht an teileagram a léamh i gceart ina fianaise tacaíochta. |
| 6c | | Seiceáil gur féidir glao RMR le haghaidh gutha agus sonraí (más infheidhme) a láimhseáil leis an trealamh – Paraiméadar Bunúsach 4.2.5. | Déan tástáil le líonra RMR deimhnithe. Tá an acmhainneacht nasc a bhunú, a chothabháil agus a dhícheangal ina fianaise tacaíochta. |
| 7a | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS) | Seiceáil go gcomhlíontar ceanglais sábháilteachta leis an trealamh – Paraiméadar Bunúsach 4.2.1. | Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta atá sonraithe sa mhodh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht agus measúnú riosca a dhéanamh. |
| 7b | | Seiceáil go gcomhlíontar an sprioc um iontaofacht chainníochtúil – Paraiméadar Bunúsach 4.2.1. | Ríomhanna. |
| 7c | | Seiceáil go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cothabháil – pointe 4.2.20.2. | Seiceáil doiciméad. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 | Comhtháthú le Fochórais um rialú agus ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain agus le fochórais eile: tástálacha faoi choinníollacha a sheasann do na coinníollacha ina ndéantar an oibríocht atá beartaithe. | Déan tástáil ar iompraíocht an fhochórais faoin oiread coinníollacha éagsúla agus is féidir go réasúnta, ar coinníollacha iad a sheasann don oibríocht atá beartaithe (e.g. grádán líne, luas na traenach, creathadh, cumhacht tarraingthe, dálaí aimsire, dearadh na feidhmiúlachta um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain). Leis an tástáil ní mór go mbeifear in ann na nithe seo a leanas a fhíorú:<br>(1) go ndéantar feidhmeanna odaiméadar i gceart – paraiméadar bunúsach 4.2.2;<br>(2) go bhfuil an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord comhoiriúnach don timpeallacht rothstoic –paraiméadar bunúsach 4.2.16.<br>Ní mór go mbeadh na tástálacha seo de chineál a mhéadóidh muinín nach mbeidh aon teip chórasach ann.<br>Ní áirítear le raon feidhme na dtástálacha sin tástálacha a rinneadh cheana i gcéimeanna éagsúla: cuirfear tástálacha a dhéanfar ar na comhábhair idir-inoibritheachta agus tástálacha a dhéanfar ar an bhfochóras i dtimpeallacht insamhlaithe san áireamh.<br>Níl gá le tástálacha faoi dhálaí comhshaoil ar threalamh gutha RMR ar bord.<br>Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Tabhair le fios sa deimhniú cé na coinníollacha a tástáladh agus cé na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm. | Tuarascálacha ar na ritítástálacha. |

([1]) Sa chás sin, déanfar an measúnú ar bhainistiú na n-aistrithe de réir na sonraíochtaí náisiúnta.

### 6.3.3.1. seiceálacha comhoiriúnachta do ETCS agus don chóras raidió

Tá sé de chúram ar an gComhlacht faoina dTugtar Fógra i ndáil leis an tuarascáil seiceála ESC/RSC cruinneas agus iomláine na tuarascála seiceála ESC/RSC don fhochóras a fhíorú, de réir na gceanglas sa phointe sin.

Ós rud é nach n-éilítear seiceálacha ESC/RSC i Tábla 6.2.1, níl gá leo chun deimhniú d'fhochóras ar bord a eisiúint. Ní mheasfar, dá bhrí sin, go bhfuil a leithéid d'fhochóras ar bord comhoiriúnach do bhonneagair Aicme A ach amháin i gcás nach bhfuil gá le aon seiceáil shonrach ESC/RSC chun comhoiriúnacht theicniúil a léiriú (i.e. fochórais arna sainaithint ag an mbainisteoir bonneagair mar ESC-EU-0 nó RSC-EU-0 in RINF).

*Tábla 6.2.2.*

**Measúnú ó Chomhlacht faoina dTugtar Fógra ar fhíorú comhoiriúnachta Fochórais ar bord le ETCS nó leis an gCóras Raidió**

| Líon | Gné | Céard atá le measúnú | Fianaise tacaíochta |
|---|---|---|---|
| 1 | Infhaighteacht na dtorthaí | Tabhair do mheas go ndéantar tagairt sa tuarascáil seiceála do na seiceálacha de réir an tsainmhínithe ar na cineálacha ESC/RSC sa doiciméad teicniúil a d'fhoilsigh ERA ([1]).<br>Tabhair do mheas go ndearnadh meastóireacht ar gach seiceáil ESC/RSC den chineál ESC/CSI sin. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 2 | Infhaighteacht na dtorthaí | Tabhair do mheas go léirítear leis na torthaí ESC/RSC le haghaidh gach Seiceáil ESC/RSC cé acu an raibh nó nach raibh an tSeiceáil ESC/RSC rite mar a sonraíodh; | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 3 | Neamh-chomhoiriúnachtaí agus earráidí a tuairiscíodh | Tabhair do mheas go luaitear maidir le gach Seiceáil ESC/RSC nár ritheadh mar a sonraíodh, go luaitear na neamh-chomhoiriúnachtaí agus na hearráidí a tuairiscíodh le linn na Seiceálacha ESC/RSC. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 4 | Measúnú tionchair | Tabhair do mheas maidir le gach Seiceáil ESC/RSC nár ritheadh mar a sonraíodh, go ndearnadh measúnú tionchair ar na héifeachtaí ar ESC/RSC agus gur taifeadadh iad ag úsáid an teimpléid atá ar fáil sa Foscríbhinn D. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 5 | Coinníollacha | Tabhair do mheas go ndéantar tagairt do gach coinníoll sa tuarascáil seiceála. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |
| 6 | Ráitis ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta a chomhtháthú | Tabhair do mheas, sa chás go bhfuil an ráiteas ESC/RSC bunaithe ar ráitis ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta, go bhfuil na torthaí ó ráitis ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta infheidhme maidir leis an bhfochóras lena mbaineann. | Meastóireacht ar Thuarascáil Seiceála ESC/RSC. |

([1]) Áirítear leis sin na doiciméid dá dtagraítear i nDoiciméad Teicniúil de chuid na gníomhaireachta ESC/RSC.

Ní dhéanfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra seiceáil arís ar aon ghné a chumhdaítear le linn an nós imeachta maidir leis an bhfíorú CE a rinneadh cheana don fhochóras ar bord nó a chumhdaítear cheana sa Ráiteas ESC/RSC maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta.

I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797, féadfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra atá i mbun an mheasúnaithe sin a bheith difriúil leis an gComhlacht faoina dTugtar Fógra atá i mbun an nós imeachta maidir leis an bhfíorú CE don fhochóras ar bord nó ón gComhlacht faoina dTugtar Fógra atá i mbun an mheasúnaithe ar thuarascáil seiceála ar Chomhábhair Idir-inoibritheachta ESC/RSC.

6.3.4. *Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Taobh Riain*

Is é an cuspóir atá le measúnuithe a dhéantar laistigh de raon feidhme an STI seo ná a fhíorú go gcomhlíonann an trealamh na ceanglais atá sonraithe i gCaibidil 4.

Mar sin féin, maidir leis an gcuid ETCS den Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain, tá gá le faisnéis a bhaineann go sonrach lena chur i bhfeidhm. Áireofar leis sin:

(1) saintréithe línte amhail grádáin, faid, suíomhanna na ngnéithe bealaigh agus Eurobalise/Eurloops, láithreacha atá le cosaint, etc.;

(2) na sonraí comharthaíochta agus na rialacha atá le láimhseáil ag an gcóras ETCS.

Ní chumhdaítear leis an STI seo seiceálacha chun a mheas an bhfuil an fhaisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcur i bhfeidhm ceart.

Gan beann ar an modúl a roghnaíodh:

(1) Léirítear i Tábla 6.3 na seiceálacha a dhéanfar chun Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain a fhíorú agus na Paraiméadair bhunúsacha a urramófar;

(2) ní gá fíorú breise a dhéanamh ar fheidhmiúlacht agus ar fheidhmíocht atá seiceáilte cheana féin ar leibhéal na gcomhábhar idir-inoibritheachta;

(3) maidir le nuashonrú mar gheall ar chothabháil sonraíochtaí ar Chomhábhar Idir-inoibritheachta atá comhtháite cheana féin, ní bheidh gá le fíorú breise ina leith ó fhochóras Comhlachta faoina dTugtar Fógra má dhearbhaíonn an Comhlacht faoina dTugtar Fógra maidir le Comhábhar Idir-inoibritheachta go bhfuil tionchar an nuashonraithe atá le measúnú teoranta don Chomhábhar Idir-inoibritheachta agus mura bhfuil tionchar ar bith ar leibhéal an fhochórais aitheanta ag an gcomhlacht um measúnú CSM a dhéanann measúnú ar chomhtháthú an nuashonraithe san fhochóras.

*Tábla 6.3.*

**Ceanglais measúnaithe maidir le Fochóras Taobh Riain**

| Líon | Gné | Céard atá le measúnú | Fianaise tacaíochta |
|---|---|---|---|
| 1a | Comhábhair idir-inoibritheachta a úsáid | Seiceáil go bhfuil gach comhábhar idir-inoibritheachta atá le comhtháthú san fhochóras cumhdaithe ag dearbhú comhréireachta CE agus ag an deimhniú comhfhreagrach. | Doiciméid a bheith ann agus a bhfuil iontu. |
| 1b | | Déan coinníollacha agus teorainneacha úsáide maidir le húsáid Comhábhar Idir-inoibritheachta a sheiceáil in aghaidh shaintréithe an fhochórais agus na timpeallachta. | Measúnú tionchair trí sheiceáil doiciméad. |
| 1c | | Maidir le comhábhair idir-inoibritheachta atá deimhnithe in aghaidh leagan den STI um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht, ar leagan é atá difriúil leis an leagan arna chur i bhfeidhm maidir le Fíorú 'CE' an fhochórais agus/nó in aghaidh tacar sonraíochtaí atá difriúil leis an tacar sonraíochtaí arna chur i bhfeidhm maidir le Fíorú 'CE' an fhochórais, seiceáil go n-áirithítear fós leis an deimhniú go gcomhlíontar ceanglais an STI atá i bhfeidhm faoi láthair. | Measúnú tionchair trí chomparáid a dhéanamh idir na sonraíochtaí dá dtagraítear sa STI agus deimhnithe na gcomhábhar idir-inoibritheachta. |
| 2a | Comhábhair idir-inoibritheachta a chomhtháthú san fhochóras *Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Na comhábhair sin amháin a bhfuil measúnú sonrach déanta orthu ar leibhéal an fhochórais. | Seiceáil go bhfuil comhéadain inmheánacha an fhochórais suiteáilte i gceart agus go bhfeidhmíonn siad i gceart – Paraiméadair bhunúsacha 4.2.5, 4.2.7 agus coinníollacha arna sonrú ag an monaróir.<br><br>(N/A i gcás Gléasanna Áirimh Rothaí agus cláir mharcála) | Seiceálacha de réir sonraíochtaí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2b | | Seiceáil nach bhfuil tionchar ag feidhmeanna breise (nach bhfuil sonraithe sa STI seo) ar na feidhmeanna éigeantacha.<br><br>(N/A i gcás Gléasanna Áirimh Rothaí agus cláir mharcála) | Measúnú tionchair. |
| 2c | | Seiceáil go bhfuil luachanna IDanna an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha (ETCS) laistigh den raon ceadaithe agus, má cheanglaítear é leis an STI seo, go bhfuil luachanna uathúla acu – Paraiméadar Bunúsach 4.2.9.<br><br>(N/A i gcás Gléasanna Áirimh Rothaí agus cláir mharcála) | Seiceáil na sonraíochtaí dearaidh. |
| 2d | | Le haghaidh Gléasanna Áirimh Rothaí (agus na gléasanna sin amháin):<br><br>Ní mór comhtháthú an Chomhábhair Idir-inoibritheachta san fhochóras a fhíorú:<br><br>Seiceáil innéacs 77 doiciméad Caibidil 4, tábla 16 'measúnú comhréireachta'.<br><br>Seiceáil go bhfuil an trealaimh suiteáilte i gceart agus seiceáil na coinníollacha atá sonraithe ag an monaróir agus/nó an bainisteoir bonneagair. | Seiceáil doiciméad. |
| 2e | | Seiceáil go bhfuil aitheantóir córais ann don chuid ETCS den fhochóras.<br><br>I gcás ina modhnaítear an chuid fheidhmeach nó an chuid cur i gcrích den aitheantóir córais, go gcomhfhreagraíonn an modhnú don sainmhíniú – Paraiméadar Bunúsach 4.2.20.3 | Seiceáil doiciméad. |
| 3 | Réada um Rialú agus Ceannas Taobh Riain | Seiceáil go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cláir mharcála a shonraítear sa STI seo (saintréithe, comhoiriúnacht do na ceanglais bhonneagair (tomhais,...), comhoiriúnacht do réimse radhairc an tiománaí, suíomh na gclár marcála idir-inoibritheacha chun an cuspóir oibríochtúil atá beartaithe dóibh a chomhlíonadh) – Paraiméadar bunúsach 4.2.15. | Doiciméadacht maidir leis an dearadh, torthaí tástálacha nó rití tástála i gcás rothstoc a chomhlíonann an STI. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4a | Comhtháthú le bonneagar | Seiceáil go bhfuil an trealamh ETCS, RMR agus ATO suiteáilte i gceart - Paraiméadair bhunúsacha 4.2.3, 4.2.4, 4.2.19 agus na coinníollacha maidir le suiteáil arna sonrú ag an monaróir. | Torthaí na seiceálacha (de réir na sonraíochtaí dá dtagraítear sna paraiméadair bhunúsacha agus i rialacha an mhonaróra maidir le suiteáil). |
| 4b | | Seiceáil go bhfuil an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain comhoiriúnach don timpeallacht taobh riain – Paraiméadar bunúsach 4.2.16. | Seiceáil doiciméad (deimhnithe ar chomhábhair idir-inoibritheachta agus modhanna comhtháthaithe féideartha arna seiceáil in aghaidh saintréithe taobh riain). |
| 5a | Comhtháthú le comharthaíocht taobh riain (níl sé infheidhme maidir leis an gcuid maidir le haimsiú traenacha) | Seiceáil go gcuirtear na feidhmeanna go léir a cheanglaítear leis an iarratas chun feidhme de réir na sonraíochtaí dá dtagraítear sa STI seo – Paraiméadar bunúsach 4.2.3. | Seiceáil doiciméad (sonraíocht dearaidh an iarratasóra agus deimhnithe comhábhar idir-inoibritheachta). |
| 5b | | Seiceáil dea-chumraíocht na bparaiméadar (teileagraim Eurobalise, teachtaireachtaí RBC, suíomhanna na gclár marcála, etc.). | Seiceáil doiciméad (luachanna na bparaiméadar arna seiceáil in aghaidh saintréithe taobh riain agus comharthaíochta). |
| 5c | | Seiceáil go bhfuil na comhéadain suiteáilte i gceart agus go bhfeidhmíonn siad i gceart. | Fíorú dearaidh agus tástálacha de réir na faisnéise a sholáthraíonn an t-iarratasóir. |
| 5d | | Seiceáil go n-oibríonn an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain i gceart de réir na faisnéise ag na comhéadain le comharthaíocht taobh riain (e.g., giniúint iomchuí teileagraim Eurobalise trí LEU nó teachtaireacht ó RBC). | Fíorú dearaidh agus tástálacha de réir na faisnéise a sholáthraíonn an t-iarratasóir. |
| 6a | Comhtháthú le Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain | Seiceáil an cumhdach RMR – Paraiméadar Bunúsach 4.2.4. | Tomhais ar an láthair. |
| 6b | | Seiceáil go gcuirtear na feidhmeanna go léir a cheanglaítear leis an iarratas chun feidhme de réir na sonraíochtaí dá dtagraítear sa STI seo – paraiméadair bhunúsacha 4.2.3, 4.2.4 agus 4.2.5. | Tuarascálacha ar na cásanna tástála oibríochtúla a shonraítear i bpointe 6.1.2 ina bhfuil ar a laghad dhá Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Ar Bord atá deimhnithe ó sholáthróirí éagsúla. Léireofar sa tuarascáil cé na cásanna tástála oibríochtúla a tástáladh, cén trealamh ar bord a úsáideadh agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh tástálacha i saotharlanna, i línte tástála nó i bhfíor-chur chun feidhme. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7 | Comhoiriúnacht na gcóras um aimsiú traenacha<br>(seachas gléasanna áirimh rothaí) | Seiceáil go gcomhlíonann na córais um aimsiú traenacha ceanglais an STI seo – Paraiméadair bhunúsacha 4.2.10 agus 4.2.11. Seiceáil innéacs 77 doiciméad Caibidil 4.<br>Seiceáil go bhfuil an trealaimh suiteáilte i gceart agus seiceáil na coinníollacha atá sonraithe ag an monaróir agus/nó an bainisteoir bonneagair. | Fianaise ar chomhoiriúnacht trealaimh ó shuiteálacha atá ann cheana (córais atá in úsáid cheana féin); déan tástálacha de réir caighdeáin le haghaidh cineálacha nua.<br>Tomhais ar an láthair chun cruinneas na suiteála a chruthú.<br>Seiceáil doiciméad maidir le suiteáil cheart an trealaimh. |
| 8a | Iontaofacht, Infhaighteacht, Inchothabháilteacht, Sábháilteacht (IIIS)<br>(seachas aimsiú traenacha) | Seiceáil go gcomhlíontar ceanglais sábháilteachta – Paraiméadar Bunúsach 4.2.1.1. | Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta atá sonraithe sa mhodh comhchoiteann sábháilteachta chun meastóireacht agus measúnú riosca a dhéanamh. |
| 8b | | Seiceáil go bhfuil na spriocanna um iontaofacht chainníochtúil á n-urramú – Paraiméadar Bunúsach 4.2.1.2. | Ríomhanna. |
| 8c | | Seiceáil go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cothabháil – pointe 4.2.20.2. | Seiceáil doiciméad. |
| 9 | Comhtháthú le Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar Bord agus le rothstoc: tástálacha faoi choinníollacha a sheasann do na coinníollacha ina ndéantar an oibríocht atá beartaithe. | Déan tástáil ar iompraíocht an fhochórais faoin oiread coinníollacha éagsúla agus is féidir go réasúnach, ar coinníollacha iad a sheasann don oibríocht atá beartaithe (e.g. luas na dtraenacha, líon na dtraenacha ar an líne, dálaí aimsire). Leis an tástáil ní mór go mbeifear in ann na nithe seo a leanas a fhíorú:<br>(1) feidhmíocht na gcóras um aimsiú traenacha – Paraiméadair bhunúsacha 4.2.10, 4.2.11;<br>(2) comhoiriúnacht an Fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain don timpeallacht taobh riain – Paraiméadar bunúsach 4.2.16.<br>Leis na tástálacha sin méadófar muinín freisin nach mbeidh ann do theipeanna córasacha.<br>Ní áirítear le raon feidhme na dtástálacha sin tástálacha a rinneadh cheana i gcéimeanna éagsúla: cuirfear tástálacha a dhéanfar ar leibhéal na gcomhábhar idir-inoibritheachta agus tástálacha a dhéanfar ar an bhfochóras i dtimpeallacht insamhlaithe san áireamh.<br>*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Tabhair le fios sa deimhniú cé na coinníollacha a tástáladh agus cé na caighdeáin a cuireadh i bhfeidhm. | Tuarascálacha ar na ritítástálacha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10 | ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió | Leis na seiceálacha ESC agus RSC atá beartaithe ní chumhdaítear ach ceanglais STI agus tá na seiceálacha sin i gcomhréir leis na sonraíochtaí – Paraiméadar bunúsach 4.2.17. | Seiceáil doiciméad ar na cineálacha ESC/RSC atá beartaithe sa chás gur cineálacha nua nó cineálacha modhnaithe atá iontu.<br>NÓ<br>Foilsítear na seiceálacha comhoiriúnachta teicniúla do Chineál (nó Cineálacha) ESC agus RSC mar 'Bailí' i ndoiciméad teicniúil na Gníomhaireachta ESC/RSC, mura dtagann athrú orthu. |

## 6.4. **Forálacha maidir le measúnú páirteach ar cheanglais STI**

### 6.4.1. *Measúnú ar chodanna d'fhochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht*

De bhun Airteagal 15 (7) de Threoir (AE) 2016/797, féadfaidh an Comhlacht faoina dtugtar fógra deimhnithe um fhíorú CE a eisiúint le haghaidh codanna áirithe d'fhochóras, má cheadaítear é sin a dhéanamh faoin STI ábhartha.

Mar a shonraítear i bpointe 2.2 (Raon feidhme) den STI seo, tá codanna sna fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord agus taobh riain, mar atá sonraithe i bpointe 4.1 (Réamhrá), agus ní bhaineann an roinn seo ach leis na codanna sainithe sin.

Féadfar deimhniú um fhíorú CE a eisiúint do gach cuid nó do theaglaim de chodanna atá sonraithe sa STI seo.

Gan beann ar an modúl a roghnaítear, déanfaidh an Comhlacht faoina dtugtar fógra a sheiceáil go bhfuil na ceanglais (na ceanglais ábhartha uile mar a shonraítear in Tábla 6.2.1) á gcomhlíonadh maidir leis na nithe seo a leanas:

(1) an chuid lena mbaineann; agus

(2) comhéadain na coda sin leis na codanna den fhochóras atá gan athrú; agus

(3) an comhtháthú leis na codanna den fhochóras atá gan athrú.

Maidir le fochóras CCS ar bord: In aon chás ina ndéantar measúnú ar chodanna, breithneofar ceann de na roghanna seo a leanas sa deimhniú um fhíorú CE nó sna deimhnithe um fhíorú CE arna n-eisiúint ag an gComhlacht (na Comhlachtaí) faoina dTugtar Fógra:

(1) Deimhniú um fhíorú CE maidir leis an bhfochóras CCS ar bord lena gcumhdaítear na codanna uile; nó.

(2) Deimhniú um fhíorú CE maidir le gach ceann de na grúpaí codanna seo a leanas:

   (a) Cosaint traenacha, radachumarsáid sonraí agus codanna uathoibrithe traenacha, agus

   (b) Cuid na radachumarsáide gutha.

Sonrófar i ndeimhniú um fhíorú CE comhlíonadh na gceanglas uile i Tábla 6.2.1, agus comhéadain a d'fhéadfadh a bheith ann idir codanna nó easpa comhéadan den sórt sin, agus cuirfear fianaise ar fáil ina leith sin, ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(1) an easpa comhéadan leis an gcuid eile/leis an ngrúpa codanna eile; nó

(2) i gcás comhéadan leis an gcuid eile/leis an ngrúpa codanna eile, an easpa coinníollacha agus teorainneacha úsáide ón gcuid eile/ón ngrúpa codanna eile.

   i gcás na gcomhéadan a éilíonn coinníollacha agus teorainneacha úsáide i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear i Tábla 6.2.1 den STI seo agus a onnmhairíonn srianta chuig an gcuid eile/chuig an ngrúpa codanna eile, beidh deimhniú fochórais CE ann; nó

(3) i gcás nach bhfuil san fhochóras ach cuid amháin/grúpa codanna amháin, ní gá aon mheasúnú breise a dhéanamh ar leibhéal an fhochórais má chumhdaítear leis an measúnú ar an gcuid/ar an ngrúpa codanna na ceanglais STI uile don chuid/don ghrúpa chodanna sin. Sa chás sin, cuirtear an deimhniú um fhíorú CE maidir leis an gcuid in ionad an deimhnithe um fhíorú CE maidir leis an bhfochóras.

6.4.2. *Dearbhú idirmheánach maidir le fíorú*

Má dhéantar measúnú ar chomhoiriúnacht i dtaca le fochórais arna sonrú ag an iarratasóir agus atá difriúil leis na codanna a cheadaítear i Tábla 4.1 agus má tá an próiseas measúnaithe difriúil leis an bpróiseas ar a dtugtar tuairisc i bpointe 6.4.1 (Measúnú ar chodanna d'fhochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht) den STI seo, nó mura bhfuil ach céimeanna áirithe den nós imeachta fíorúcháin curtha i gcrích, féadfar dearbhú idirmheánach maidir le fíorú a eisiúint.

6.5. **Bainistiú earráidí**

I gcás ina mbraitear diallais ó na feidhmeanna atá beartaithe agus/nó ón bhfeidhmíocht atá beartaithe le linn tástálacha nó le linn shaolré oibríochtúil fochórais, cuirfidh na hiarratasóirí agus/nó na hoibreoirí an Ghníomhaireacht agus an t-eintiteas um údarú a d'eisigh na húdaruithe le haghaidh na bhfochóras nó na bhfeithiclí taobh riain lena mbaineann ar an eolas gan mhoill, chun na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2016/797 a thionscnamh. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 16 (3) den Treoir sin:

(1) más rud é go bhfuil an diallas ann mar thoradh ar an STI seo a bheith curtha i bhfeidhm go mícheart nó de bharr earráidí i ndearadh nó i suiteáil trealaimh, déanfaidh an t-iarratasóir ar na deimhnithe ábhartha na bearta ceartaitheacha is gá agus na deimhnithe lena mbaineann agus/nó na comhaid theicniúla chomhfhreagracha (le haghaidh comhábhair idir-inoibritheachta agus/ nó fochórais), mar aon leis na Dearbhuithe CE comhfhreagracha, a thabhairt cothrom le dáta;

(2) más rud é go bhfuil an diallas ann mar thoradh ar earráidí sa STI seo nó sna sonraíochtaí dá dtagraítear ann, cuirfear tús leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/797.

Féadfaidh na hiarratasóirí agus/nó na soláthróirí a réiteach féin a chur i bhfeidhm ar an earráid shainaitheanta a luaithe a bheidh an iarraidh ar athrú a bhaineann le hearráid bailíochtaithe leis an nós imeachta um Bainistiú Rialaithe Athruithe i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2016/796. Déanfar an bailíochtú laistigh de 3 mhí tar éis an fhaisnéis iomlán a chur isteach.

Féadfar aon réiteach sealadach den sórt sin ar an earráid shainaitheanta, nach n-onnmhairíonn srianta chuig an bhfochóras eile, a chur i bhfeidhm go dtí go nglacfar an ceartúchán earráide comhaontaithe i leagan nua de STI CCS. A luaithe a ghlacfar réiteach ar an earráid shainaitheanta i leagan nua STI, cuirfidh na hiarratasóirí agus/nó na soláthróirí an réiteach a glacadh i bhfeidhm maidir leis na feithiclí atá ann cheana de réir an choinníll is luaithe de na coinníollacha seo a leanas:

(a) mura bhfuil gá le húdarú chun ceartúchán earráide a chur chun feidhme: an chéad uair eile a bheidh ceartúchán earráide éigeantach de bhua thábla B1.1 ró 1 agus in aon chás tráth nach luaithe ná an 1.1.2026.

(b) má tá gá le húdarú chun ceartúchán earráide a chur chun feidhme: ag an gcéad athúdarú eile mar thoradh ar athrú eile ar chóras cosanta traenacha na feithicle (ETCS)

(c) ag an gcéad uasghrádú eile go dtí leagan córais níos airde den chuid maidir le cosaint traenacha na feithicle.

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Maidir le comhábhair idir-inoibritheachta a léiríonn toradh na faisnéise atá le soláthar mar a thuairiscítear i bpointe 7.2.10.1 nach bhfuil aon tionchar acu ar shábháilteacht, ar oibriú ná ar idir-inoibritheacht, níl gá le nuashonrú.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag ceartúcháin earráidí ar fhochóras CCS taobh riain agus ar fhochóras CCS ar bord. Eagróidh an Ghníomhaireacht próiseáil éifeachtach ar an bhfaisnéis go léir a gheofar chun an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a éascú chun na sonraíochtaí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear na sonraíochtaí tástála.

6.5.1. *A bhfuil i ndeimhnithe CE*

De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250 ón gCoimisiún ([15]), tabharfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra tuairisc ar na srianta agus na coinníollacha maidir le húsáid comhábhar idir-inoibritheachta agus fochóras sna deimhnithe CE is ábhartha.

Comhordóidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra leis an nGníomhaireacht an chaoi a ndéantar earráidí, srianta agus coinníollacha maidir le húsáid comhábhar idir-inoibritheachta agus fochóras a bhainistiú i ndeimhnithe ábhartha CE um fhíorú agus sna comhaid theicniúla a ghabhann leo sa ghrúpa oibre a bunaíodh faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/796.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2019 maidir le teimpléid na ndearbhuithe agus na ndeimhnithe 'CE' le haghaidh comhábhair idir-inoibritheachta agus fochórais iarnróid, maidir le múnla an dearbhaithe comhréireachta le haghaidh cineál údaraithe feithicil iarnróid agus maidir leis na nósanna imeachta um fhíorú 'CE' le haghaidh fochóras i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 201/2011 ón gCoimisiún (IO L 42, 13.2.2019, lch. 9).

Sa chomhad teicniúil a ghabhann leis seo arna eisiúint ag an gcomhlacht faoina dtugtar fógra, úsáidfear teimpléad Foscríbhinn D.

6.5.2. *A bhfuil i ndearbhuithe CE*

De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/250, tabharfaidh monaróir an chomhábhair idir-inoibritheachta nó an t-iarratasóir ar an bhfochóras tuairisc sa dearbhú comhréireachta CE nó sa dearbhú um fhíorú CE ar na srianta agus na coinníollacha úsáide.

Sa chomhad teicniúil a ghabhann leis seo, úsáidfear teimpléad Foscríbhinn D.

7. RIALÚ AGUS CEANNAS AGUS COMHARTHAÍOCHT STI A CHUR CHUN FEIDHME

7.1. **Réamhrá**

Leagtar amach sa Chaibidil seo na bearta teicniúla chun an STI a chur chun feidhme, agus go háirithe na coinníollacha maidir le haistriú chuig córais Aicme A.

Ní mór a chur san áireamh go gcaithfear cur chun feidhme STI a chomhordú ó am go chéile le cur chun feidhme STInna eile.

7.2. **Rialacha atá infheidhme go ginearálta**

7.2.1. *Uasghrádú nó athnuachan a dhéanamh ar na Fochórais um Rialú agus Ceannas nó ar chodanna de na Fochórais sin*

D'fhéadfadh go mbeadh baint ag uasghrádú nó athnuachan na bhFochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht le haon cheann nó le gach ceann de na codanna atá iontu, mar a shonraítear i bpointe 2.2 (Raon feidhme).

Féadfar, dá bhrí sin, na codanna éagsúla de na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht a uasghrádú nó a athnuachan ar leithligh, mura gcuirtear an idir-inoibritheacht i mbaol.

Féach pointe 4.1 (Réamhrá) le haghaidh an tsainmhínithe ar an bparaiméadar bunúsach do gach cuid.

7.2.2. *Athruithe ar fhochóras Ar Bord atá ann cheana féin*

Sainítear leis an bpointe seo na prionsabail atá le cur i bhfeidhm ag na heintitis a bhainistíonn an t-athrú agus na heintitis a údaraíonn an t-athrú i gcomhréir leis an nós imeachta um fhíorú CE a bhfuil tuairisc air in Airteagal 15 (9) agus in Airteagal 21 (12) agus in Iarscríbhinn IV de Threoir (AE) 2016/797. Tá tuilleadh faoin nós imeachta sin in Airteagail 13, 15 agus 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 agus i gCinneadh 2010/713/AE.

Tá feidhm ag an bpointe seo i gcás aon athrú nó athruithe ar fhochóras ar bord nó ar chineál fochórais ar bord atá ann cheana féin, lena n-áirítear athnuachan nó uasghrádú. Níl feidhm aige i gcás athruithe a chumhdaítear le hAirteagal 15 (1), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

7.2.2.1. Rialacha chun athruithe i bhfochórais CCS ar bord a bhainistiú

(1) Tá codanna, mar a shainmhínítear i Tábla 4.1 den STI seo, agus paraiméadair bhunúsacha an fhochórais ar bord nach ndéanann an t-athrú nó na hathruithe difear dóibh, díolmhaithe ó mheasúnú comhréireachta in aghaidh na bhforálacha sa STI seo. Is é an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú a sholáthróidh liosta na gcodanna agus na bparaiméadar bunúsach a ndéanann an t-athrú difear dóibh.

(2) Cuirfidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú Comhlacht faoina dtugtar fógra ar an eolas faoi gach athrú a dhéanann difear do chomhréireacht an fhochórais le ceanglais na STI(anna) ábhartha a éilíonn seiceálacha nua, i gcomhréir le hAirteagal 15 agus le hAirteagal 16 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 agus Cinneadh 2010/713/AE agus trí mhodúil SB, SD/SF nó SH1 a chur i bhfeidhm maidir le fíorú CE, agus más ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 15 (5) de Threoir (AE) 2016/797. Cuirfidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú an fhaisnéis sin ar fáil, ina mbeidh tagairtí comhfhreagracha don doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú CE reatha.

(3) Ní mór don eintiteas a bhainistíonn an t-athrú údar agus doiciméid a chur ar fáil go bhfuil na ceanglais is infheidhme comhsheasmhach i gcónaí ar leibhéal an fhochórais, agus ní mór don Chomhlacht faoina dTugtar Fógra an méid sin a mheasúnú.

(4) Sainmhínítear na hathruithe a mbíonn tionchar acu ar Bhuntréithe Dearaidh an fhochórais ar bord i Tábla 7.1 (Buntréithe Dearaidh) agus in Airteagal 15(1), pointí (c) nó (d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545, agus i gcomhréir leTábla 7.1 (Buntréithe Dearaidh) déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú iad a aicmiú mar cheann de na hathruithe atá sonraithe in Airteagal 15 (1), pointe (b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 athruithe nach bhfuil tionchar acu ach a bhaineann leis na Buntréithe Dearaidh.

(5) Meastar nach bhfuil aon tionchar ag athruithe nach bhfuil cumhdaithe le pointe 7.2.2.1(4) thuas ar na buntréithe dearaidh. Déanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú iad a aicmiú mar cheann de na hathruithe atá sonraithe in Airteagal 15 (1), pointe (a) nó (b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Is é an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú a dhéanann na hathruithe a leagtar amach i bpointí 7.2.2.1(4) agus sa phointe thuas a aicmiú, gan dochar don bhreithiúnas sábháilteachta atá sainordaithe in Airteagal 21 (12), pointe (b) de Threoir (AE) 2016/797.

(6) Leanfaidh gach athrú de bheith i gcomhréir leis na STInna is infheidhme ([16]) beag beann ar a aicmiú.

*Tábla 7.1.*

**Buntréithe Dearaidh**

| 1. Pointe STI | 2. Buntréith(e) dearaidh lena mbaineann | 3. Athruithe nach ndéanann difear do bhuntréithe dearaidh de réir Airteagal 15 (1) (b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)-2018/545 | 4. Athruithe a dhéanann difear do na buntréithe dearaidh ach atá laistigh de raon na bparaiméadar atá inghlactha, agus atá dá bhrí sin le haicmiú mar cheann de na hathruithe atá sonraithe in Airteagal 15.1 (c) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)-2018/545 | 5. Athruithe a dhéanann difear do na buntréithe dearaidh ach atá laistigh de raon na bparaiméadar atá inghlactha, déanfar iad a aicmiú dá bhrí sin mar cheann de na hathruithe atá sonraithe in Airteagal 15.1 (d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2018/545 |
|---|---|---|---|---|
| 4.2.2. Feidhmiúlacht ETCS ar bord | Trealamh ETCS ar bord agus an tacar sonraíochta STI CCS i bhFoscríbhinn A | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Úsáid tacar sonraíochtaí eile Foscríbhinn A. |
| | Imchlúdach de leaganacha córais ETCS arna n-oibriú go dleathach | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach | Tús a chur le húsáid oibríochtúil ETCS nó í a shuiteáil;<br>An t-imchlúdach de leaganacha córais ETCS arna n-oibriú go dleathach a mhodhnú ó thacar sonraíochtaí i bhFoscríbhinn A. |

([16]) De réir Chomhairle 2017/3 ón nGníomhaireacht, más rud é, tar éis modhnú a dhéanamh, nach bhfuil gá le húdarú nua, comhfhreagraíonn an STI is infheidhme don STI a úsáideadh don deimhniú bunaidh. I gcás ina bhfuil gá le húdarú nua, comhfhreagraíonn an STI is infheidhme don STI is déanaí.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Cur chun feidhme ETCS ar bord | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.2 (athrú ar an aitheantóir fíoraithe) | Neamhbhainteach | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.2 (athrú ar an aitheantóir feidhmiúil) |
| | Faisnéis maidir le hiomláine na traenach a bhainistiú (nach faisnéise ón tiománaí í) | Neamhbhainteach | Faisnéis maidir le maoirseacht a dhéanamh ar shláine na traenach a chur leis nó a bhaint | Neamhbhainteach |
| | Faisnéis maidir le sláine i dtaca le fad ó ETCS ar bord is gá chun rochtain a fháil ar an líne agus ar SIL | Neamhbhainteach | Faisnéis maidir le sláine i dtaca le fad a chur leis nó a bhaint | Neamhbhainteach |
| 4.2.17.1. Comhoiriúnacht an Chórais ETCS | Comhoiriúnacht an Chórais ETCS | Neamhbhainteach | Ráiteas ESC a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4 a chur leis nó a bhaint. | Ráiteas ESC nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4a chur leis nó a bhaint. |
| 4.2.4. Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br><br>4.2.4.2.1. Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin GSM-*R* | Guth Raidió GSM-R ar bord agus a Bhonnlíne | Úsáid Bonnlíne eile a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 | Neamhbhainteach | Tús a chur le húsáid oibríochtúil guth raidió an chábáin GSM-R nó é a shuiteáil; Úsáid Bonnlíne eile nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. |
| | Cumarsáid ghutha agus oibríochtúil GSM-R a chur chun feidhme | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 (athrú ar an aitheantóir fíoraithe) | Neamhbhainteach | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. (athrú ar an aitheantóir feidhmiúil) |
| | Tacaíocht maidir le cárta SIM Guth GSM-R de Ghrúpa ID 555 | Neamhbhainteach | An tacaíocht maidir le cárta SIM de Ghrúpa ID 555 a athrú | Neamhbhainteach |
| 4.2.17.3. ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió | Comhoiriúnacht an Chórais Gutha Raidió | Neamhbhainteach | Ráiteas RSC a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4. a chur leis nó a bhaint. | Ráiteas RSC nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4. a chur leis nó a bhaint. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.2.4. Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br><br>4.2.4.3.1.1. Cumarsáid sonraí GSM-R maidir le ETCS | Cumarsáid sonraí raidió GSM-R ar bord agus a Bhonnlíne | Úsáid Bonnlíne eile a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. | Neamhbhainteach | Tús a chur le húsáid oibríochtúil GSM-R EDOR nó í a shuiteáil;<br>Úsáid Bonnlíne eile nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. |
| 4.2.4.3.2.1. Cumarsáid sonraí GSM-R maidir le ATO | Cumarsáid sonraí GSM-R chun ETCS agus ATO a chur chun feidhme | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 (athrú ar an aitheantóir fíoraithe) | Neamhbhainteach | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 (athrú ar an aitheantóir feidhmiúil) |
| 4.2.17.3. ETCS agus Comhoiriúnacht an Chórais Raidió | Comhoiriúnacht an Chórais Sonraí Raidió | Neamhbhainteach | Ráiteas RSC a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4 a chur leis nó a bhaint. | Ráiteas RSC nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.4 a chur leis nó a bhaint. |
| 4.2.4. Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br><br>4.2.4.1.1. Feidhm chumarsáid bhunúsach GSM-R | Líonra Baile do Chárta Gutha SIM GSM-R | Neamhbhainteach | Cárta SIM GSM-R eile atá comhlíontach le STI a chur in ionad Cárta SIM GSM-R eile atá comhlíontach le STI le Líonra Baile GSM-R eile | Neamhbhainteach |
| | Líonra Baile do Chárta Sonraí SIM GSM-R | Neamhbhainteach | Cárta SIM GSM-R eile atá comhlíontach le STI a chur in ionad Cárta SIM GSM-R eile atá comhlíontach le STI le Líonra Baile GSM-R eile | Neamhbhainteach |
| 4.2.18. Feidhmiúlacht ATO ar Bord | Leagan an chórais ATO ar bord | Neamhbhainteach | Athrú ar leagan an chórais ATO a chomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. | Cuir leis nó bain an chuid ATO den fhochóras CCS ar bord; Tús a chur le húsáid oibríochtúil an ATO.<br>Nó athrú ar leagan an chórais ATO nach gcomhlíonann na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Cur chun feidhme ATO ar bord | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 (athrú ar an aitheantóir fíoraithe) | Neamhbhainteach | Na coinníollacha go léir i bpointe 7.2.2.3 (athrú ar an aitheantóir feidhmiúil) |
| 7.2.5. Córais oidhreachta | Córais Aicme B nó córais cosanta traenacha, rialaithe agus rabhaidh oidhreachta eile arna suiteáil (córas agus, más infheidhme, leagan) | Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. | Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. | Cuir leis nó bain córais cosanta traenacha Aicme B.<br>Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. |
| | Córais Aicme B nó córais oidhreachta raidió eile arna suiteáil (córas agus, más infheidhme, leagan) | Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. | Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. | Cuir leis nó bain córais oidhreachta raidió Aicme B.<br>Tá an Ballstát ábhartha freagrach as na ceanglais maidir le córais Aicme B. |

(7) Chun an deimhniú um fhíorú CE a bhunú, féadfaidh an Comhlacht faoina dtugtar fógra tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

(a) an deimhniú bunaidh um fhíorú CE maidir le codanna den dearadh nach bhfuil aon athrú orthu nó codanna a dtagann athrú orthu ach nach ndéanann difear do chomhréireacht an fhochórais, a mhéid atá sé fós bailí;

(b) leasuithe ar an deimhniú bunaidh um fhíorú CE (lena leasaítear an deimhniú bunaidh) maidir le codanna modhnaithe den dearadh a dhéanann difear do chomhréireacht an fhochórais leis an leagan STI is infheidhme a úsáidtear le haghaidh an fíorú CE.

(8) Ar aon chuma, áiritheoidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú go ndéanfar an doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú CE a nuashonrú dá réir sin.

(9) Tagraítear don doiciméadacht theicniúil nuashonraithe, a bhaineann leis an deimhniú CE, sa chomhad teicniúil a ghabhann leis an dearbhú um fhíorú CE arna eisiúint ag an eintiteas a bhainistíonn an t-athrú ar fhochóras ar bord ar dearbhaíodh go bhfuil sé i gcomhréir leis an gcineál modhnaithe.

7.2.2.2. Coinníollacha maidir le hathrú ar an bhfeidhmiúlacht ETCS ar bord nach ndéanann difear do na buntréithe dearaidh

(1) Níl aon athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice ([17]) nó tá sí socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh. Meastar nach bhfuil athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice agus an próiseas cothabhála sonraíochta (ceartúcháin earráidí) á cur i bhfeidhm, ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.2.10 lena n-áirítear ceartúcháin earráidí nó bearta maolaithe a chur chun feidhme.

([17]) Tagraíonn feidhmiúlacht sprice don fheidhmiúlacht ETCS a ndearnadh meastóireacht uirthi i ndeimhniú CE an fhochórais. Maidir le Tuairimí Teicniúla arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht lena ndéantar na hearráidí sa STI a cheartú, meastar go sainmhínítear iontu an staid feidhmiúlachta lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(2) Níl aon athrú ar na comhéadain is ábhartha maidir le sábháilteacht agus comhoiriúnacht theicniúil nó tá siad socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(3) Níl aon athrú ar thoradh an bhreithiúnais sábháilteachta (e.g. cás sábháilteachta de réir EN 50126).

(4) Níor cuireadh coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm a bhaineann le sábháilteacht (SRAC) ná srianta idir-inoibritheachta leis de bharr an athraithe.

(5) Rinne comhlacht um measúnú CSM (CSM RA), mar atá sonraithe i bpointe 4.2.1, measúnú neamhspleách ar mheasúnú riosca an iarratasóra agus ar an léiriú mar chuid den mheasúnú sin nach ndéanann an t-athrú dochar do shábháilteacht. Áireofar le léiriú an iarratasóra an fhianaise go gceartaítear leis an t-athrú cúiseanna an diallta tosaigh ar an bhfeidhmiúlacht.

(6) Ag brath ar chineál an athraithe:

(a) Sa chás go ndéantar an t-athrú mar gheall ar earráid táirge: Déantar an t-athrú faoi chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra. I gcás modúil eile, beidh údar maith ann go mbeidh an fíorú a dhéanfar fós bailí ([18]).

(b) I gcás ina ndéantar an t-athrú mar gheall ar an bpróiseas cothabhála sonraíochta (tá sonraíochtaí nuashonraithe i bhFoscríbhinn A Tábla A 2 ina bhfuil na tuairiscí ar an gceartúchán earráidí): tá gá le deimhniú dhearadhscrúdú-CE nó Deimhniú ar chineálscrúdú CE nuashonraithe do na Comhábhair Idir-inoibritheachta nó don Fhochóras chun ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme. Sa chás seo, beidh feidhm ag forálacha phointe 6.3.3 (3).

(7) Leis an mbainistíocht cumraíochta aonair sainítear 'aitheantóir córais' (mar a shainmhínítear i 4.2.20.3) agus níor athraíodh 'aitheantóir feidhmiúil' an 'aitheantóra córais' tar éis an athraithe.

(8) Beidh an t-athrú mar chuid den bhainistiú cumraíochta a cheanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

7.2.2.3. Coinníollacha maidir le hathrú ar fheidhmeanna cumarsáide soghluaiste ar bord d'iarnróid nó ar fheidhmiúlacht ATO ar bord nach ndéanann difear do na buntréithe dearaidh

(1) Níl aon athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice ([19]) nó tá sí socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh. Meastar nach bhfuil athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice agus an próiseas cothabhála sonraíochta (ceartúcháin earráidí) á cur i bhfeidhm, ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.2.10 lena n-áirítear ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme nó bearta maolaithe a chur chun feidhme.

(2) Níl aon athrú ar na comhéadain is ábhartha maidir le comhoiriúnacht theicniúil nó tá siad socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(3) Ag brath ar chineál an athraithe:

(a) Sa chás go ndéantar an t-athrú mar gheall ar earráid táirge: Déantar an t-athrú faoi chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra. I gcás modúil eile, beidh údar maith ann go mbeidh an fíorú a dhéanfar fós bailí ([20]).

([18]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le scrúduithe nó tástálacha breise ón gcomhlacht faoina dtugtar fógra maidir le gach gníomhaíocht a theastaíonn le haghaidh modhnú a dhéantar lasmuigh de chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra.

([19]) Tagraíonn feidhmiúlacht sprice don fheidhmiúlacht chumarsáide shoghluaiste a ndearnadh meastóireacht uirthi i ndeimhniú CE an fhochórais. Maidir le Tuairimí Teicniúla arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht agus ceartúcháin earráidí laistigh d'eisiúintí den tsonraíocht lena ndéantar na hearráidí sa STI a cheartú, meastar go sainmhínítear iontu an staid feidhmiúlachta lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

([20]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le scrúduithe nó tástálacha breise ón gcomhlacht faoina dtugtar fógra maidir le gach gníomhaíocht a theastaíonn le haghaidh modhnú a dhéantar lasmuigh de chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra.

(b) I gcás ina ndéantar an t-athrú mar gheall ar an bpróiseas cothabhála sonraíochta (tá sonraíochtaí nuashonraithe i bhFoscríbhinn A Tábla A 2 ina bhfuil na tuairiscí ar an gceartúchán earráidí): tá gá le deimhniú dhearadhscrúdú-CE nó Deimhniú ar chineálscrúdú CE nuashonraithe do na Comhábhair Idir-inoibritheachta nó don Fhochóras chun ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme. Sa chás seo beidh feidhm ag forálacha phointe 6.3.3(3).

(4) Beidh an t-athrú mar chuid den bhainistiú cumraíochta a cheanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545.

7.2.2.4. Coinníollacha le haghaidh athrú ar an bhfochóras ar bord maidir le comhoiriúnacht córais ETCS nó Raidió nach ndéanann difear do na buntréithe dearaidh

(1) Níor cuireadh coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm a bhaineann le sábháilteacht (SRAC) nó srianta idir-inoibritheachta a bhaineann le comhoiriúnacht theicniúil don líonra leis ná níor baineadh iad de bharr ráiteas ESC nó RSC a chur leis nó a bhaint.

(2) Níor cuireadh isteach ná níor baineadh aon srian idir-inoibritheachta (srianta nó coinníollacha úsáide) a bhaineann le comhoiriúnacht theicniúil don líonra mar gheall ar an ráiteas ESC nó RSC.

7.2.3. *Uasghrádú nó athnuachan ar an bhfochóras taobh riain atá ann cheana féin*

Sainítear leis an bpointe seo na prionsabail atá le cur i bhfeidhm ag na heintitis a bhainistíonn an t-athrú agus na heintitis a údaraíonn an t-athrú i gcomhréir leis an nós imeachta maidir leis an bhfíorú CE a bhfuil tuairisc air in Airteagail 15 (9) agus 18(6) de Threoir (AE) 2016/797 agus i gCinneadh 2010/713/AE.

7.2.3.1. Rialacha maidir le huasghrádú nó athnuachan ar na fochórais CCS taobh riain atá ann cheana féin a bhainistiú

I gcás uasghrádú nó athnuachan a dhéanamh ar na Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíochta bhfuil deimhniú um fhíorú CE acu beidh feidhm leis na rialacha seo a leanas:

(1) Teastaíonn údarú nua maidir leis na hathruithe má dhéanann siad difear do na paraiméadair bhunúsacha mar a shainmhínítear iad i Tábla 7.2.

*Tábla 7.2.*

**Modhnuithe ar na paraiméadair bhunúsacha taobh riain a éilíonn údarú nua**

| Paraiméadar Bunúsach | | Modhnú lena n-éilítear údarú nua |
|---|---|---|
| 4.2.3 | Feidhmiúlacht ETCS taobh riain | Gan a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir i bpointe 7.2.3.2 |
| 4.2.4<br>4.2.4.2 | Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br>Feidhmchláir chumarsáide gutha agus oibriúcháin | Gan a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir i bpointe 7.2.3.3 |
| 4.2.4<br>4.2.4.3 | Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br>Feidhmchláir cumarsáide sonraí maidir le ETCS agus ATO | Gan a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir i bpointe 7.2.3.3 |
| 4.2.19 | Feidhmiúlacht ATO Taobh Riain | Gan a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha go léir i bpointe 7.2.3.3 |

(2) Ní cheadaítear déileáil leis na hathruithe ach trí athmheasúnú a dhéanamh ar na modhnuithe sin a dhéanann difear do chomhréireacht an fhochórais leis an leagan STInna is infheidhme a úsáidtear don fhíorú CE. Ní mór don eintiteas a bhainistíonn an t-athrú údar agus doiciméid a chur ar fáil go bhfuil na ceanglais is infheidhme comhsheasmhach i gcónaí ar leibhéal an fhochórais, agus ní mór don Chomhlacht faoina dTugtar Fógra an méid sin a mheasúnú.

(3) Cuirfidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú an Comhlacht faoina dTugtar Fógra ar an eolas faoi na hathruithe go léir a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhréireacht an fhochórais le ceanglais an STI nó na STIanna ábhartha nó na coinníollacha maidir le bailíocht an deimhnithe.

Cuirfidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú an fhaisnéis sin ar fáil, ina mbeidh tagairtí comhfhreagracha don doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú CE reatha.

(4) Bunóidh Comhlacht faoina dtugtar fógra Deimhniú CE a léireoidh na hathruithe a dhéanann difear do chomhréireacht an STI. Chun an deimhniú CE a bhunú, féadfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

(a) an deimhniú bunaidh um fhíorú CE maidir le codanna den dearadh nach bhfuil aon athrú orthu nó cpdanna a dtagann athrú orthu ach nach ndéanann difear do chomhréireacht an fhochórais, a mhéid atá sé fós bailí;

(b) deimhniú breise CE (lena leasaítear an deimhniú bunaidh) maidir le codanna modhnaithe den dearadh a dhéanann difear do chomhréireacht an fhochórais leis an leagan STI is infheidhme a úsáidtear le haghaidh an fíorú CE.

(5) Ar aon chuma, áiritheoidh an t-eintiteas a bhainistíonn an t-athrú go ndéanfar an doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an deimhniú CE a nuashonrú dá réir sin.

(6) Ciallaíonn 'bainistíocht cumraíochta' próiseas córasach eagraíochtúil, teicniúil agus riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar feadh shaolré fhochórais CCS chun a áirithiú go ndéantar comhsheasmhacht na doiciméadachta agus inrianaitheacht na n-athruithe a bhunú agus a chothabháil ionas:

(a) go gcomhlíontar ceanglais dhlí ábhartha an Aontais agus ceanglais na rialacha náisiúnta;

(b) go ndéantar athruithe a rialú agus a dhoiciméadú sna comhaid theicniúla nó sa chomhad a ghabhann leis an údarú eisithe;

(c) go gcoimeádtar faisnéis agus sonraí cothrom le dáta agus cruinn;

(d) go gcuirtear na páirtithe ábhartha ar an eolas faoi athruithe, de réir mar is gá.

### 7.2.3.2. Coinníollacha maidir le huasghrádú nó athnuachan a dhéanamh ar fheidhmiúlacht ETCS taobh riain a éilíonn, mura gcomhlíontar iad, údarú nua chun í a chur i mbun seirbhíse

(1) Níl aon athrú ar fheidhmiúlacht sprice ([21]) an pharaiméadair bhunúsaigh 4.2.3 nó go bhfuil sí socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh. Meastar nach bhfuil athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice agus an próiseas cothabhála sonraíochta (ceartúcháin earráidí) á cur i bhfeidhm, ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.2.10, lena n-áirítear ceartúcháin earráidí nó bearta maolaithe araon a chur chun feidhme.

(2) Níl aon athrú ar chomhéadain an pharaiméadair bhunúsaigh 4.2.3 is ábhartha maidir le sábháilteacht agus comhoiriúnacht theicniúil nó tá siad socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(3) Níl aon athrú ar thoradh an bhreithiúnais sábháilteachta (e.g. cás sábháilteachta de réir EN 50126).

(4) Níor cuireadh coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm a bhaineann le sábháilteacht (SRAC) ná srianta idir-inoibritheachta leis de bharr an athraithe.

(5) Nuair a éilíodh sin i bpointe 4.2.1, rinne comhlacht um measúnú CSM (CSM RA) measúnú neamhspleách ar mheasúnú riosca an iarratasóra agus ar an léiriú mar chuid den mheasúnú sin nach ndéanann an t-athrú dochar do shábháilteacht. Sa chás gur earráid táirge is cúis leis an athrú, áireofar i léiriú an iarratasóra an fhianaise go gceartaítear leis an athrú na cúiseanna a bhí leis an earráid táirge.

([21]) Tagraíonn feidhmiúlacht sprice don fheidhmiúlacht ETCS a ndearnadh meastóireacht uirthi i ndeimhniú CE an fhochórais. Maidir le Tuairimí Teicniúla arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht agus ceartúcháin earráidí laistigh d'eisiúintí den tsonraíocht lena ndéantar na hearráidí sa STI a cheartú, meastar go sainmhínítear iontu an staid feidhmiúlachta lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(6) Ag brath ar chineál an athraithe:

(a) sa chás go ndéantar an t-athrú mar gheall ar earráid táirge: Déantar an t-athrú faoi chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra. I gcás modúil eile, beidh údar maith ann go mbeidh an fíorú a dhéanfar fós bailí ([22]);

(b) i gcás ina ndéantar an t-athrú mar gheall ar an bpróiseas cothabhála sonraíochta (tá sonraíochtaí nuashonraithe i bhFoscríbhinn A Tábla A 2 ina bhfuil na tuairiscí ar an réiteach ceartúcháin earráidí): tá gá le deimhniú CE nuashonraithe do na Comhábhair Idir-inoibritheachta nó don Fhochóras chun ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme. Sa chás seo, beidh feidhm ag forálacha phointe 6.3.4 (3).

(7) Leis an mbainistíocht cumraíochta aonair sainítear 'aitheantóir córais' (mar a shainmhínítear i 4.2.20.3) agus níor athraíodh 'aitheantóir feidhmiúil' an 'aitheantóra córais' tar éis an athraithe.

(8) Beidh an t-athrú mar chuid den bhainistiú cumraíochta mar a shainmhínítear i bpointe 7.2.1b.1.7.

7.2.3.3. Coinníollacha maidir le huasghrádú nó athnuachan a dhéanamh ar chumarsáid shoghluaiste taobh riain le haghaidh iarnród nó feidhmiúlacht ATO Taobh Riain a éilíonn, mura gcomhlíontar iad, údarú nua maidir le cur i mbun seirbhíse

(1) Níl aon athrú ar fheidhmiúlacht sprice ([23]) na bparaiméadar bunúsach 4.2.4.2, 4.2.4.3 agus 4.2.19 tá siad socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh. Meastar nach bhfuil athrú ar an bhfeidhmiúlacht sprice agus an próiseas cothabhála sonraíochta (ceartúcháin earráidí) á cur i bhfeidhm, ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.2.10 lena n-áirítear ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme nó bearta maolaithe a chur chun feidhme.

(2) Níl aon athrú ar chomhéadain na bparaiméadar bunúsach 4.2.4.2, 4.2.4.3 ná 4.2.19 is ábhartha maidir le comhoiriúnacht theicniúil nó tá siad socraithe sa staid lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

(3) Ag brath ar chineál an athraithe:

(a) sa chás go ndéantar an t-athrú mar gheall ar earráid táirge: Déantar an t-athrú faoi chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra (e.g de réir mhodúil CH1, SH1, CD, SD). I gcás modúil eile (e.g. CF, SF, SG), beidh údar maith ann go mbeidh an fíorú a dhéanfar fós bailí ([24]);

(b) i gcás ina ndéantar an t-athrú mar gheall ar an bpróiseas cothabhála sonraíochta (tá sonraíochtaí nuashonraithe i bhFoscríbhinn A Tábla A 2 ina bhfuil na tuairiscí ar an réiteach ceartúcháin earráidí): tá gá le deimhniú CE nuashonraithe do na Comhábhair Idir-inoibritheachta nó don Fhochóras chun ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme. Sa chás seo, beidh feidhm ag forálacha phointe 6.3.4 (3).

(4) Beidh an t-athrú mar chuid den bhainistiú cumraíochta mar a shainmhínítear in 7.2.3.1 (6).

7.2.3.4. Tionchar ar chomhoiriúnacht theicniúil idir codanna ar bord agus codanna taobh riain den fhochóras CCS

Áiritheoidh bainisteoirí bonneagair go gceadófaí le hathruithe ar fhochóras taobh riain atá ann cheana leanúint d'oibriú na bhfochóras ar bord ([25]) a chomhlíonann STI agus iad i mbun oibríochta ar na línte lena mbaineann na hathruithe.

([22]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le scrúduithe nó tástálacha breise ón gcomhlacht faoina dtugtar fógra maidir le gach gníomhaíocht a theastaíonn le haghaidh modhnú a dhéantar lasmuigh de chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra, mar a thuairiscítear i gCinneadh 2010/713/AE.

([23]) Tagraíonn feidhmiúlacht sprice don fheidhmiúlacht chumarsáide shoghluaiste a ndearnadh meastóireacht uirthi i ndeimhniú CE an fhochórais. Maidir le Tuairimí Teicniúla arna bhfoilsiú ag an nGníomhaireacht lena ndéantar na hearráidí sa STI a cheartú, meastar go sainmhínítear iontu an staid feidhmiúlachta lena raibh coinne cheana féin le linn an deimhnithe nó an údaraithe bunaidh.

([24]) D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le scrúduithe nó tástálacha breise ón gcomhlacht faoina dtugtar fógra maidir le gach gníomhaíocht a theastaíonn le haghaidh modhnú a dhéantar lasmuigh de chóras bainistíochta cáilíochta arna fhormheas ag comhlacht faoina dtugtar fógra.

([25]) Ní mheastar go gcomhlíonann fochórais ar bord a bhfuil coinníollacha agus srianta úsáide nó easnaimh neamhbhraite orthu an clásal seo.

Níl an ceanglas seo infheidhme nuair is athruithe i ngeall ar chur chun feidhme leibhéal nua feidhmchláir taobh riain na hathruithe sin, de bharr ceanglais arna sainmhíniú in 7.2.9.1 (1) agus (4), nó ceanglais maidir le cur i bhfeidhm neamh-chomhoiriúnach (e.g. athrú go dtí X nua de M_VERSION mar a shainmhínítear in 7.4.2.4)).

7.2.4. *Deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó deimhniú dearadhscrúdú-CE*

7.2.4.1. Fochóras CCS ar bord

7.2.4.1.1. *Sainmhínithe*

(1) Comhchreat measúnaithe tosaigh maidir le Fochóras CCS ar bord

Is é an creat measúnaithe tosaigh an STI CCS is infheidhme ag tús na céime deartha nuair a bheidh conradh idir an comhlacht faoina dtugtar fógra don Fhochóras CCS ar bord agus an t-iarratasóir.

(2) Comhchreat deimhniúcháin le haghaidh Fochóras CCS ar bord

Is é an creat deimhniúcháin an STI CCS is infheidhme tráth eisithe an deimhnithe cineáil CE nó an deimhnithe dearadhscrúdú-CE. Is é an creat measúnaithe tosaigh a leasaíodh leis na hathbhreithnithe ar STInna a tháinig i bhfeidhm le linn na céime deartha, agus tá sé infheidhme de réir an chórais aistrithe ar a dtugtar tuairisc i bhFoscríbhinn B.

(3) An chéim dheartha le haghaidh Fochóras CCS ar bord

Is í an chéim dheartha don fhochóras CCS an tréimhse a thosaíonn a luaithe a dhéanann an t-iarratasóir conradh leis an gcomhlacht faoina dtugtar fógra, ar comhlacht é atá freagrach as fíorú CE, agus a dtagann deireadh léi nuair a eisítear an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE.

Leis an gcéim dheartha cumhdaítear an fochóras CCS atá comhtháite i gcineál feithicle agus i gcineál nó (i gcineálacha) athraitheach amháin nó níos mó agus i leagan/leaganacha cineáil. I gcás gach athraitheach cineáil agus gach leagan cineáil, meastar go dtosaíonn an tráth céanna a thosaíonn an príomhchineál.

(4) Céim an táirgthe le haghaidh Fochóras CCS ar bord

Is í an chéim táirgthe an tréimhse ar lena linn a fhéadfar an fochóras CCS ar bord a chur ar an margadh ar bhonn dhearbhú fíoraithe CE a thagraíonn do dheimhniú ar scrúdú cineáil-CE bailí nó do dheimhniú dearadhscrúdú-CE bailí.

(5) Feithicil i mbun oibríochta

Tá an fheithicil i mbun oibríochta nuair atá sí cláraithe le cód clárúcháin 'Bailí' '00', sa Chlár Náisiúnta Feithiclí i gcomhréir le Cinneadh 2007/756/CE ([26]) ón gCoimisiún nó sa Chlár Eorpach Feithiclí i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún ([27]) agus nuair a dhéantar í a chothabháil i staid shábháilte reatha i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún ([28]).

7.2.4.1.2. *Rialacha a bhaineann le deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó deimhniú dearadhscrúdú-CE*

(1) Eiseoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE ag tagairt dóibh don chreat deimhniúcháin.

(2) Nuair a thiocfaidh athbhreithniú ar an STI seo i bhfeidhm le linn na céime deartha, eiseoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE de réir na rialacha seo a leanas:

([26]) Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún an 9 Samhain 2007 lena nglactar sonraíocht chomhchoiteann maidir le clár náisiúnta feithiclí dá bhforáiltear faoi Airteagail 14 (4) agus (5) de Threoracha 96/48/CE agus 2001/16/CE (IO L 305, 23.11.2007, lch. 30).

([27]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh cláir feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin le haghaidh eintiteas atá freagrach as cothabháil feithiclí de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún (IO L 139I, 27.5.2019, lch. 360).

Maidir le hathruithe ar na STInna nach ndéantar tagairt dóibh in Foscríbhinn B, bíonn comhréireacht leis an gcreat measúnaithe tosaigh mar thoradh ar chomhréireacht leis an gcreat deimhniúcháin. Eiseoidh an comhlacht faoina dtugtar fógra an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE dá dtagraítear sa chreat deimhniúcháin gan measúnú breise a dhéanamh.

Maidir le hathruithe ar na STInna dá dtagraítear sa Foscríbhinn B, tá a gcur i bhfeidhm éigeantach de réir an chórais aistrithe atá sainmhínithe sa Foscríbhinn B seo. Le linn na hidirthréimhse atá sainithe, féadfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE dá dtagraítear sa chreat deimhniúcháin a eisiúint gan measúnú breise a dhéanamh. Déanfaidh an Comhlacht faoina dTugtar Fógra na pointí go léir (ó Tábla B1.1) arna meas de réir an chreata measúnaithe tosaigh a liostú sa deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó sa deimhniú dearadhscrúdú-CE.

(3) Nuair a thiocfaidh roinnt athbhreithnithe ar an STI seo i bhfeidhm le linn na céime deartha, beidh feidhm ag an mír (2) thuas maidir le gach athbhreithniú i ndiaidh a chéile.

(4) Tá sé ceadaithe i gcónaí (ach níl sé éigeantach) an leagan is déanaí d'aon STI a úsáid, ina iomláine nó le haghaidh pointí áirithe, mura sonraítear a mhalairt go sainráite san athbhreithniú ar na STInna seo; i gcás cur i bhfeidhm atá teoranta do phointí áirithe, ní mór don iarratasóir údar maith a thabhairt agus doiciméadú a dhéanamh go bhfuil na ceanglais infheidhme comhsheasmhach i gcónaí, agus ní mór don chomhlacht faoina dtugtar fógra an méid sin a fhormheas.

7.2.4.1.3. *Bailíocht an deimhnithe ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhnithe dearadhscrúdú-CE*

Nuair a thiocfaidh athbhreithniú ar an STI seo i bhfeidhm le linn na céime deartha, leanfaidh an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE de bheith bailí mura gceanglaítear é a athbhreithniú de réir chóras aistrithe sonrach an athraithe STI mar a shainmhínítear i Foscríbhinn B den STI seo.

7.2.4.2. Fochóras CCS Taobh Riain

De réir Airteagal 4, pointe (2) de Threoir (AE) 2016/797, comhlíonfaidh Fochóras CCS Taobh Riain an STI atá i bhfeidhm tráth an iarratais ar údarú lena chur i mbun seirbhíse.

Nuair a thiocfaidh athbhreithniú ar an STI seo i bhfeidhm le linn na céime deartha, leanfaidh an deimhniú ar scrúdú cineáil-CE nó an deimhniú dearadhscrúdú-CE de bheith bailí mura gceanglaítear é a athbhreithniú de réir chóras aistrithe an athraithe STI mar a shainmhínítear in Foscríbhinn B (Tábla B2) den STI seo.

7.2.4.3. Comhábhair idir-inoibritheachta

Deimhnithe dearaidh nó cineáil CE na gcomhábhar idir-inoibritheachta atá curtha ar an margadh cheana féin bunaithe ar an leagan roimhe seo de STI, leanann siad de bheith bailí fiú má thagann athbhreithniú ar an STI seo i bhfeidhm, mura rud é go bhfuil ceanglas infheidhme ar leibhéal an fhochórais CCS a bhfuil tionchar aige ar an gcomhábhar idir-inoibritheachta (mar atá sonraithe in Tábla B1.1 nó Tábla B2 de Foscríbhinn B) nó mura sonraítear a mhalairt go sainráite san athbhreithniú ar an STI seo laistigh de Tábla B3 de Foscríbhinn B.

Le linn an ama sin, ceadaítear na comhábhair idir-inoibritheachta sin a chur ar an margadh gan dearadh nua nó scrúdú cineáil.

7.2.5. *Córais oidhreachta*

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar aon athrú ar fheidhmiúlacht na gcóras oidhreachta agus a gcomhéadan, ach amháin i gcás ina bhfuil gá le modhnuithe chun lochtanna a bhaineann le sábháilteacht sna córais sin a mhaolú ([29]).

7.2.6. *Infhaighteacht Mhodúil Tarchurtha Sonracha agus comhéadain Aicme B ar bord*

Mura bhfuil córas cosanta traenacha Aicme A feistithe leis an taobh riain a thagann faoi raon feidhme an STI seo, áiritheoidh an Ballstát go mbeidh fáil ar Mhodúl Tarchurtha Sonrach (STM) nó ar tháirgí agus/nó ar shonraíochtaí a cheadódh comhtháthú a chórais cosanta traenacha oidhreachta Aicme B leis an gcóras Aicme A ar bord. I gcás línte atá feistithe le níos mó ná córas Aicme B amháin, tá feidhm ag an gceanglas maidir le ceann amháin ar a laghad de na córais Aicme B seo.

([29]) Ní aithnítear síneadh feidhmiúlachta mar mhaolú ar locht a bhaineann le sábháilteacht.

Tabharfaidh an Ballstát fógra, laistigh de bhliain amháin tar éis don STI teacht i bhfeidhm, maidir leis an gcóras/na córais Aicme B a bhfuil an ceanglas á chomhlíonadh ina leith.

Comhfhreagróidh táirgí Aicme B ar bord agus an comhéadan atá ann, maidir le táirgí atá ann cheana a bhfuil comhtháthú déanta acu cheana féin le táirgí a chomhlíonann STI Aicme A, d'aon cheann de na féidearthachtaí teicniúla atá sainmhínithe i bpointe 4.2.6.1. I gcás nach bhfuil aon chóras ar fáil a léirigh comhtháthú cheana féin le córas ar bord a chomhlíonann STI Aicme A, beidh comhéadan caighdeánaithe (STM) ag an réiteach a chuirfear ar fáil.

Tabharfaidh an Ballstát fógra faoi shonraíochtaí na gcomhéadan idir córais cosanta traenacha ar bord Aicme A agus córais cosanta traenacha Aicme B laistigh de bhliain amháin tar éis don STI teacht i bhfeidhm.

Más rud é, i gcás córas áirithe d'aicme B, nach bhfuil aon réiteach eile ar fáil sa mhargadh ach Aicme B agus Aicme A comhtháite sa trealamh céanna, soláthróidh sealbhóirí shonraíochtaí Aicme B (e.g. soláthróir, gnóthas iarnróid, bainisteoir bonneagair) na sonraíochtaí is gá chun córas Aicme B a chomhtháthú le ETCS comhlíontach ar bord le haghaidh na bpáirteanna atá acu. Cuirfear aon mhaoin intleachtúil ábhartha atá acu ar fáil ar bhonn théarmaí FRAND (cóir, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach). Áiritheoidh sealbhóirí na sonraíochtaí gur leor an fhaisnéis a sholáthrófar chun gur féidir le monaróirí eile aicme B a chomhtháthú le haon ETCS ar bord sa rothstoc atá ann cheana.

Sa chomhthéacs sin, tá aird chuí le tabhairt ar mhargadh oscailte le haghaidh táirgí Aicme B agus STM a áirithiú faoi choinníollacha tráchtála cothroma. Más rud é, ar chúiseanna teicniúla nó eacnamaíocha, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla is infheidhme, nach féidir infhaighteacht STM nó táirgí Aicme B lena sonraíochtaí comhéadain iomlána do chóras Aicme A a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 51 (1) de Threoir (AE) 2016/797 ar an eolas maidir leis na bunchúiseanna atá leis an bhfadhb agus na bearta maolaithe atá beartaithe aige a chur i bhfeidhm chun go mbeidh rochtain ag oibreoirí – agus go háirithe oibreoirí eachtracha – ar a mbonneagar.

7.2.7. *Trealamh breise Aicme B ar líne atá feistithe le hAicme A*

Ar líne atá feistithe le ETCS agus/nó RMR, féadfar trealamh taobh riain breise Aicme B a shuiteáil chun oibriú an rothstoc nach bhfuil ag luí go fóill le hAicme A le linn chéim imlonnaithe Aicme A ar bord.

Beidh gach Bainisteoir Bonneagair freagrach as a fhíorú go dtacaíonn an dearadh taobh riain le haistrithe idir Aicme A agus Aicme B agus nach bhforchuireann sé aon cheanglas breise ar Aicme A CCS ar bord, agus dá réir sin, déanfar an Fochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain a dhearadh amhail is dá mbeadh Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht ar bord Aicme A ag baint úsáid as comhéadan caighdeánaithe (STM) idir córais Aicme A agus Aicme B.

7.2.8. *Feithicil le trealamh Aicme A agus Aicme B*

Féadfar feithiclí a fheistiú le córais Aicme A agus Aicme B araon chun oibriú ar línte éagsúla a chumasú.

Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann srian a chur le húsáid córais Aicme B ar bord ar línte nach bhfuil córas Aicme B suiteáilte ar an taobh riain.

Léireoidh feithicil atá feistithe le córais Aicme A agus Aicme B comhoiriúnacht theicniúil do chórais Aicme A taobh riain ar línte atá feistithe faoi dhó le córais Aicme A in éineacht le córais Aicme B. Ní ceanglas é córas Aicme B de bhreis ar Aicme A a bheith feistithe le feithicil le línte ina bhfuil Aicme B suiteáilte in éineacht le hAicme A.

I gcás feithiclí atá feistithe le córais Aicme A, féadfar córais cosanta traenacha Aicme B a chur chun feidhme de réir na gceanglas atá sainmhínithe i bpointe 4.2.6.1 agus na ceanglais i bpointe 7.2.6 á leanúint.

7.2.9. *Coinníollacha maidir le feidhmeanna éigeantacha agus roghnacha*

Seiceálfaidh an t-iarratasóir ar fhíorú CE ar fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain cé acu atá nó nach bhfuil feidhmeanna um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht, atá sainmhínithe mar fheidhmeanna 'roghnacha' sa STI seo, ag teastáil ó STInna eile, le rialacha náisiúnta, nó trí mheastóireacht agus measúnú riosca a chur i bhfeidhm chun comhtháthú sábháilte na bhfochóras a áirithiú.

Beidh cur chun feidhme feidhmeanna náisiúnta nó roghnacha comhoiriúnach go teicniúil agus ní chuirfear cosc leis ar úsáid an bhonneagair sin ar thraein nach gcomhlíonann ach ceanglais éigeantacha chóras Aicme A ar Bord ach amháin mar a cheanglaítear maidir leis na feidhmeanna roghnacha ar bord seo a leanas i bpointe 7.2.9.1 agus 7.2.9.3. Tabharfar fógra faoi chur chun feidhme ceann de na feidhmeanna roghnacha seo as a dtagann ceanglas éigeantach nua ar bord ar línte sonracha 5 bliana ar a laghad sula bhféadfaidh an fheidhm a bheith ina ceanglas éigeantach ar bord. Tabharfar fógra faoin gceanglas éigeantach nua ar bord laistigh den RINF agus liostófar na hathruithe sin sa RINF sa Ráiteas Líonra de réir Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]). Ní cheadaítear tréimhse fógra is giorra ná 5 bliana ach amháin má chomhaontaítear é sin idir an Bainisteoir Bonneagair agus na Gnóthais Iarnróid a ritheann seirbhísí ar na línte sin nó a bheartaíonn iad a rith (tráth a bhfuil an comhaontú á leagan síos). Tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcomhaontú sin maidir leis an tréimhse fógra a ghiorrú.

Féadfaidh fochóras ar bord a chuimsíonn STM KER a bheith riachtanach chun an comhéadan K a chur chun feidhme.

7.2.9.1. Córas Eorpach um Rialú Traenacha

(1) Braitheann cur i bhfeidhm ETCS Leibhéal 2 Taobh Riain nach bhfuil córas um aimsiú traenacha ar bith ann nó a bhfuil córas um aimsiú traenacha laghdaithe ann (ar a dtugtaí ETCS leibhéal 3 roimhe seo) ar fhaisnéis ar bord chun áitiú an riain a chinneadh agus éilítear leis gur féidir na ceanglais i dtaca le faisnéis maidir le fad leanúnach a chomhlíonadh ar bord, mar atá sonraithe i bhFoscríbhinn A, Tábla A 2, innéacs 27.

(2) I gcás cur i bhfeidhm ETCS Leibhéal 1 Taobh Riain in éineacht le líonadh, ceanglaítear go mbeidh an tarchur sonraí inlíonta comhfhreagrach (Euroloop nó raidió) feistithe ar bord más rud é gur ag nialas a shocraítear an luas scaoilte ar chúiseanna sábháilteachta (e.g. pointí contúirte a chosaint).

(3) Nuair a theastaíonn tarchur sonraí trí raidió ó ETCS, tá gá le cuid na radachumarsáide sonraí mar atá sonraithe sa STI seo.

(4) Nuair a bhíonn leagan sonrach den chóras ETCS de dhíth ar ETCS taobh riain, beidh an trealamh ar bord feistithe de réir na gceanglas cur chun feidhme atá liostaithe in 7.4.2.4.2.

7.2.9.2. ATO

(1) ATO Taobh Riain: is feidhmiúlacht roghnach le haghaidh idir-inoibritheachta é cur chun feidhme ATO taobh riain nach gcuireann cosc go teicniúil ar úsáid an bhonneagair sin ar thraein nach bhfuil feistithe le ATO ar bord. I gcás ina gcuirtear feidhmiúlacht ATO GoA1/2 chun feidhme ar ETCS taobh riain, cuirfear na sonraíochtaí ATO atá i bhFoscríbhinn A den STI seo i bhfeidhm.

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* I gcás ina gcuirtear feidhmiúlacht ATO GoA1/2 chun feidhme ar chóras Aicme B taobh riain, ba cheart na sonraíochtaí ATO taobh riain i bhFoscríbhinn A den STI seo a chur i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar an aistriú chuig ATO amach anseo ar línte a bheidh feistithe le ETCS.

(2) ATO ar bord: tá sé éigeantach ATO a fheistiú i bhFochóras CCS ar bord ([31]) agus ETCS á chur chun feidhme den chéad uair san fheithicil agus tá an fheithicil beartaithe freisin lena húsáid ar líne lena n-áirítear cuid amháin ar a laghad atá feistithe le ATO i gcás ina bhfuil fógra tugtha ag an mBainisteoir Bonneagair in RINF maidir leis na seirbhísí a éilíonn cur chun feidhme éigeantach ATO ar bord.

([30]) Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (athmhúnlú) (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

([31]) Níl baint ag an gceanglas éigeantach maidir le cur chun feidhme ATO ar bord le comhoiriúnacht theicniúil, ach tá baint aige leis an ngá rialála nach ndéanfaidh na Ballstáit ná an Bainisteoir Bonneagair aon sásra sonrach dreasachta do chur chun feidhme ATO ar bord a fhorbairt le haghaidh feithiclí a chuireann ETCS chun feidhme den chéad uair.

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* I gcás ina gcuirtear feidhmiúlacht ATO GoA1/2 chun feidhme ar chóras Aicme B taobh riain, tá cur chun feidhme ar bord an ATO bunaithe ar chomhaontuithe conarthacha idir an Bainisteoir Bonneagair agus na gnóthais iarnróid agus mar sin níl ann do cheanglais éigeantacha maidir le ATO GoA1/2 a chur chun feidhme go dtí go ndéanfar línte ATO agus línte Aicme B a aistriú chuig ETCS lán-chomhlíontach lena n-áirítear na sonraíochtaí ATO taobh riain i bhFoscríbhinn A den STI seo.

7.2.9.3. RMR

Cuirfear GSM-R agus/nó FRMCS chun feidhme de réir na gceanglas cur chun feidhme a liostaítear i bpointe 7.3.2.

7.2.10. *Cothabháil sonraíochtaí (ceartúcháin earráidí)*

7.2.10.1. Freagrachtaí le linn an phróisis um Bainistiú Rialaithe Athruithe

Le linn an phróisis um Bainistiú Rialaithe Athruithe de chuid na sonraíochtaí ERTMS agus roimh theacht i bhfeidhm na chéad eisiúna dlíthiúla eile den STI seo, déantar earráidí a aicmiú mar earráidí a chuireann cosc ar ghnáthsheirbhís nó mar earráidí nach gcuireann cosc ar ghnáthsheirbhís.

Maidir leis na hearráidí a chuireann cosc ar ghnáthsheirbhís, tabharfaidh monaróirí ar bord, oibreoirí, e.g.a sholáthraíonn ionchur i dtaca le tarlú na hearráide le linn gnáthsheirbhíse, agus bainisteoirí bonneagair a bhfuil an t-ionchur is gá ó na monaróirí taobh riain acu, tabharfaidh siad tuairisc ar a gcuid táirgí agus ar chur chun feidhme sa chóras maidir leis an gcás a sainaithníodh trí fhreagra a thabhairt ar cheistneoirí ERA (lena n-áirítear réitigh na n-earráidí agus na bearta maolaithe).

Soláthrófar na freagraí ar cheistneoirí ERA laistigh de 3 mhí tar éis fhoilsiú na gceistneoirí, go háirithe déanfaidh an Bainisteoir Bonneagair meastóireacht laistigh de cheistneoir ERA más rud é:

(1) go bhfuil tionchar na hearráide inghlactha, a mhéid a bhaineann le sábháilteacht agus oibriú líonra;

(2) go bhfuil tionchar na hearráide inghlactha le haghaidh idir-inoibritheachta, ciallaíonn sé seo ceann de na nithe seo a leanas:

(a) dá gcuirfí an ceartú earráide taobh riain i bhfeidhm de bharr neamhchur chun feidhme na hearráide sin, ligfí d'aon fheithicil ERTMS a chomhlíonann an eisiúint STI is déanaí gnáthsheirbhís a sholáthar sa líonra;

nó

(b) mura gcuirfí an ceartú earráide ar bord chun feidhme, d'fhágfadh sé go mbeadh an fheithicil ERTMS sin in ann gnáthsheirbhís a sholáthar sa líonra a chomhlíonann STI.

Foilseoidh an Ghníomhaireacht torthaí cheistneoirí ERA ar bhealach trédhearcach.

7.2.10.2. Freagrachtaí an Mhonaróra Ar Bord agus Taobh Riain

Tar éis fhoilsiú na gceartúchán earráidí in eisiúint dhlíthiúil, déanfaidh monaróirí a gComhábhair Idir-inoibritheachta a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin agus beidh siad freagrach as na Comhábhair Idir-inoibritheachta a chothabháil mar a iarrtar i bpointe 4.2.20.1 (lena n-áirítear na Deimhnithe CE lena mbaineann a chothabháil) agus de réir na gceanglas aistrithe i bhFoscríbhinn B (Tábla B3). Cuirfear na Comhábhair Idir-inoibritheachta nuashonraithe sin (lena n-áirítear na Deimhnithe CE lena mbaineann ar fáil lena gcomhtháthú sna fochórais lena mbaineann de réir Fhoscríbhinn B (Tábla B3).

*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Maidir le comhábhair idir-inoibritheachta a léiríonn an fhaisnéis a soláthraíodh roimhe seo mar a thuairiscítear i bpointe 7.2.10.1 nach bhfuil aon tionchar acu ar shábháilteacht, ar oibriú ná ar idir-inoibritheacht, níl gá le nuashonrú.

7.2.10.3. Freagrachtaí an Bhainisteora Bonneagair agus na nGnóthas Iarnróid

7.2.10.3.1. *Freagrachtaí an Bhainisteora Bonneagair*

I gcás ina sainaithnítear go bhfuil tionchar do-ghlactha ag ceann de na hearráidí, ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.2.10.1, ar líonra an Bhainisteora Bonneagair, déanfaidh an Bainisteoir Bonneagair, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na monaróirí ar bord ar fáil roimhe seo laistigh de cheistneoirí ERA, na feithiclí ERTMS atá údaraithe chun rith ar a líonra nó a bhfuil údarú acu a shainaithint. a reáchtáil ar a líonra nach bhfuil réiteach curtha chun feidhme acu a mhaolaíonn an fhadhb idir-inoibritheachta nó sábháilteachta a d'eascair as an earráid sa tsonraíocht. I gcás tionchar suntasach ar fheithiclí atá ann cheana agus a bhíonn ag rith ar a líonra arna dtuairisciú ag monaróirí ar bord (le tacaíocht ó oibreoirí), is féidir leis an mBainisteoir Bonneagair a chinneadh, ar bhonn deonach, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beart maolaithe sealadach taobh riain chun éascú d'fheithiclí atá ann cheana leanúint lena gcuid seirbhísí go dtí go gcuirfear ceartúcháin earráidí ar bord chun feidhme.

Cláróidh an Bainisteoir Bonneagair sa pharaiméadar a bhaineann le RINF ([32]) na ceartúcháin earráidí is infheidhme (i.e. na hearráidí a chuireann cosc ar ghnáthsheirbhís sa líonra) ar bord. Clárófar an méid sin 12 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an STI nó clárófar é i gcás cur chun feidhme taobh riain nua nó uasghrádaithe laistigh dá líonra.

Maidir le fochórais ERTMS taobh riain a ndéantar difear dóibh, cuirfidh Bainisteoirí Bonneagair na ceartúcháin earráidí ábhartha taobh riain chun feidhme lena gcumasófar CCS a chomhlíonann STI ar bord (lena n-áirítear cur chun feidhme ceartúcháin earráidí ar bord) chun gnáthsheirbhís a sholáthar, de réir fhoscríbhinn B (Tábla B2) den CCS STI seo.

Déanfaidh an Bainisteoir Bonneagair seo nuashonrú, más infheidhme, ar an gcineál seiceálacha comhoiriúnachta córais ETCS agus raidió (ESC/RSC) atá ann cheana (i.e. ní chruthófar cineál nua ESC/RSC mar thoradh air sin).

7.2.10.3.2. *Freagrachtaí na nGnóthas Iarnróid*

Déanfaidh na Gnóthais Iarnróid na ceartúcháin earráidí a cláraíodh in RINF maidir le réimse úsáide na feithicle a chur i gcomparáid leis an bhfaisnéis a soláthraíodh roimhe seo mar a thuairiscítear i bpointe 7.2.10.1 chun na ceartúcháin earráidí is gá a bheidh le cur chun feidhme sna feithiclí a shainaithint.

Maidir le fochórais ar bord ERTMS a ndéantar difear dóibh, déanfaidh Gnóthais Iarnróid le tacaíocht ó na monaróirí ar bord na ceartúcháin earráidí is gá i bhfochórais ar bord an CCS a chur chun feidhme i gcomhréir le Foscríbhinn B (Tábla B1.1) den STI CCS seo.

## 7.3. **Rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme RMR**

7.3.1. *Suiteálacha taobh riain*

7.3.1.1. Tá feistiú GSM-R nó FRMCS éigeantach sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair a dhéantar cuid na radachumarsáide d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain a shuiteáil den chéad uair; Nuair is FRMCS an chéad chóras raidió d'aicme A ar líne, déanfar na coinníollacha i 7.3.1.3 a urramú;

(2) nuair a dhéantar uasghrádú ar chuid na radachumarsáide d'Fhochóras Taobh Riain um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht atá i mbun seirbhíse cheana féin sa chaoi is go n-athraíonn sé feidhmeanna nó feidhmíocht an fhochórais. Ní áirítear leis sin na modhnuithe a mheastar is gá chun lochtanna a bhaineann le sábháilteacht sa tsuiteáil oidhreachta a mhaolú;

(3) is gá radachumarsáid sonraí chun ETCS leibhéal 2 a chur chun feidhme;

(4) is gá radachumarsáid sonraí GSM-R chun ETCS leibhéal 1 le líonadh raidió a chur chun feidhme.

([32]) Is féidir an Ráiteas Líonra a úsáid mar uirlis i gcás nach mbeidh RINF uasghrádaithe fós chun fógra a thabhairt faoin athrú sin.

7.3.1.2. Ní fhéadfar GSM-R a chur as feidhm ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

— Coinníoll 1: íostréimhse fógra 5 bliana i gcás ina gcuirfear stop le seirbhísí GSM-R. Ní thabharfar an fógra sin ach nuair a chríochnófar agus nuair a fhoilseofar sonraíochtaí na gComhábhar Idir-inoibritheachta FRMCS ar bord, mar atá liostaithe i Tábla 5.1 agus i bhFoscríbhinn A, le leasú ar an STI CCS seo, rud a cheadóidh tairiscint maidir leis an trealamh iomlán FRMCS ar bord. Déanfar an fógra sin laistigh de RINF agus liostófar na hathruithe sin in RINF sa Ráiteas Líonra mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE;

agus

— Coinníoll 2: Tá FRMCS i mbun seirbhíse.

Ceadaítear tréimhse níos giorra má chomhaontaítear é sin idir an Bainisteoir Bonneagair agus na Gnóthais Iarnróid a ritheann seirbhísí ar na línte sin nó a bheartaíonn iad a rith (tráth a bhfuil an comhaontú á leagan síos). Tabharfar fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcomhaontú sin maidir le tréimhse fógra níos giorra.

7.3.1.3. Ceadaítear FRMCS leis féin a chur i bhfeidhm gan GSM-R a bheith ann cheana, má chomhlíontar na an coinníoll seo a leanas:

Íostréimhse fógra 5 bliana i gcás ina mbeidh seirbhísí FRMCS i bhfeidhm. Ní féidir an fógra sin a thabhairt ach amháin nuair a chríochnófar agus nuair a fhoilseofar sonraíochtaí na gComhábhar Idir-inoibritheachta FRMCS ar bord, mar atá liostaithe i Tábla 5.1 agus i bhFoscríbhinn A, le leasú ar an STI CCS seo, rud a cheadóidh tairiscint maidir leis an trealamh iomlán FRMCS ar bord. Déanfar an fógra sin laistigh de RINF agus liostófar na hathruithe sin in RINF sa Ráiteas Líonra mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE.

Ceadaítear tréimhse níos giorra má chomhaontaítear é sin idir an Bainisteoir Bonneagair agus na Gnóthais Iarnróid a ritheann seirbhísí ar na línte sin nó a bheartaíonn iad a rith (tráth a bhfuil an comhaontú á leagan síos). Cuirfear an comhaontú sin in iúl don Choimisiún.

7.3.2. *Suiteálacha ar bord*

7.3.2.1. Tá sé éigeantach GSM-R a fheistiú ar rothstoc atá beartaithe lena úsáid ar líne lena n-áirítear cuid amháin ar a laghad atá feistithe le GSM-R agus nach bhfuil feistithe le FRMCS nó ar líne lena n-áirítear RBC amháin ar a laghad nach dtacaíonn le FRMCS (fiú má fhorshuitear é ar chóras radachumarsáide oidhreachta), sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair a dhéantar cuid na radachumarsáide gutha d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord a shuiteáil den chéad uair;

(2) nuair a dhéantar uasghrádú ar chuid na radachumarsáide gutha d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord atá ar an margadh cheana féin (Aicme B) sa chaoi is go n-athraíonn sé feidhmeanna nó feidhmíocht an fhochórais. Níl feidhm aige sin maidir le modhnuithe a mheastar a bheith riachtanach chun lochtanna a bhaineann le sábháilteacht sa tsuiteáil oidhreachta a mhaolú;

(3) is gá radachumarsáid sonraí chun ETCS leibhéal 2 nó leibhéal 1 le líonadh raidió a chur chun feidhme.

7.3.2.2. Tá feistiú FRMCS i rothstoc éigeantach i gcás feithiclí a bheartaítear a oibriú ar líne ina bhfuil fógra tugtha ag an mBainisteoir Bonneagair maidir le cur chun feidhme taobh riain an FRMCS:

(1) nuair a dhéantar cuid na radachumarsáide gutha d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord a shuiteáil den chéad uair;

(2) nuair a dhéantar uasghrádú ar chuid na radachumarsáide gutha d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord atá ar an margadh cheana féin (Aicme B nó GSM-R) sa chaoi is go n-athraíonn sé feidhmeanna nó feidhmíocht an fhochórais. Níl feidhm aige sin maidir le modhnuithe a mheastar a bheith riachtanach chun lochtanna a bhaineann le sábháilteacht sa tsuiteáil oidhreachta a mhaolú;

(3) is gá radachumarsáid sonraí chun ETCS leibhéal 2 a chur chun feidhme.

## 7.4. **Rialacha sonracha maidir le cur chun feidhme ETCS**

### 7.4.1. *Suiteálacha taobh riain*

Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 2 agus ag Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ([33]) ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([34]) agus ag aon nuashonrú ar an Rialachán seo.

Ní dhéanfar tarchur sonraí inlíonta Euroloop agus raidió a shuiteáil ná a oibriú, ach amháin ag línte/limistéir taobh riain atá liostaithe mar chás sonrach i bpointe 7.7.

Leis na suiteálacha taobh riain comhlíonfar na rialacha comhchuibhithe innealtóireachta dá dtagraítear faoi innéacs 13 (fothacar 40) agus oibreofar iad gan srian faoi na rialacha oibriúcháin atá leagtha amach i bhFoscríbhinn A de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/773. An Ghníomhaireacht, agus formheasanna taobh riain á n-eisiúint aici i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2016/797, agus an NSA, agus suiteálacha seasta á gcur i mbun seirbhíse acu, deimhneoidh siad comhlíonadh.

Cuirfidh an Bainisteoir Bonneagair in iúl d'oibreoirí trí RINF an t-am agus an dáta a chuirfear suiteálacha údaraithe ERTMS taobh riain i bhfeidhm.

#### 7.4.1.1. Líonra ardluais

Tá sé éigeantach ETCS taobh riain a fheistiú sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair a dhéantar an chuid maidir le cosaint traenacha d'fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain (le córas Aicme B nó gan é) a shuiteáil den chéad uair; nó

(2) uasghrádú a dhéanamh ar an gcuid maidir le cosaint traenacha atá ann faoi láthair d'Fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain, i gcás ina n-athródh sé sin feidhmeanna, feidhmíocht agus/nó comhéadain idir-inoibritheachta (aerbhearnaí) ábhartha an chórais oidhreachta atá ann cheana. Níl feidhm aige sin maidir le modhnuithe a mheastar a bheith riachtanach chun lochtanna a bhaineann le sábháilteacht sa tsuiteáil oidhreachta a mhaolú.

#### 7.4.1.2. Sraith sonraíochtaí ó leaganacha roimhe seo den STI CCS.

Líonraí lena gcuirtear línte ETCS chun feidhme agus a oibríonn de réir an tacair #1 a bhí ann roimhe seo mar atá in Iarscríbhinn A, Tábla A2.1 de leaganacha roimhe seo den STI seo roimh theacht i bhfeidhm an STI seo agus a bhfuil níos mó ná 1 000 km nó 25 % á oibriú nó á thógáil acu i gConairí an Chroíghréasáin roimh an 31 Nollaig 2020, leanúint d'úsáid a bhaint as na sonraíochtaí ETCS sin go heisceachtúil chun an STI seo a chur i mbun seirbhíse ar feadh 7 mbliana tar éis fhoilsiú an STI seo le haghaidh tionscadal nua agus ar feadh 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an STI seo do thionscadail uasghrádaithe nó athnuachana sa líonra faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Tá fógra faoin rún chun tacar sonraíochtaí #1 a bhí ann roimhe seo a chur in úsáid agus an raon feidhme agus an plean atá beartaithe seolta chuig an gCoimisiún Eorpach laistigh de 2 bhliain ó dháta foilsithe an STI seo.

(2) Áiritheoidh an Bainisteoir Bonneagair go n-áireofar leis na línte sin cur chun feidhme na mbeart ceartúcháin earráide ábhartha uile lena gcumasófar do ETCS Ar Bord a chomhlíonann an STI seo (lena n-áirítear cur chun feidhme ceartaithe earráidí ar bord) gnáthsheirbhís a sholáthar.

(3) Déanfaidh an Bainisteoir Bonneagair na ceartúcháin earráidí ábhartha agus na bearta maolaithe comhchuibhithe nó coibhéiseacha i dTuairimí na Gníomhaireachta nó in eisiúintí foilsithe na sonraíochtaí a chur chun feidhme, de réir phointe 7.2.10.

(4) Ina theannta sin, áiritheofar le modhnú ar bith a dhéanfar ar bhonneagar a chomhlíonann tacar sonraíochtaí #1 a bhí ann roimhe seo go ndéanfar na coinníollacha roimhe seo (2) agus (3) a chaomhnú freisin.

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir le plean imscartha an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (IO L 3, 6.1.2017, lch. 6).

([34]) Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

Líonraí lena gcuirtear línte ETCS chun feidhme agus a oibríonn de réir na dtacar #2 agus #3 a bhí ann roimhe seo mar atá in Iarscríbhinn A, Tábla A2.2 agus Tábla A2.3 de leaganacha roimhe seo den STI seo roimh theacht i bhfeidhm an STI seo, is féidir leo leanúint d'úsáid a bhaint as na sonraíochtaí sin go heisceachtúil chun an STI seo a chur i mbun seirbhíse ar feadh 7 mbliana tar éis fhoilsiú an STI seo le haghaidh tionscadadil nua agus ar feadh 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an STI seo do thionscadail uasghrádaithe nó athnuachana sa líonra faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Áiritheoidh an Bainisteoir Bonneagair go n-áireofar leis na línte sin cur chun feidhme na mbeart ceartúcháin earráide ábhartha uile lena gcumasófar do ETCS Ar Bord a chomhlíonann an STI seo (lena n-áirítear cur chun feidhme ceartaithe earráidí ar bord) gnáthsheirbhís a sholáthar.

(2) Déanfaidh an Bainisteoir Bonneagair na ceartúcháin earráidí ábhartha agus na bearta maolaithe comhchuibhithe nó coibhéiseacha i dTuairimí na Gníomhaireachta nó in eisiúintí foilsithe na sonraíochtaí a chur chun feidhme, de réir phointe 7.2.10.

(3) Ina theannta sin, áiritheofar le modhnú ar bith a dhéanfar ar bhonneagar a chomhlíonann tacar sonraíochtaí #2 agus #3 a bhí ann roimhe seo go ndéanfar na coinníollacha roimhe seo (1) agus (2) a chaomhnú freisin.

#### 7.4.1.3. Rialacha maidir le Leaganacha Córais ETCS a chur chun feidhme

Is féidir leis an gcur chun feidhme taobh riain na feidhmeanna ETCS a chuirfear chun feidhme a roghnú as an tacar sonraíochtaí i bhFoscríbhinn A. Tá feidhmeanna ó na leaganacha córais seo a leanas sna sonraíochtaí i bhFoscríbhinn A: 1.0, 1.1, 2.0, 2.1, 2.2, 2.3 agus 3.0. I gcomhréir leis an bpróiseas a shainmhínítear i 7.4.4, tabharfaidh an Bainisteoir Bonneagair fógra maidir leis na línte sin a bhaineann úsáid as pé leagan córais. Déanfar an fógra sin laistigh de RINF agus liostófar na hathruithe sin in RINF sa Ráiteas Líonra mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE.

Ceadaítear cur chun feidhme taobh riain as a n-eascraíonn leagan córais 3.0 ETCS ar bord má chomhlíontar an coinníoll seo a leanas:

Íostréimhse fógartha 5 bliana maidir leis na línte ina bhfuil leagan córais 3.0 ETCS ina cheanglas éigeantach ar bord do na feithiclí a oibríonn ar a líonra. Maidir le fógra a thabhairt faoi línte a bhfuil leagan córais 3.0 ETCS ar bord ag teastáil ina leith i gcás feithiclí atá á n-údarú agus i gcás feithiclí a oibríonn ar a líonra, ní féidir é a bheith éigeantach a bheith infheidhme go dtí go ndéanfar leasú ar an STI CCS seo ([35]) (féach Tábla B1.1). Ceadaítear tréimhse níos giorra má chomhaontaítear é sin idir an Bainisteoir Bonneagair agus na Gnóthais Iarnróid a ritheann seirbhísí ar na línte sin nó a bheartaíonn iad a rith (tráth a bhfuil an comhaontú á leagan síos). Cuirfear an comhaontú sin in iúl don Choimisiún.

### 7.4.2. *Suiteálacha ar bord*

#### 7.4.2.1. Feithiclí nuathógtha

Chun go gcuirfear ar an margadh iad i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir (AE) 2016/797, beidh feithiclí nuathógtha feistithe agus réidh le cur i mbun oibríochta le ETCS i gcomhréir leis an STI seo.

#### 7.4.2.2. Feithiclí atá ann cheana

Agus feithiclí atá ann cheana á n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir (AE) 2016/797, beidh siad feistithe agus réidh le cur i mbun oibríochta le ETCS (córas cosanta traenacha Aicme A) i gcomhréir leis an STI seo má tá aon chóras nua cosanta traenacha d'Aicme B á shuiteáil i bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord.

Tá sé éigeantach pointí 7.4.2.4.1 agus 7.4.2.4.2 a chomhlíonadh má dhéantar uasghrádú ar an gcuid ETCS atá ar bord laistigh d'fheithicil.

Ní gá pointí 7.4.2.4.1agus 7.4.2.4.2 a chomhlíonadh má dhéantar an fheidhmiúlacht ETCS ar bord atá cheana féin laistigh d'fheithicil a cheartú leo.

#### 7.4.2.3. Rialacha maidir le síneadh a chur le limistéar úsáide feithicle atá ann cheana

Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le feithiclí atá ann cheana atá i mbun oibríochta agus atá cláraithe sa Chlár Náisiúnta Feithiclí i gcomhréir le Cinneadh 2007/756/CE, nó sa Chlár Eorpach Feithiclí i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614, nuair a iarrtar síneadh ar an limistéar úsáide:

([35]) Áirítear leis an leasú seo foilsiú sonraíochtaí FRMCS ar bord nó áirítear leis rialacha innealtóireachta taobh riain agus rialacha oibríochtúla a bhaineann leis an bhfeidhmiúlacht ainlithe faoi mhaoirseacht.

(1) Comhlíonfaidh feithiclí na forálacha speisialta ábhartha is infheidhme sna cásanna sonracha dá dtagraítear i bpointe 7.7 den Iarscríbhinn seo agus na rialacha náisiúnta ábhartha dá dtagraítear i bpointe (a), (c) agus (d) d'Airteagal 13 (2) de Threoir (AE) 2016/797 ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 14 den Treoir sin.

(2) Ní gá feithiclí atá feistithe cheana féin le ETCS, GSM-R nó FRMCS a uasghrádú, ach amháin nuair is gá sin le haghaidh comhoiriúnacht theicniúil do ETCS, GSM-R nó FRMCS.

(3) Feithiclí nach bhfuil feistithe le ETCS, déanfar ETCS a shuiteáil iontu agus comhlíonfaidh siad tacair sonraíochtaí dá dtagraítear i Tábla A 2 d'Fhoscríbhinn A. Tá sé éigeantach pointí 7.4.2.4.1 agus 7.4.2.4.2 a chomhlíonadh.

(4) Nuair a bheartaítear an fheithicil a úsáid ar líonra ina bhfuil cuid amháin ar a laghad feistithe le RMR Aicme A, feithiclí nach bhfuil feistithe go fóill le raidió gutha RMR Aicme A suiteálfaidh siad raidió chábáin gutha RMR Aicme A atá comhoiriúnach go teicniúil don líonra raidió, ach amháin má tá an líonra seo forshuite ar chóras radachumarsáide oidhreachta Aicme B atá comhoiriúnach don aicme B atá suiteáilte cheana féin san fheithicil. I gcás den sórt sin, comhlíonfaidh raidió gutha RMR Aicme A na sonraíochtaí dá dtagraítear i Tábla A 2 d'Fhoscríbhinn A.

(5) Nuair is gá don fheithicil ETCS a shuiteáil i gcomhréir le pointe (3) agus tá sé beartaithe oibriú i líonra sa limistéar úsáide leathnaithe atá feistithe le Leibhéal 2 ETCS, feithiclí nach bhfuil feistithe fós le cumarsáid sonraí RMR Aicme A, déanfaidh sé ar a laghad ceann amháin de raidió sonraí RMR Aicme A atá comhoiriúnach go teicniúil don líonra raidió a shuiteáil. I gcás den sórt sin, comhlíonfaidh raidió sonraí RMR Aicme A na sonraíochtaí dá dtagraítear i Tábla A 2 d'Fhoscríbhinn A.

(6) I gcás ina dtairbhíonn feithicil údaraithe de bharr neamhfheidhmiú STInna nó cuid díobh de bhun Airteagal 9 de Threoir 2008/57/CE, iarrfaidh an t-iarratasóir maolú nó maoluithe sna Ballstáit ar an limistéar úsáide leathnaithe i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir (AE) 2016/797.

(7) Nuair a chuirtear an iarraidh ar an limistéar úsáide a leathnú in éineacht le hiarraidh ar údarú nua lena ndéantar cuid na bhfochóras CCS ar bord maidir le cosaint traenacha atá ann cheana a uasghrádú, tá sé éigeantach pointe 7.4.2.4.1 agus 7.4.2.4.2 a chomhlíonadh.

7.4.2.4. Rialacha maidir le Leaganacha Córais ETCS a chur chun feidhme

7.4.2.4.1. Leis an gComhábhar Idir-inoibritheachta ETCS ar bord a chuirfear ar an margadh déanfar ceann amháin de na himchlúdaigh seo a leanas a chur chun feidhme:

(1) imchlúdach leaganacha córais ETCS arna n-oibriú go dleathach ó 1.0 go 2.1 agus iad sin san áireamh;

(2) imchlúdach leaganacha córais ETCS arna n-oibriú go dleathach ó 1.0 go 2.2 agus iad sin san áireamh;

(3) imchlúdach leaganacha córais ETCS arna n-oibriú go dleathach ó 1.0 go 3.0 agus iad sin san áireamh.

7.4.2.4.2. Déanfaidh cineál feithicle an Comhábhar Idir-inoibritheachta ETCS iomchuí ar bord a chomhtháthú leis an gclúdach riachtanach de leaganacha córais ETCS a oibrítear go dleathach mar a shainmhínítear iad i 7.4.2.4.1 ([36]). Saineofar an clúdach atá riachtanach de leaganacha córais ETCS a oibrítear go dleathach bunaithe ar na leaganacha córais ar tugadh fógra ina leith in RINF ([37]) don réimse a bheartaítear a úsáid den chineál feithicle a shonraítear ina údarú. Déanfaidh an cineál feithicle an leagan córais ETCS a chomhlíonann ar a laghad an leagan córais ETCS ar tugadh fógra ina leith a bheidh infheidhme sna 5 bliana atá romhainn de réir na tréimhse ama i Foscríbhinn B, sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair a dhéantar an chuid ETCS den fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord a shuiteáil den chéad uair;

nó

(2) nuair a dhéantar uasghrádú ar an gcuid ETCS den fhochóras um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord atá ar an margadh cheana féin sa chaoi is go n-athraíonn sé feidhmeanna nó feidhmíocht an fhochórais. Níl feidhm aige sin maidir le modhnuithe a mheastar a bhfuil gá leo chun ceartúcháin earráidí a chur chun feidhme mar a luaitear in 7.2.10.

([36]) Má úsáidtear tacar sonraíochta #1 bunaithe ar chlásal 7.4.2.3 pointe 3 (b) de Rialachán (AE) 2016/919, beidh feidhm fós ag an gceanglas maidir le comhlíonadh sonraíochtaí socraithe #2 nó #3 a fhorfheidhmiú laistigh de thréimhse ama nach faide ná an 1 Iúil 2023.

([37]) Liostófar na hathruithe ar na leaganacha córais dá dtugtar fógra sa RINF sa Ráiteas Líonra i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir 2012/34/AE.

7.4.3. *Ceanglais náisiúnta*

7.4.3.1. Féadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe d'fhonn gan ceadú ach d'fheithiclí atá feistithe de réir an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha línte atá feistithe dá réir sin a rochtain, chun gur féidir córais náisiúnta atá ann cheana a dhíchoimisiúnú; Tabharfar fógra faoi sin 5 bliana ar a laghad roimh an díchoimisiúnú. Ceadaítear tréimhse níos giorra má chomhaontaítear é sin idir an Bainisteoir Bonneagair agus na Gnóthais Iarnróid a ritheann seirbhísí ar na línte sin nó a bheartaíonn iad a rith (tráth a bhfuil an comhaontú á leagan síos). Déanfar an fógra sin laistigh de RINF agus liostófar na hathruithe sin in RINF sa Ráiteas Líonra mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE ([38]). Níl feidhm ag an tréimhse fógartha 5 bliana maidir leis na ceanglais sin nach gceadaítear ach d'fheithiclí atá feistithe le ETCS rochtain a fháil ar línte atá feistithe le ETCS, a fógraíodh sa Ráiteas Líonra sular tháinig an rialachán seo i bhfeidhm.

7.4.3.2. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh nach n-áireofar feithiclí speisialta mar a shainmhínítear i bpointe 2.2.2 (C) de STI LOC&PAS, lena n-áirítear feithiclí bóthair-iarnróid, san oibleagáid chun iad a fheistiú le ETCS, RMR nó ATO ar limistéar úsáide sonrach más rud é nach gcoiscfear díchoimisiúnú Aicme B mar gheall ar oibriú na bhfeithiclí sin. Tabharfar fógra faoi sin agus liostófar sa Ráiteas Líonra é mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE.

7.4.3.3. Féadfaidh na Ballstáit a eisiamh ón oibleagáid maidir le ETCS a fheistiú traenacha paisinéirí a chuirtear i leataobh d'úsáid áitiúil amháin i gcomhréir le hAirteagal 1.4 b) de Threoir (AE) 2016/797 ón Aontas agus innill féinghluaiste siúnta atá i mbun seirbhíse ar feadh níos mó ná 20 bliain agus a oibríonn go heisiach ar chuid den ghréasán náisiúnta nach bhfuil aon ETCS ann agus nach bhfuil sé beartaithe ETCS a imscaradh ann sna 5 bliana amach romhainn.

7.4.4. *Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme*

Forbróidh na Ballstáit plean náisiúnta chun an tSonraíocht Theicniúil sin don Idir-Inoibritheacht (STI) a chur chun feidhme i gcomhar leis na Bainisteoirí Bonneagair agus leis na Gnóthais Iarnróid lena mbaineann, agus comhleanúnachas chóras iarnróid iomlán an Aontais Eorpaigh á mheas agus inmharthanacht eacnamaíoch, idir-inoibritheacht agus sábháilteacht an chórais iarnróid á cur san áireamh. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis na tíortha comharsanacha chun codanna trasteorann an iarnróid a phleanáil go comhleanúnach. Cuimseofar sa phlean sin gach líne i raon feidhme an STI lena n-áirítear línte TEN-T agus na nóid agus naisc na míle deireanaí.

Comhordóidh na Ballstáit an próiseas idir na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann chun an straitéis tháscach agus theicniúil um aistriú airgeadais a chur ar bun ar straitéis í a cheanglaítear maidir le himscaradh foriomlán ERTMS an phlean náisiúnta cur chun feidhme sin.

Áireoidh na Ballstáit an measúnú ar na riachtanais a chuireann na gnóthais iarnróid agus na bainisteoirí bonneagair in iúl le haghaidh an fhochórais CCS a bhaineann leis na coinníollacha maidir le feidhmeanna éigeantacha agus roghnacha a liostaítear i 7.2.9 agus sa Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme.

Déanfaidh na Ballstáit cinneadh faoin straitéis um aistriú agus tuairisc á tabhairt ar an tionchar foriomlán lena bhfuil coinne ar an gcóras iarnróid (ó thaobh an Aontais de) agus ar an mbealach a chothromaítear an tionchar ar bhealach neamh-idirdhealaitheach idir na páirtithe leasmhara lena mbaineann bunaithe ar an measúnú thuas. Sainiú na straitéise teicniúla agus na straitéise um aistriú airgeadais atá á chur chun feidhme, is é sin a bheidh i gceist le toradh an phróisis chomhordúcháin sin.

Leis an bplean náisiúnta cur chun feidhme, soláthrófar faisnéis maidir le gach líne nua, athnuaite agus uasghrádaithe i ndáil le feidhmeanna éigeantacha agus roghnacha a liostaítear in 7.2.9, rud lena n-áiritheofar go soláthrófar fógraí do RUnna gach 5 bliana ar a laghad roimh ré i gcás ina mbeidh ceanglais éigeantacha nua ar bord ann maidir le hoibriú ar an líonra. Tabharfar fógra faoi sin laistigh den Chlár Bonneagair (RINF) ([39]) agus liostófar na hathruithe sin in RINF sa Ráiteas Líonra mar chuid d'Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE. Níl feidhm ag an tréimhse fógartha 5 bliana maidir le haon cheanglas, a fógraíodh sa Ráiteas Líonra sular tháinig an STI CCS seo i bhfeidhm.

Leis na pleananna náisiúnta cur chun feidhme, cumhdófar tréimhse 20 bliain ar a laghad agus tabharfar cothrom le dáta go tráthrialta iad, agus gach 5 bliana ar a laghad. Leanfaidh na pleananna an teimpléad a thugtar i Foscríbhinn H

([38]) Is féidir an Ráiteas Líonra a úsáid mar uirlis i gcás nach mbeidh RINF uasghrádaithe fós chun fógra a thabhairt faoin athrú sin.
([39]) Is féidir an Ráiteas Líonra a úsáid mar uirlis i gcás nach mbeidh RINF uasghrádaithe fós chun fógra a thabhairt faoin athrú sin.

don chéad chúig bliana den tréimhse a chumhdaítear. Maidir leis an tréimhse cúig bliana déag ina dhiaidh sin, leanfaidh an plean an teimpléad sin a mhéid is féidir le cur chuige nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna.

Foilseoidh an Coimisiún na pleananna cur chun feidhme náisiúnta ar a shuíomh gréasáin agus cuirfidh na Ballstáit ar an eolas fúthu trí na Coistí dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797.

Tarraingeoidh an Coimisiún anailís ar na pleananna cur chun feidhme náisiúnta suas lena gcuimseofar, i measc nithe eile, comparáid idir na pleananna agus sainaithint na riachtanas le haghaidh bearta comhordúcháin breise.

Cuimseofar an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sa phlean náisiúnta cur chun feidhme ([40]):

(1) An straitéis ghinearálta um aistriú mar a thuairiscítear thuas, lena n-áirítear an measúnú ar na riachtanais a chuireann na gnóthais iarnróid agus na bainisteoirí bonneagair in iúl.

(2) Tuairisc ar chomhthéacs an stádais atá i bhfeidhm faoi láthair, lena n-áirítear:

   (a) Fíorais agus figiúirí maidir le cosaint traenacha atá suiteáilte, raidió ATO agus córais um aimsiú traenacha, lena n-áirítear mionsonraí ar na tairbhí a sholáthraítear leo ó thaobh gnéithe acmhainneachta, sábháilteachta, iontaofachta agus feidhmíochta de agus lena n-áirítear na tagairtí dlíthiúla do na ceanglais maidir le CCS ar bord;

   (b) Córais Aicme B agus an saolré eacnamaíoch atá fágtha acu lena n-áirítear tuairisc ar na bearta a dhéantar chun dálaí an mhargaidh oscailte a áirithiú le haghaidh chórais cosanta traenacha oidhreachta Aicme B agus le haghaidh chórais raidió Aicme B mar a leagtar amach i bpointe 7.2.6.

   (c) Fochórais CCS ar bord, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

(3) Sainiú na straitéise um aistriú (stádas amach anseo).

Leis an straitéis theicniúil um aistriú, cuimseofar faisnéis ar an méid seo a leanas mar aon lena phleanáil:

(1) Cuid ETCS: An Leibhéal ETCS agus an leagan córais a cheanglaítear in aghaidh na líne agus in aghaidh an líonra, agus faisnéis mhionsonraithe faoi chodanna trasteorann agus nóid. Más infheidhme, faisnéis maidir leis an straitéis chun an bhonnlíne agus na leibhéil a thabhairt cothrom le dáta;

(2) Cuid an Raidió: faisnéis maidir le córais raidió (e.g. lascadh ciorcaid raidió, lascadh paicéad, roghanna maidir le líonadh raidió le haghaidh ETCS);

(3) Cuid ATO: faisnéis maidir leis an ngá le ATO a chur in úsáid;

(4) Cuid maidir le hAimsiú Traenacha: faisnéis maidir leis an aistriú chuig an gcóras um aimsiú traenacha a chomhlíonann STI;

(5) Cásanna Sonracha: faisnéis maidir le deireadh a chur le cásanna sonracha de réir a chéile;

(6) Fochórais CCS ar bord;

(7) Faisnéis airgeadais taobh riain agus ar bord.

Pleanáil (léarscáileanna líonra) lena soláthraítear forbhreathnú ar athruithe as seo go ceann 20 bliain a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(1) Cuid maidir le Cosaint Traenacha:

   (a) Léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí a chuirfear ETCS i mbun seirbhíse; Faisnéis maidir le línte trasteorann agus nóid;

   (b) Más infheidhme, léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí nach gceadófar oibriú Aicme B a thuilleadh nó nach mbeidh ach oibriú ETCS éigeantach; agus mura cosúil leis sin é, léarscáil líonra ina bhfuil dátaí i gcás ina dtógfar córas Aicme B as seirbhís;

(2) Cuid an Raidió:

   (a) Léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí a chuirfear GSM-R i mbun seirbhíse; Faisnéis maidir le línte trasteorann agus nóid;

   (b) Más infheidhme, léarscáil líonra ina bhfuil dátaí le feiceáil faoin tráth nach gceadaítear oibriú Raidió Aicme B a thuilleadh; agus mura cosúil leis sin é, léarscáil líonra ina bhfuil dátaí i gcás ina dtógfar Córas Raidió Aicme B as seirbhís;

([40]) Soláthraítear an teimpléad iomlán don Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme i bhFoscríbhinn H.

(c) Léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí a chuirfear FRMCS i mbun seirbhíse;

(d) Más infheidhme, léarscáil líonra ina bhfuil dátaí le feiceáil faoin tráth nach gceadaítear oibriú GSM-R a thuilleadh; agus mura cosúil leis sin é, léarscáil líonra ina bhfuil dátaí i gcás ina dtógfar Córas GSM-R as seirbhís;

(3) Cuid ATO:

(a) Más infheidhme, léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí a chuirfear ATO i mbun seirbhíse; Faisnéis maidir le línte trasteorann agus nóid;

(4) Cuid maidir le hAimsiú Traenacha:

(a) Léarscáil líonra ina bhfuil na dátaí a chuirfear córas um aimsiú traenacha a chomhlíonann STI i mbun seirbhíse; Faisnéis maidir le línte trasteorann agus nóid;

(5) Fochórais CCS ar bord, le faisnéis roghnach maidir le feithiclí trasteorann.

### 7.5. **Rialacha maidir le seiceálacha comhoiriúnachta idir ETCS agus córas raidió a chur chun feidhme**

Feithiclí atá ann cheana, agus an cineál feithicle comhfhreagrach dá gcuid, atá feistithe le ETCS agus RMR, measfar go bhfuil siad comhoiriúnach do ETCS agus le cineálacha comhoiriúnachta córais raidió na líonraí ar a n-oibrítear iad in éineacht le ETCS agus RMR faoin 16 Eanáir 2020 gan aon seiceáil bhreise, agus na srianta nó coinníollacha úsáide atá ann cheana á gcoinneáil ar bun.

Aon mhodhnú dá éis sin ar an bhfeithicil, ar an gcineál feithicle comhfhreagrach dá cuid nó ar an mbonneagar maidir leis an gcomhoiriúnacht theicniúil nó le comhoiriúnacht bealaigh, bainisteofar an modhnú sin de réir na gceanglas a shonraítear le haghaidh ETCS agus na Comhoiriúnachta Córais Raidió sa tSonraíocht Theicniúil seo don Idir-Inoibritheacht.

### 7.6. **Rialacha sonracha maidir le córais um aimsiú traenacha a chur chun feidhme**

I gcomhthéacs na Sonraíochta Teicniúla seo don Idir-Inoibritheacht, ciallaíonn córas um aimsiú traenacha an trealamh a shuiteáiltear taobh riain, lena ndéantar a bhrath cé acu atá nó nach bhfuil feithiclí ar líne bhealaigh iomlán nó ar chuid áitiúil di.

Córais taobh riain (e.g. córais chomhghlasála nó córais rialaithe crosairí comhréidhe) lena n-úsáidtear faisnéis ó threalamh aimsithe, ní mheastar gur codanna den chóras um aimsiú traenacha iad.

Ní shonraítear leis an tSonraíocht Theicniúil seo don Idir-Inoibritheacht na ceanglais le haghaidh an chomhéadain le rothstoc ach a mhéid is gá chun an chomhoiriúnacht a áirithiú idir rothstoc lena gcomhlíontar STI agus Rialú agus Ceannas agus Comharthaíocht Taobh Riain.

Córas um aimsiú traenacha a chur chun feidhme a chomhlíonfaidh ceanglais na Sonraíochta Teicniúla seo don Idir-Inoibritheacht, is féidir é sin a dhéanamh go neamhspleách ar ETCS nó GSM-R a shuiteáil.

Urramófar ceanglais na Sonraíochta Teicniúla seo don Idir-Inoibritheacht a bhaineann le córais um aimsiú traenacha sna cásanna seo a leanas:

(1) uasghrádú á dhéanamh ar an gcóras um aimsiú traenacha;

(2) athnuachan á dhéanamh ar an gcóras um aimsiú traenacha, ar choinníoll nach dtuigfear as ceanglais na Sonraíochta Teicniúla seo don Idir-Inoibritheacht a urramú go ndéanfar modhnuithe nó uasghráduithe nach bhfuil á n-iarraidh ar chórais eile taobh riain nó ar bord;

(3) athnuachan á dhéanamh ar an gcóras um aimsiú traenacha, i gcás ina gceanglófar sin le huasghrádú nó le hathnuachan na gcóras traenach taobh riain a úsáideann faisnéis ón gcóras um aimsiú traenacha;

(4) córais cosanta traenacha Aicme B á mbaint i gcás ina mbeidh na córais um aimsiú traenacha agus na córais chosanta traenach comhtháite.

Sa chéim um aistriú, beifear cúramach chun a áirithiú nach mbeidh, de thoradh córas um aimsiú traenacha a shuiteáil lena gcomhlíonfar STI, ach tionchar diúltach fíor-bheag ar an rothstoc atá ann cheana nach gcomhlíonann STI.

Chun é sin a bhaint amach, moltar go roghnóidh an Bainisteoir Bonneagair córas um aimsiú traenacha lena gcomhlíonfar STI agus atá comhoiriúnach, an tráth céanna, don rothstoc nach gcomhlíonann STI agus atá á oibriú ar an mbonneagar sin cheana féin.

### 7.7. **Cásanna sonracha**

#### 7.7.1. *Réamhrá*

Ceadaítear na forálacha speisialta seo a leanas sna cásanna sonracha thíos.

Baineann na cásanna sonracha sin le dhá chatagóir: tá feidhm bhuan (cás 'P') nó feidhm shealadach ag na forálacha, is é sin, tá siad sin le baint roimh 2040 (cás 'T') nó roimh dháta atá le sonrú tar éis an phróisis athscrúdaithe a shainítear in Airteagal 13(5) den Rialachán seo (cás 'T2').

Na cásanna sonracha a leagtar amach i bpointí thíos, léifear iad i gcomhar leis na pointí ábhartha de Chaibidil 4 agus/nó leis na sonraíochtaí dá dtagraítear sa Chaibidil sin.

Cuirtear na cásanna sonracha in ionad na gceanglas comhfhreagrach a leagtar amach i gCaibidil 4.

Maidir leis na ceanglais a leagtar amach sa phointe ábhartha de Chaibidil 4, i gcás nach mbeidh siad faoi réir cás sonrach, níl na ceanglais sin dúbailte i bpointí thíos agus leantar d'fheidhm a bheith acu, gan mhodhnú.

An measúnú ar na cásanna sonracha a bhaineann le paraiméadair bhunúsacha 4.2.10 agus 4.2.11 i gcás ina léireofar i gcolún na Nótaí mar 'is infheidhme maidir le feithiclí', is é an Comhlacht faoina dTugtar Fógra de chuid an Fhochórais Rothstoic a dhéanfaidh an measúnú sin.

Gach cás sonrach agus na dátaí ábhartha a bhaineann leo, athscrúdófar iad le linn athbhreithnithe amach anseo ar STI d'fhonn a raon feidhme geografach agus teicniúil a theorannú bunaithe ar mheasúnú ar a dtionchar ar an tsábháilteacht, an idir-inoibritheacht, seirbhísí trasteorann, conairí TEN-T, agus ar na tionchair eacnamaíocha agus phraiticiúla a bhaineann leis na cásanna sin a choimeád nó deireadh a chur leo. Tabharfar aird ar leith ar infhaighteacht an chistiúcháin ón Aontas. Déanfar athscrúdú ar na córais um aimsiú traenacha agus ar na dátaí deiridh comhfhreagracha de réir Airteagal 13 (5) den Rialachán seo.

Beidh cásanna sonracha teoranta don bhealach nó don líonra i gcás ina mbeidh fíorghá leo agus cuirfear san áireamh iad trí nósanna imeachta comhoiriúnachta bealaigh.

7.7.2. *Liosta na gcásanna sonracha*

7.7.2.1. An Bheilg

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.2.3:<br>Is é 16 000 mm ar a laghad an fad idir acastóir tosaigh agus acastóir deiridh L - (b1 + b2) (Fíor.1). | T | Is infheidhme ar HS L1<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid TVM. |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.7:<br>Is é 40 t ar a laghad meáchan feithicle aonair nó traenach doscartha.<br>Más rud é gur lú ná 90 t é meáchan feithicle aonair nó traenach doscartha, beidh córas san fheithicil lena n-áiritheofar go mbeidh ag an siúntadh bonn leictreach is mó ná 16 000 mm nó cothrom leis. | T | Is infheidhme ar HS L1, L2, L3, L4<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid TVM. |

7.7.2.2. RA le haghaidh Thuaisceart Éireann

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.3.1:<br>Is é 127 mm leithead íosta an fhonsa rothair ($B_R$) le haghaidh líonra ar leithead rianta 1 600 mm. | T | Is infheidhme i dTuaisceart Éireann |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.3.3:<br>Is é 24 mm an tiús íosta feire ($S_d$) le haghaidh líonra ar leithead rianta 1 600 mm. | T | Is infheidhme i dTuaisceart Éireann |

| | | |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.4.1:<br>I dteannta na gceanglas i bpointe 3.1.4.1, maidir le hilaonaid a ghreanáil chun críche tarraingthe:<br>(a) ní cheadaítear déanamh amhlaidh chun tosaigh ar an bpríomhacastóir faoi bhun 40 km/h; agus<br>(b) ní cheadaítear déanamh amhlaidh ach amháin i gcás inar féidir a léiriú go mbeidh sé acastóir eile ar a laghad de chuid an ilaonaid chun tosaigh ar shuíomh an leagtha. | T | |
| 4.2.12. ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)<br>Innéacs 6:<br>Is ceadmhach méarchlár alfa-uimhriúil a úsáid chun uimhir reatha na traenach a iontráil más rud é go gceanglaítear leis an riail theicniúil dá dtugtar fógra chun na críche sin go dtacófar le huimhreacha reatha traenach alfa-uimhriúla. | T | Níl aon tionchar ar an idir-inoibritheacht ann. |
| 4.2.12. ETCS DMI (Comhéadan Tiománaí Meaisín)<br>Innéacs 6:<br>Is ceadmhach go dtaispeánfar le DMI ETCS faisnéis dhinimiciúil faoin luas traenach i mílte san uair (agus 'mph' á léiriú) i mbun oibriúcháin ar chodanna de líonra príomhlíne na Breataine Móire. | T | Níl aon tionchar ar an idir-inoibritheacht ann. |

7.7.2.3. An Fhrainc

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.2.3:<br>Is é 16 000 mm ar a laghad an fad idir acastóir tosaigh agus acastóir deiridh L - (b1 + b2) (Fíor.1). | T2 | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid na gciorcad riain lena n-úsáidtear ailt leictreacha. |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.9:<br>An fhriotaíocht leictreach idir dromchlaí reatha na rothaí urchomhaireacha ar fhoireann rothaí, ní sháraíonn sí 0,05 Ohm, arna thomhas le voltas idir 1,8 VDC agus 2,0 VDC (ciorcad oscailte).<br>Ina theannta sin, i gcás foireann rothaí neamhghnách (ní mór a thuiscint le 'foireann rothaí neamhghnách' gur dhá roth monabhloic atá ann a shocraítear ar acastóir miotalach), an fhreasaitheacht leictreach idir dromchlaí reatha na rothaí urchomhaireacha ar fhoireann rothaí, ní sháraíonn sí f/100 mOhm i gcás ina mbeidh f idir 500 Hz agus 40 kHz, faoi shruth tomhais 10 ARMS agus faoi voltas oscailte 2 VRMS ar a laghad. | T2 | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás sonrach sin agus an pointe oscailte, a bhaineann leis an mbainistíocht mhinicíochta le haghaidh ciorcaid riain, dúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.7:<br>Is é 40 t ar a laghad meáchan feithicle aonair nó traenach doscartha.<br>Más rud é gur lú ná 90 t é meáchan feithicle aonair nó traenach doscartha, beidh córas san fheithicil sin lena n-áiritheofar go mbeidh ag an siúntadh fad is mó ná 16 000 mm nó cothrom leis idir na hacastóirí atá á leanúint, mar a shainítear in ERA/ERTMS/033281. | T | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid TVM. |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.3.2:<br>Ní lú Toise D (Fíor 2) ná:<br>450 mm go neamhspleách ar an luas | T | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.4.1.<br>I dteannta cheanglais STI, is é seo a leanas méid uasta ceadaithe an ghainimh in aghaidh an aonaid agus in aghaidh an iarnróid laistigh de 30 s: 750 g. | T2 | Tá an cás sonrach sin nasctha le húsáid na gciorcad riain ag a bhfuil íogaireacht níos airde maidir leis an gciseal aonraithe idir rothaí agus ráillí i ngeall ar an ngreanáil ar Líonra na Fraince. |

7.7.2.4. An Pholainn

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.9:<br>An fhriotaíocht leictreach idir dromchlaí reatha na rothaí urchomhaireacha ar fhoireann rothaí, ní sháraíonn sí 0,05 Ohm, arna thomhas le voltas idir 1,8 VDC agus 2,0 VDC (ciorcad oscailte).<br>Ina theannta sin, an fhreasaitheacht leictreach idir dromchlaí reatha na rothaí urchomhaireacha ar fhoireann rothaí, ní sháraíonn sí f/100 mOhm i gcás ina mbeidh f idir 500 Hz agus 40 kHz, faoi shruth tomhais 10 ARMS agus faoi voltas oscailte 2 VRMS ar a laghad. | T | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás sonrach sin agus an pointe oscailte, a bhaineann leis an mbainistíocht mhinicíochta le haghaidh ciorcaid riain, dúnta. |

7.7.2.5. An Liotuáin, an Laitvia agus an Eastóin

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.3.3:<br>Is é 20 mm an tiús íosta feire ($S_d$) le haghaidh líonra ar leithead rianta 1 520 mm. | T | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a oibrítear innill féinghluaiste ČME ar líonra 1 520 mm. |

<table>
<tr>
<td>4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.3.4:<br>Is é 26,25 mm an tiús íosta feire ($S_h$) le haghaidh líonra ar leithead rianta 1 520 mm.</td>
<td>T</td>
<td>Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a oibrítear innill féinghluaiste ČME ar líonra 1 520 mm.</td>
</tr>
<tr>
<td>4.2.11. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain<br>Innéacs 77, pointe 3.2.2.4:<br>Na teorainneacha agus na paraiméadair atá bainteach chun meastóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí rothstoic, soláthraítear sa tábla seo a leanas iad:
<table>
<tr><th>Raon minicíochta</th><th>Teorainn an tsrutha trasnaíochta [luach rms]</th></tr>
<tr><td>15 – 21 Hz<br>21 – 29 Hz<br>29 – 35 Hz<br>65 – 85 Hz<br>167 – 184 Hz<br>408 – 432 Hz<br>468 – 492 Hz<br>568 – 592 Hz<br>708 – 732 Hz<br>768 – 792 Hz<br>4 462,5 – 4 537,5 Hz<br>4 507,5 – 4 582,5 Hz<br>4 962,5 – 5 037,5 Hz<br>5 462,5 – 5 537,5 Hz<br>5 517,5 – 5 592,5 Hz</td><td>4,1 A<br>1,0 A<br>4,1 A<br>4,1 A<br>0,4 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,2 A<br>0,2 A<br>0,2 A<br>0,2 A<br>0,2 A</td></tr>
</table>
</td>
<td>T</td>
<td>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid ALSN ar an líonra 1 520 mm.</td>
</tr>
<tr>
<td>4.2.11. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain<br>Innéacs 77, pointe 3.2.2.6:<br>Na teorainneacha agus na paraiméadair atá bainteach chun meastóireacht a dhéanamh ar astaíochtaí rothstoic, soláthraítear sa tábla seo a leanas iad:
<table>
<tr><th>Raon minicíochta</th><th>Teorainn an tsrutha trasnaíochta [luach rms]</th></tr>
<tr><td>19 – 21 Hz<br>21 – 29 Hz<br>29 – 31 Hz<br>40 – 46 Hz<br>46 – 54 Hz<br>54 – 60 Hz<br>167 – 184 Hz<br>408 – 432 Hz<br>468 – 492 Hz<br>568 – 592 Hz<br>708 – 732 Hz<br>768 – 792 Hz<br>4 507,5 – 4 582,5 Hz<br>4 962,5 – 5 037,5 Hz<br>5 517,5 – 5 592,5 Hz</td><td>11,6 A<br>1,0 A<br>11,6 A<br>5,0 A<br>1,3 A<br>5,0 A<br>0,4 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,35 A<br>0,2 A<br>0,2 A<br>0,2 A</td></tr>
</table>
</td>
<td>T</td>
<td>Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá an Cás Sonrach sin nasctha le húsáid ALSN ar an líonra 1 520 mm</td>
</tr>
</table>

7.7.2.6. An tSualainn

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.4. Feidhmeanna cumarsáide soghluaiste d'iarnróid RMR<br>Innéacs 33, pointe 4.2.3:<br>Fochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht ar bord, lena n-áirítear raidiónna gutha cábáin 2 Vat GSM-R, is ceadmhach iad a chur ar an margadh. Beidh na fochórais in ann oibriú i líonraí ina bhfuil −82 dBm. | P | Gan aon tionchar ar an idir-inoibritheacht |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.2.1:<br>Fad uasta acastóra idir dhá acastóir ≤ 17,5 m ai i bhFíor 1, pointe 3.1.2.1. | P | Is infheidhme ar fheithiclí |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.2.3:<br>Fad uasta acastóra idir an chéad acastóir agus an t-acastóir deireanach ≥ 4,5 m L-b1-b2 i bhFíor 1, pointe 3.1.2.3. | P | Is infheidhme ar fheithiclí |
| 4.2.11. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain<br>Innéacs 77, pointe 3.2.2.5:<br>Raon minicíochta: 0,0-2.0 Hz<br>Teorainn an tsrutha trasnaíochta [luach rms]: Modh meastóireachta 25,0 A: Scagaire Ísealbhealaigh<br>Paraiméadair mheastóireachta: (Íos-sampláil go 1 kHz arna leanúint le) scagaire ísealbhealaigh Butterworth 2,0 Hz den 4ú hord, arna leanúint le coigeartóir idéalach chun an dearbhluach a thabhairt.<br>An sruth trasnaíochta uasta le haghaidh feithicil iarnróid, ní mór nach sáróidh sé 25,0 A sa raon minicíochta 0,0-2,0 Hz. Féadfaidh sruth brúchta isteach 450 A a shárú ar feadh tréimhse is giorra ná 1,5 soicind agus 25 A ar feadh tréimhse is giorra ná 2,5 soicind. | P | Is infheidhme ar bhonneagar<br>Is infheidhme ar fheithiclí |

7.7.2.7. Lucsamburg

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.4.1:<br>(1) Aschur na bhfeistí greanála a bheidh feistithe ar an bhfeithicil, ní sháróidh sé 0.3 l in aghaidh an nóiméid in aghaidh an ráille.<br>(2) Tá toirmeasc ar an ngreanáil sna stáisiúin a shainaithnítear sa chlár bonneagair. | T | |

| | | |
|---|---|---|
| (3) Tá toirmeasc ar an nGreanáil i limistéar na lasc.<br>(4) I gcás coscánú éigeandála, ní bheidh feidhm ag aon srian. | | |
| 4.2.11. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain<br>Innéacs 77, pointe 3.2.2.3:<br>Maidir le rothstoc a thomhas agus meastóireacht a dhéanamh air le ciorcaid riain aonaracha, déanfar amhlaidh de réir dhoiciméad GI.II.STC-VF (paraiméadair A1, A4, V2 agus D1). | T | Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a úsáidtear ciorcaid riain (minicíocht oibriúcháin 83,3 Hz).<br>Tá Doiciméad GI.II.STC.VF ar fáil ar shuíomh gréasáin NSA LU ([1]). |
| 4.2.11. Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach idir Rothstoic agus trealamh um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht taobh riain<br>Innéacs 77, pointe 3.2.2.3:<br>Maidir le rothstoc a thomhas agus meastóireacht a dhéanamh air le ciorcaid riain aonaracha, déanfar amhlaidh de réir dhoiciméad GI.II.STC-VF (paraiméadair A5, V2 agus D2). | T | Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a úsáidtear ciorcaid riain (minicíocht oibriúcháin 125 Hz).<br>Tá Doiciméad GI.II.STC.VF ar fáil ar shuíomh gréasáin NSA LU. |

([1]) Ciallaíonn an t-acrainm 'NSA LU' 'Údarás Sábháilteachta Náisiúnta Lucsamburg': Administration des Chemins de Fer (ACF), www.railinfra.lu (website).

7.7.2.8. An Ghearmáin

| Cás sonrach | Catagóir | Nótaí |
|---|---|---|
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.7.1:<br>Is é 5 t ualach íosta acastóra na bhfeithiclí a rithfear ar línte sonracha a léirítear sa chlár bonneagair.<br>Níl feidhm ag an gcás sonrach sin ach amháin maidir le feithiclí; ní mhodhnaítear leis sin na ceanglais theicniúla maidir le córais um aimsiú traenacha a shonraítear in Innéacs 77 agus i bhforálacha phointe 7.2.8 a bhaineann lena gcur chun feidhme. | T | Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a úsáidtear ciorcaid riain de chineál WSSB. |
| 4.2.10. Córais um Aimsiú Traenacha Taobh Riain<br>Innéacs 77, pointe 3.1.2.2:<br>I gcás luas nach airde ná 140 km/h, ní lú in aon chás ná 1 000 mm fad $a_i$ (Fíor 1) idir dhá acastóir i ndiaidh a chéile (a bhaineann leis na chéad 5 acastóir de chomhdhéanamh na traenach nó le tacar iomlán na n-acastóirí más rud é gur lú ná 5 an líon acastóirí).<br>Níl feidhm ag an gcás sonrach sin ach amháin maidir le feithiclí; ní mhodhnaítear leis sin na ceanglais theicniúla maidir le córais um aimsiú traenacha a shonraítear in Innéacs 77 agus i bhforálacha phointe 7.2.8 a bhaineann lena gcur chun feidhme. | T | Is infheidhme ar fheithiclí<br>Tá gá leis an gcás sonrach sin fad agus a úsáidtear cosaint crosairí comhréidh de chineál EBUET 80. |

| | | |
|---|---|---|
